

PARLAIMINT
NA hEORPA

COMHAIRLE
AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN
EORPACH

LÁMHLEABHAR COMHPHÁIRTEACH

MAIDIR LE GNÍOMHARTHA
ATÁ FAOI RÉIR AN
GHNÁTHNÓS IMEACHTA REACHTAIGH

A LEAGAN AMACH AGUS A DHRÉACHTÚ

Eagrán mhí Dheireadh Fómhair 2023

RÉAMHRÁ

Is féidir le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún leas a bhaint as an Treoirleabhar Comhchleachtais (TCC), Treoirleabhar a chomhaontaigh siad go compháirteach, chun gníomhartha atá faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh a dhréachtú¹. Mar sin féin, ós rud é go gclúdaíonn TCC gníomhartha dlí uile an Aontais, tá sé an-leathan ó thaobh raon feidhme de. Ina theannta sin, tá treoirlínte bunúsacha maidir le dréachtú reachtaíochta tugtha in TCC, ach ní leagtar síos ann aon rialacha mionsonraithe maidir le dréachtú agus is beag foclaíocht chaighdeánach atá ann. Measadh, dá bhrí sin, gurbh úsáideach TCC a fhorlíonadh agus doiciméad ina mbeadh treoirlínte maidir le leagan amach agus foclaíocht chaighdeánach gníomhartha atá faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh a chur leis. Sin cuspóir an Lámhleabhair Chomhpháirtigh seo, lámhleabhar a dhréachtaigh seirbhísí dlí agus dlítheangeolaíoch na dtrí institiúid. Leis an Lámhleabhar Comhpháirteach seo, éascófar an comhar idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún faoi chuimsiú an ghnáthnós imeachta reachtaigh de réir bhrí an Dearbhaithe Chomhpháirtigh uathu an 13 Meitheamh 2007².

Is iad na seirbhísí riaracháin a dhréachtaigh an Lámhleabhar Comhpháirteach agus, dá bhrí sin, níl sé ceangailteach ar na comhlachtaí polaitiúla a ghlacann páirt sa phróiseas reachtach. Is é an t-aon chuspóir amháin atá leis an Lámhleabhar Comhpháirteach, go háirithe sa chás ina moltar foclaíocht chaighdeánach, uirlis a chur ar fáil do dhréachtóirí, uirlis inar féidir leo teacht ar réitigh ar fhadhbanna dréachtóireachta i gcásanna iomchuí.

Chomh maith leis sin, díríonn an Lámhleabhar Comhpháirteach ar an leagan críochnaitheach de ghníomhartha reachtacha, de réir mar a glacadh iad ag deireadh an ghnáthnós imeachta reachtaigh. D'fhéadfadh an fhoclaíocht i leaganacha níos luaithe de na téacsanna sin, go háirithe an togra ón gCoimisiún, a bheith éagsúil ar roinnt bealaí, ós rud é, mar shampla nach raibh aon eolas ann, ag an am, faoi chéimeanna áirithe den ghnáthnós imeachta reachtach.

Féadfaidh an fhoclaíocht a úsáidtear i ngníomhartha uathrialacha na n-institiúidí, ar gníomhartha iad nach nglactar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a bheith éagsúil ón bhfoclaíocht a mholtar sa Lámhleabhar Comhpháirteach seo.

¹ "An Treoirleabhar Comhchleachtais ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún dóibh siúd atá rannpháirteach i ndréachtú reachtaíochta an Aontais Eorpaigh".

Leagtar amach an leagan arna nuashonrú in 2014 in [Iarscríbhinn I](#).

² [Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2007 maidir le Socruithe Praiticiúla i ndáil leis an Nós Imeachta Comhchinnteoireachta \(Airteagal 251 CCE\) \(IO C 145, 30.6.2007, lch. 5\).](#)

CLÁR

A.	CUID A — GNÍOMH EISEAMLÁIREACH	1
B.	CUID B — STRUCHTÚR CAIGHDEÁNACH NA dTÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN.....	9
C.	CUID C — FOCLAÍOCHT CHAIGHDEÁNACH	11
C.1.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE	11
C.1.1.	Aithris.....	11
C.1.2.	Airteagail	12
C.1.2.1.	Airteagal(Airteagail) lena ndéantar cumhacht a tharmligean	12
C.1.2.2.	Airteagal a bhaineann leis an tarmligean a fheidhmiú	13
C.1.2.3.	Airteagal forlíontach atá le cur isteach i gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta práinne.....	14
C.2.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME.....	15
C.2.1.	Gníomhartha cur chun feidhme atá faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit	15
C.2.1.1.	Aithrisí.....	15
C.2.1.1.1.	Aithris atá le cur isteach i gcónaí i gcás ina ndéantar foráil leis an ngníomh bunúsach dlí maidir le cumhachtaí cur chun feidhme atá faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit	15
C.2.1.1.2.	Aithrisí atá le cur isteach i gcásanna sonracha	16
C.2.1.2.	Airteagail	16
C.2.2.	Gníomhartha cur chun feidhme nach bhfuil faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit	19
C.3.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN gCÓDÚ	21
C.3.1.	Teideal	21
C.3.2.	Aithrisí.....	22
C.3.2.1.	An chéad aithris.....	22
C.3.2.2.	An aithris dheireanach i gcás treoir chódaitheach	22

C.3.3.	Airteagail	23
C.3.3.1.	Airteagal lena n-aisghairtear rialachán nó cinneadh	23
C.3.3.2.	Airteagal lena n-aisghairtear treoir	23
C.3.4.	Iarscríbhinní a bhaineann go sonrach leis an gcódú	24
C.3.4.1.	I ngníomhartha lena ndéantar códú ar rialacháin nó ar chinntí	24
C.3.4.2.	I dtreoracha códaitheacha	24
C.3.4.3.	I ngach gníomh códaitheach	25
C.4.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN ATHMHÚNLÚ.....	26
C.4.1.	Teideal	26
C.4.2.	Aithrisí agus airteagail chaighdeánacha a bhaineann go sonrach le treoracha athmhúnlaithe.....	26
C.4.2.1.	An chéad aithris	26
C.4.2.2.	Na haithrisí deireanacha.....	27
C.4.2.3.	Na hairteagail roimh an airteagal deireanach lena ndéantar na seolaithe a ainmniú	28
C.4.3.	Aithrisí agus airteagail chaighdeánacha a bhaineann go sonrach le rialacháin agus cinntí athmhúnlaithe	31
C.4.3.1.	An chéad aithris	31
C.4.3.2.	An t-airteagal roimh an airteagal deireanach maidir leis an teacht i bhfeidhm	32
C.4.4.	Iarscríbhinní	32
C.4.4.1.	I dtreoir athmhúnlaithe	32
C.4.4.2.	I rialachán nó cinneadh athmhúnlaithe a bhfuil leasú déanta air	34
C.4.4.3.	I ngach gníomh athmhúnlaithe	34
C.5.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE PRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHRÉIREACHTA.....	35
C.5.1.	Coimhdeacht agus comhréireacht.....	35
C.5.2.	Comhréireacht	36
C.5.3.	Maolú ar an gceanglas fanacht go dtí an spriocdháta do thuairimí réasúnaithe na bparlaimintí náisiúnta	36

C.6.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE COMHAIRLIÚCHÁIN NACH bhFORÁILTEAR DÓIBH SNA CONARTHAÍ	37
C.7.	FOCLAÍOCHT LENA LEAGTAR SÍOS SAINMHÍNITHE	37
C.8.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LE GNÍOMHARTHA LEASAITHEACHA	38
C.8.1.	Foclaíocht réamhráiteach	38
C.8.1.1.	I gcás ina ndéantar roinnt leasuithe ar ghníomh.....	38
C.8.1.2.	I gcás ina ndéantar roinnt leasuithe ar shliocht	39
C.8.2.	Téacs nua a chur in ionad an téacs atá ann	39
C.8.3.	Téacs a chur isteach	40
C.8.3.1.	Foclaíocht.....	40
C.8.3.2.	Uimhriú	41
C.8.4.	Cur le téacs	41
C.8.4.1.	Foclaíocht.....	41
C.8.4.2.	Uimhriú	42
C.8.5.	Téacs a scriosadh	42
C.8.5.1.	Foclaíocht.....	42
C.8.5.2.	Uimhriú	43
C.8.6.	I gcás ina ndéantar leasuithe ar iarscríbhinn amháin nó níos mó	43
C.8.6.1.	Leagan amach caighdeánach (leasuithe atá in iarscríbhinn) .	43
C.8.6.2.	Riail speisialta maidir leis an leagan amach i gcás leasú simplí (trí bhíthin leasú díreach sna hairteagail)	45
C.8.7.	Leasuithe nach bhfuil infheidhme maidir le teanga ar leith...	45
C.9.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE HAISGHAIRMEACHA AGUS LE SÍNTÍ	46
C.9.1.	Aisghairm.....	46
C.9.2.	Síneadh	46

C.10.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE TEACHT I bhFEIDHM AGUS LE CUR I bhFEIDHM I dTACA LE hAM	46
C.10.1.	Teacht i bhfeidhm	46
C.10.2.	Cur i bhfeidhm i dtaca le ham	47
C.11.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE hINFHEIDHMEACHT DHÍREACH AGUS LE SEOLAITHE	48
C.11.1.	Infheidhmeacht dhíreach rialachán	48
C.11.2.	Seolaithe treoracha	48
C.11.3.	Seolaithe cinntí	49
C.12.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LE GNÍOMHARTHA "SCHENGEN" AGUS LE GNÍOMHARTHA EILE A THAGANN FAOI RÉIM CHUID A TRÍ DE THEIDEAL V CFAE	49
C.12.1.	Gníomhartha "Schengen"	49
C.12.1.1.	An Íoslainn agus an Iorua – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm	49
C.12.1.2.	An Eilvéis – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon airteagal de CFAE seachas Airteagail 82 go 89 (sean-Chuid a Trí de Theideal IV CCE)	49
C.12.1.3.	An Eilvéis – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon cheann d'Airteagail 82 go 89 CFAE (sean-Teideal VI CAE) ...	51
C.12.1.4.	Lichtinstéin – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon airteagal de CFAE seachas Airteagail 82 go 89 (sean-Chuid a Trí de Theideal IV CCE)	52
C.12.1.5.	Lichtinstéin – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon cheann d'Airteagail 82 go 89 CFAE (sean-Teideal VI CAE) ...	53
C.12.1.6.	An Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis – rannpháirtíocht i gcoistí	54
C.12.1.7.	An Danmhairg – neamh-rannpháirtíocht (maille le féidearthacht i dtaca le rannpháirtíocht)	54

C.12.1.8.	Éire– rannpháirtíocht	54
C.12.1.9.	Éire – neamh-rannpháirtíocht	55
C.12.1.10.	Ballstáit nua nár ghabh éifeacht iomlán le <i>acquis</i> Schengen ina leith go fóill	55
C.12.2.	Gníomhartha eile a thagann faoi réim Chuid a Trí de Theideal V CFAE (gníomhartha nach forbairt ar <i>acquis</i> Schengen iad)	55
C.12.2.1.	An Danmhairg – aithris maidir lena seasamh speisialta	55
C.12.2.2.	Éire – aithris maidir lena seasamh speisialta: neamh-rannpháirtíocht	56
C.12.2.3.	Éire – aithris maidir lena seasamh speisialta: rannpháirtíocht	56
C.12.2.4.	Gníomhartha a ghabhann ionad gnímh atá ann agus atá ina cheangal cheana ar Éirinn (athmhúnlú de facto).....	56
C.13.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE TREORACHA A THRASUÍ	57
C.13.1.	Cur i bhfeidhm i ngach Ballstát laistigh de thréimhse shocraithe nó faoi spriocdháta socraithe.....	57
C.13.2.	Cur i bhfeidhm ón dáta céanna sna Ballstáit uile	58
C.13.3.	Glacadh, foilsiú agus cur i bhfeidhm i ngach Ballstát laistigh de thréimhse shocraithe nó faoi spriocdháta socraithe.....	58
C.13.4.	Ballstáit a bhfuil forálacha acu cheana a chomhlíonann ceanglais na treorach	58
C.13.5.	Ceart simplí chun bearta a ghlacadh	59
C.13.6.	Gaol idir forálacha na treorach agus na bearta náisiúnta trasuite.....	59
C.14.	FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE PIONÓIS/SMACHTBHANNAÍ AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA.....	59
C.14.1.	I rialachán.....	59
C.14.2.	I dtreoir	59

D.	CUID D — RIALACHA BREISE MAIDIR LE DRÉACHTÚ	60
D.1.	AN TEIDEAL IOMLÁN A DHRÉACHTÚ	60
D.1.1.	Ginearálta	60
D.1.2.	An t-ábhar lena mbaineann	60
D.1.3.	Uimhriú	60
D.1.4.	An teideal	61
D.1.4.1.	Achomaireacht.....	61
D.1.4.2.	Gníomhartha lena ndéantar gníomhartha a leasú nó a aisghairm.....	61
D.1.4.3.	Códú agus athmhúnlú.....	62
D.1.4.4.	Leasú ar Rialacháin Foirne na n-oifigeach.....	63
D.2.	LUANNA A DHRÉACHTÚ	63
D.2.1.	Ginearálta	63
D.2.2.	Luanna maidir leis an mbunús dlí	63
D.2.3.	Luanna maidir leis an dréachtghníomh a cuireadh faoi bhráid an reachtóra.....	63
D.2.4.	Lua maidir leis an dréachtghníomh a chur chuig na parlaimintí náisiúnta.....	64
D.2.5.	Luanna maidir le comhairliúcháin	64
D.2.5.1.	Comhairliúcháin nach mbíonn tuairim mar thoradh orthu	64
D.2.5.2.	I gcás ina n-eisítear níos mó ná tuairim amháin	64
D.2.5.3.	Comhairliúchán roghnach dá bhforáiltear sna Conarthaí	65
D.2.5.4.	Comhairliúchán nach bhforáiltear dó sna Conarthaí	65
D.2.6.	Lua maidir leis an nós imeachta reachtach	65
D.2.6.1.	Glacadh ar an gcéad léamh	65
D.2.6.2.	Glacadh ar an dara léamh	66
D.2.6.3.	Glacadh ar an tríú léamh.....	66

D.3.	AITHRISÍ A DHRÉACHTÚ	67
D.4.	NA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN A DHRÉACHTÚ.....	67
D.4.1.	Ginearálta	67
D.4.2.	Struchtúr caighdeánach	67
D.4.3.	Forannáin.....	68
D.4.4.	Liostaí	69
D.4.4.1.	Liosta in abairt gan foclaíocht réamhráiteach	69
D.4.4.2.	Liosta a bhfuil foclaíocht réamhráiteach roimhe.....	69
D.4.4.3.	Liostaí i dtáblaí	71
D.4.5.	Ceannteidil agus cláir.....	71
D.5.	IARSCRÍBHINNÍ A DHRÉACHTÚ.....	71
D.5.1.	Ginearálta	71
D.5.2.	Foirm, stíl agus uimhriú	71
D.5.3.	Clár	73
D.6.	TAGAIRTÍ INMHEÁNACHA.....	73
D.6.1.	Ginearálta	73
D.6.2.	Tagairtí ginearálta don ghníomh.....	73
D.6.3.	Tagairtí do luanna	73
D.6.4.	Tagairtí d'aithrisí	73
D.6.5.	Tagairtí do chuid áirithe de na téarmaí achtúcháin.....	73
D.6.5.1.	An téarmeolaíocht atá le húsáid	73
D.6.5.2.	Struchtúr na tagartha	74
D.6.5.3.	Níos mó ná tagairt amháin	75
D.6.5.4.	Nathanna is ceart a sheachaint sna tagairtí	76
D.6.6.	Tagairtí d'iarscríbhinní	77

D.7.	TAGAIRTÍ SEACHTRACHA.....	78
D.7.1.	Ginearálta	78
D.7.2.	Tagairtí do ghníomhartha de chuid an dlí phríomha	78
D.7.2.1.	Conarthaí.....	78
D.7.2.2.	Prótacail	80
D.7.2.3.	Ionstraimí aontachais	80
D.7.3.	Tagairtí do ghníomhartha dlí eile	81
D.7.3.1.	An gníomh dá dtagraítear a shainaithint.....	81
D.7.3.2.	An aithris dá dtagraítear a shainaithint	84
D.7.3.3.	An chuid den téarma achtúcháin dá dtagraítear a shainaithint	84
D.7.3.4.	An iarscríbhinn dá dtagraítear a shainaithint.....	84
D.7.4.	Tagairtí do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus do CECD.....	85
D.7.5.	Tagairtí do rúin agus do chinntí ó Pharlaimint na hEorpa	85
D.7.6.	Tagairtí do rúin ón gComhairle.....	85
D.7.7.	Tagairtí do theachtaireachtaí ón gCoimisiún.....	85
D.7.8.	Tagairtí do bhreith ón gCúirt Bhreithiúnais	86
D.7.9.	Tagairtí do chomhaontuithe idirnáisiúnta.....	87
D.7.10	Tagairtí do ghníomhartha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta	88
D.7.11	Tagairtí do ghníomhartha neamhcheangailteacha	88
D.7.12	Tagairtí d' <i>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh</i>	88
D.8.	TAGAIRTÍ DINIMICIÚLA AGUS TAGAIRTÍ STATACHA.....	88
D.8.1.	Tagairtí dinimiciúla	88
D.8.2.	Tagairtí statacha	89

D.9.	TAGAIRTÍ D'EINTITIS	90
D.9.1.	Tagairtí don Aontas agus do Chomhphobal Euratom	90
D.9.2.	Tagairtí d'institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais ...	90
D.9.3.	Tagairtí do na Ballstáit	92
D.9.4.	Tagairtí do thríú tíortha.....	92
D.10.	TAGAIRTÍ DO DHÁTAÍ AGUS DO THEORAINNEACHA AMA....	92
D.10.1.	Ginearálta	92
D.10.2.	Gníomhartha leasaitheacha	94
D.10.3.	Tús na dtréimhsí bailíochta.....	95
D.10.4.	Deireadh na dtréimhsí bailíochta	95
D.10.5.	Spriocdhátaí (teorainneacha ama).....	95
D.11.	TAGAIRTÍ DO THEANGACHA	96
D.12.	FONÓTAÍ aGUS TREORACHA D'OIFIG NA bhFOILSEACHÁN ..	96

IARSCRÍBHINN I	An Treoirleabhar Comhchleachtais ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún dóibh siúd atá rannpháirteach i ndréachtú reachtaíocht an Aontais Eorpaigh
IARSCRÍBHINN II	Struchtúr ginearálta gnímh atá faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh

Na nósanna marcála a úsáidtear sa Lámhleabhar seo

Úsáidtear an mharcáil seo a leanas sa Lámhleabhar seo d'fhonn inléiteacht a éascú: "Verdana" an cló a úsáidtear tríd síos seachas i gcás foclaíocht atá le cur isteach i ngníomhartha reachtacha, áit a n-úsáidtear "Times New Roman".

Chomh maith leis sin, úsáidtear an mharcáil seo a leanas sa Lámhleabhar le haghaidh foclaíocht chaighdeánach:

...	Foclaíocht roghnach, gan sampla de théacs léi
[xxxx]	Foclaíocht roghnach, agus sampla de théacs léi
[xxxx/xxxx]	Líon teoranta roghanna ó thaobh foclaíochta de
[xxxx/xxxx/....]	Leaganacha áirithe á moladh ach d'fhéadfadh roghanna eile a bheith ann freisin
xxxxx(xx)	Roghanna a bhaineann go sonrach le teanga, amhail firinscneach/baininscneach nó uimhir uatha/uimhir iolra
[xxxxxxxxxxxxx]	Mínithe (in Verdana)

A. CUID A — GNÍOMH EISEAMLÁIREACH

Téacs an ghnímh	Nóta tráchta
RIALACHÁN [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an ... [maidir le ...]	A.1. Teideal rialacháin Rialacha ginearálta is infheidhme: féach pointe <u>8</u> den Treoirleabhar Comhchleachtais (TCC) agus pointe D.1 Rialacha agus foclaíocht ar leith: – gníomhartha leasaitheacha: féach pointí <u>8.3</u>, <u>18.9</u> agus <u>18.10</u> TCC agus pointe D.1.4.2 – códú: féach pointe C.3.1 – athmhúnlú: féach pointe C.4.1
TREOIR (AE) [2015]/[1] Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an ... [maidir le ...]	A.2. Teideal treorach Rialacha ginearálta is infheidhme: féach pointe <u>8</u> TCC agus pointe D.1 Rialacha agus foclaíocht ar leith: – gníomhartha leasaitheacha: féach pointí <u>8.3</u>, <u>18.9</u> agus <u>18.10</u> TCC agus pointe D.1.4.2 – códú: féach pointe C.3.1 – athmhúnlú: féach pointe C.4.1
CINNEADH (AE) [2015]/[1] Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an ... [maidir le ...]	A.3. Teideal cinnidh Rialacha ginearálta is infheidhme: féach pointe <u>8</u> TCC agus pointe D.1 Rialacha agus foclaíocht ar leith: – gníomhartha leasaitheacha: féach pointí <u>8.3</u>, <u>18.9</u> agus <u>18.10</u> TCC agus pointe D.1.4.2 – códú: féach pointe C.3.1 – athmhúnlú: féach pointe C.4.1

Téacs an ghnímh	Nóta tráchtta
(códú)	B. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach códú. Féach pointe C.3.1
(athmhúnlú)	C. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach athmhúnlú. Féach pointe C.4.1
(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)	D. Foclaíocht atá le cur isteach i gcás ina bhfuil ábhar an ghnímh faoi réir an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,	E. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach gníomh
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal(Airteagail) ... de,	F. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach gníomh. Sonraigh an bunús dlí atá leis an ngníomh in CFAE. Rialacha is infheidhme: féach pointí <u>9.1</u> , <u>9.3</u> , <u>9.4</u> , <u>9.6</u> , <u>9.8</u> agus <u>9.13</u> TCC agus pointe D.2.2
Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal(Airteagail) ... de,	G. Foclaíocht nach bhfuil le cur isteach ach má tá débhunús dlí leis an ngníomh, ceann amháin in CFAE agus an ceann eile i gConradh Euratom. Sonraigh an bunús dlí atá leis an ngníomh i gConradh Euratom. Rialacha is infheidhme: féach pointí <u>9.1</u> , <u>9.3</u> , <u>9.4</u> , <u>9.6</u> , <u>9.8</u> agus <u>9.13</u> TCC agus pointe D.2.2

Téacs an ghnímh	Nóta tráchta
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,	H.1. Foclaíocht atá le cur isteach más togra ón gCoimisiún a chuir tús leis an ngnáthnós imeachta reachtach
Ag féachaint don tionscnamh ó/ón ... [ainmneacha na mBallstát],	H.2. Foclaíocht atá le cur isteach más ar thionscnamh aon cheathrú cuid de na Ballstáit a cuireadh tús leis an ngnáthnós imeachta reachtach (bunús dlí a d'fhéadfadh a bheith ann: Caibidil 4 agus Caibidil 5 de Theideal V de Chuid 3 CFAE, a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus comhar póilíneachta)
Ag féachaint don iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais,	H.3. Foclaíocht atá le cur isteach más de bhun iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais (bunús dlí a d'fhéadfadh a bheith ann: Airteagail 257 agus 281 CFAE, mar aon le Reacht na Cúirte) a cuireadh tús leis an ngnáthnós imeachta reachtach
Ag féachaint don mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach,	H.4. Foclaíocht atá le cur isteach más de bhun moladh ón mBanc Ceannais Eorpach (bunús dlí a d'fhéadfadh a bheith ann: Airteagal 129(3) CFAE) a cuireadh tús leis an ngnáthnós imeachta reachtach
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,	I. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach gníomh (fiú más rud é go mbaineann an gníomh le réimse a thagann faoi réim inniúlacht eisiach an Aontais

Téacs an ghnímh	Nóta tráchta
Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,	J. Foclaíocht atá le cur isteach i gcás inar thug an Coimisiún tuairim de bhun Airteagal 294(15), an dara fomhír, CFAE. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe <u>9.10</u> TCC. Más rud é nach raibh tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán, ní mór foclaíocht an lua a chur in oiriúint: féach pointe D.2.5.1 Maidir le rialacha eile is infheidhme, féach pointí D.2.5.2, D.2.5.3 agus D.2.5.4
Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais,	K. Foclaíocht atá le cur isteach má thug an Chúirt Bhreithiúnais tuairim uaithi, faoi mar a fhoráiltear sa bhunús dlí atá leis an ngníomh. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe <u>9.10</u> TCC. Mura raibh tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán, ní mór foclaíocht an lua a chur in oiriúint: féach pointe D.2.5.1 Maidir le rialacha eile is infheidhme, féach pointí D.2.5.2, D.2.5.3 agus D.2.5.4

Téacs an ghnímh	Nóta tráchta
Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,	L. Foclaíocht atá le cur isteach má thug an Banc Ceannais Eorpach tuairim faoi mar a fhoráiltear sa bhunús dlí atá leis an ngníomh nó in Airteagal 127(4) CFAE. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe <u>9.10</u> TCC. Mura raibh tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán, ní mór foclaíocht an lua a chur in oiriúint: féach pointe D.2.5.1 Maidir le rialacha eile is infheidhme, féach pointí D.2.5.2, D.2.5.3 agus D.2.5.4
Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,	M. Foclaíocht atá le cur isteach má thug an Chúirt Iniúchóirí tuairim uaithi faoi mar a fhoráiltear sa bhunús dlí atá leis an ngníomh nó in Airteagal 287(4), an dara fomhír, CFAE. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe <u>9.10</u> TCC. Mura raibh tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán, ní mór foclaíocht an lua a chur in oiriúint: féach pointe D.2.5.1 Maidir le rialacha eile is infheidhme, féach pointí D.2.5.2, D.2.5.3 agus D.2.5.4

Téacs an ghnímh	Nóta tráchta
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,	N. Foclaíocht atá le cur isteach i gcás inar thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim faoi mar a fhoráiltear sa bhunús dlí atá leis an ngníomh nó in Airteagal 304 CFAE. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe <u>9.10</u> TCC. Mura raibh tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán, ní mór foclaíocht an lua a chur in oiriúint: féach pointe D.2.5.1 Maidir le rialacha eile is infheidhme, féach pointí D.2.5.2, D.2.5.3 agus D.2.5.4
Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,	O. Foclaíocht atá le cur isteach má thug Coiste na Réigiún tuairim faoi mar a fhoráiltear sa bhunús dlí atá leis an ngníomh nó in Airteagal 307 CFAE. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe <u>9.10</u> TCC. Mura raibh tuairim mar thoradh ar an gcomhairliúchán, ní mór foclaíocht an lua a chur in oiriúint: féach pointe D.2.5.1 Maidir le rialacha eile is infheidhme, féach pointí D.2.5.2, D.2.5.3 agus D.2.5.4
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,	P.1. Foclaíocht atá le cur isteach má glacadh an gníomh ar an gcéad léamh nó ar an dara léamh. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointí D.2.6.1 agus D.2.6.2
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh a d'fhorghabh an Coiste Idir-réitigh an ...,	P.2. Foclaíocht atá le cur isteach i gcás inar glacadh an gníomh ar an tríú léamh. Maidir leis an bhfonóta a ghabhann leis an lua seo, féach pointe D.2.6.3

Téacs an ghnímh	Nóta tráchtá
De bharr an mhéid seo a leanas:	Q. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach gníomh
(1) ... (2) (...) ...,	R. Bíonn aithris amháin ar a laghad i ngach gníomh. Rialacha ginearálta is infheidhme maidir le haithrisí: féach pointí <u>10</u> agus <u>11</u> TCC agus pointe D.3 Rialacha agus foclaíocht ar leith: - gníomhartha tarmligthe: féach pointe C.1.1 - gníomhartha cur chun feidhme: féach pointí C.2.1.1 agus C.2.2 - códú: féach pointe C.3.2 - athmhúnlú: féach pointí C.4.2.1 agus C.4.2.2 i ndáil le treoracha agus C.4.3.1 i ndáil le rialacháin agus le cinntí - comhréireacht agus coimhdeacht: féach pointe <u>10.15</u> TCC agus C.5 - comhairliúcháin nach bhforáiltear dóibh sna Conarthaí: féach pointe C.6 - gníomhartha leasaitheacha: féach pointí <u>18.11</u> agus <u>18.12</u> TCC - gníomhartha 'Schengen' agus gníomhartha eile a thagann faoi réim Chuid a Trí de Theideal V CFAE: féach pointe C.12
TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:	S.1. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach rialachán
TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:	S.2. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach treoir

Téacs an ghnímh	Nóta tráchtta
TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:	S.3. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach cinneadh
<i>Airteagal 1</i> <i>Airteagal 2</i>	T. Más rud é nach bhfuil ach airteagal amháin sa ghníomh, cuirtear na focail ‘<i>Airteagal Aonair</i>’ in ionad an mhéid sin. Féadfar airteagail a ghrúpáil le chéile i gcodanna, i dteidil, i gcaibidlí agus i ranna nó a fhoroinnt i míreanna uimhrithe, i míreanna neamhuimhrithe, i bpointí agus i bhfleasca: féach pointí <u>4.4</u>, <u>4.5</u>, <u>7.3</u> agus <u>15.4</u> TCC agus pointe D.4.3 Maidir le struchtúr caighdeánach na dtéarmaí achtúcháin, féach cuid B. Maidir leis na rialacha ginearálta is infheidhme maidir leis na téarmaí achtúcháin: féach pointí <u>12</u> go <u>15</u> TCC agus pointe D.4
Arna dhéanamh/déanamh in/i/sa ..., an ...	U. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach gníomh. Ní chomhlánaítear é seo go dtí go bhfuiltear ar an eolas faoi áit agus dáta an tsínithe ag Uachtaráin na Parlaiminte agus na Comhairle.
<i>Thar ceann Pharlaimint na hEorpa Thar ceann na Comhairle</i> <i>An tUachtarán An tUachtarán</i>	V. Foclaíocht atá le cur isteach i ngach gníomh
IARSCRÍBHINN ...	W. Foclaíocht atá le cur isteach i gcás ina bhfuil iarscríbhinn amháin nó níos mó ag gabháil leis an ngníomh. Rialacha ginearálta is infheidhme maidir le hiarscríbhinní: féach pointe <u>22</u> TCC agus pointe D.5 Rialacha agus foclaíocht ar leith: – códú: féach pointe C.3.4 – athmhúnlú: féach pointe C.4.4 – gníomhartha leasaitheacha: féach pointe C.9.6

B. CUID B — STRUCHTÚR CAIGHDEÁNACH NA dTÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN

A mhéid is féidir, ba cheart struchtúr caighdeánach a bheith ag na téarmaí aachtúcháin. Dá bhrí sin, déileáiltear de ghnáth leis na hábhair a chumhdaítear san ord a thaispeántar sa tábla seo a leanas. Ní bhíonn gach ceann de na heilimintí a liostaítear sa tábla i ngach gníomh: níor cheart iad a chur isteach sa ghníomh lena mbaineann ach amháin más iomchuí.

Eilimint	Nóta tráchtá
1. Ábhar	Is é 'an t-ábhar' an ní lena mbaineann an gníomh. Féach pointe <u>13</u> TCC
2. Raon feidhme	Is é an 'raon feidhme' na catagóirí de staideanna fíorais nó dlí lena mbaineann an gníomh agus na daoine lena mbaineann sé. Féach pointí <u>4.2.1</u> agus <u>13</u> TCC
3. Sainmhínithe	Féach na rialacha a leagtar amach i bpointí <u>6</u> agus <u>14</u> TCC agus an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.7
4. Cearta agus oibleagáidí	Is é atá sna forálacha a bhaineann le cearta agus le hoibleagáidí an chuid den ghníomh atá normatach dáiríre, agus beidh an leagan amach a bheidh orthu ag brath ar chuspóir an ghnímh agus ar a chasta atá an córas dá bhforáiltear. Féach pointe <u>15</u> TCC
5. Gníomhartha tarmligthe	Féach na rialacha agus an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.1.2
6. Gníomhartha cur chun feidhme	Féach na rialacha agus an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.2.1.2
7. Rialacha nós imeachta	
8. Pionóis/smachtbhannaí ar an leibhéal náisiúnta	Féach an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.14
9. Leigheasanna atá le ráthú	

10. Forálacha lena leasaítear gníomhartha a bhí ann roimhe seo	Féach na rialacha agus an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointí <u>18</u> agus <u>19</u> TCC, mar aon le pointe C.8
11. Gníomhartha a bhí ann roimhe seo a aisghairm nó síneadh a chur leo	Féach: • na rialacha a leagtar amach i bpointe <u>21</u> TCC • an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.9 • an fhoclaíocht a bhaineann go sonrach leis an gcódú, a leagtar amach i bpointe C.3.3 • an fhoclaíocht a bhaineann go sonrach leis an athmhúnlú, a leagtar amach i bpointí C.4.2.3 agus C.4.3.2 Maidir leis an ngá na cúiseanna a bhaineann le haisghairm a lua, féach pointe <u>10.6</u> TCC
12. Forálacha idirthréimhseacha	Féach pointe <u>15.1</u> TCC
13. Cúnamh frithpháirteach agus faisnéis a chur in iúl	
14. Meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomh amach anseo	
15. Trasuí	Féach: • na rialacha a leagtar amach i bpointí <u>20.13</u> agus <u>20.14</u> TCC • an fhoclaíocht ghinearálta a leagtar amach i bpointe C.13 • an fhoclaíocht a bhaineann go sonrach leis an athmhúnlú, a leagtar amach i bpointe C.4.2.3
16. Teach i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm an ghnímh i dtaca le ham	Féach: • na rialacha a leagtar amach i bpointí <u>20.1</u> go <u>20.12</u> TCC • an fhoclaíocht ghinearálta a leagtar amach i bpointe C.10 • an fhoclaíocht a bhaineann go sonrach le treoracha a athmhúnlú, a leagtar amach i bpointe C.4.2.3
17. Infheidhmeacht dhíreach nó seolaithe an ghnímh	Féach an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.11

C. CUID C — FOCLAÍOCHT CHAIGHDEÁNACH
C.1. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE³
C.1.1. Aithris

"(...) Chun ... [cuspóir], ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le ... [ábhar agus raon feidhme]. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr*. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

* IO L 123, 12.5.2016, lch. 1,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstitut/2016/512/oj."

I gcás ina ndéantar foráil sa ghníomh reachtach le haghaidh an iomad tarmligean cumhachta, is féidir feabhas a chur ar inléiteacht na chéad abairte den aithris trí fhleasca a úsáid, agus ábhar agus raon féidhme gach tarmligin a leagan amach faoi na fleasca sin. I gcás ina n-úsáidtear leagan amach sin na bhfleasc, cuirtear an dara mír leis an gcéad mhír agus cuirtear an dá abairt dheireanacha sa dara mír sin.

³ Creat dlíthiúil:
- Airteagal 290 [CFAE](#)
- Comhthuisceant idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le Gníomhartha Tarmligthe, atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstitut/2016/512/oj).
Le pointe 3 den Chomhthuisceant thuasluaite agus le pointe [10.16](#) TCC, déantar foráil maidir leis an bhfoclaíocht chaighdeánach seo a úsáid, a mhéid is féidir.

C.1.2. Airteagail

Is é atá sna forálacha is gá chun cumhacht a tharmligean an dá eilimint seo a leanas:

- an tarmligean féin (féach pointe C.1.2.1);
- sonraí an nós imeachta atá le leanúint tráth a fheidhmítear an chumhacht sin (féach pointí C.1.2.2 agus C.1.2.3).

Féadfar forálacha lena ndéantar cumhacht a tharmligean a chur gar do na forálacha substainteacha ábhartha, ag deireadh an fhorannáin ábhartha is airde (cuid, teideal, caibidil nó roinn), nó i dtreo dheireadh an ghnímh. In aon chás, ní mór aire a thabhairt gan an chumhacht chéanna a thabhairt i níos mó ná áit amháin.

Cuirtear na forálacha lena mbunaítear sonraí an nós imeachta ag deireadh an ghnímh.

C.1.2.1. Airteagal(Airteagail) lena ndéantar cumhacht a tharmligean

"[Déanfaidh an Coimisiún]/[Tugtar de chumhacht don Choimisiún] gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal [A] a bhaineann le [ábhar agus raon feidhme]."⁴

Mír fhorlíontach atá le cur isteach i gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta práinne:

"Más rud é, i gcás ... [ábhar agus raon feidhme], go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne, beidh feidhm ag an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal [B] maidir le gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun an Airteagail seo."

⁴ Is gá idirdhealú a dhéanamh idir tarmligean cumhachta chun an gníomh reachtach a fhorlíonadh agus tarmligean cumhachta chun é a leasú; féach, go háirithe, [breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Márta 2016 in *Parlaimint na hEorpa v an Coimisiún Eorpach*, C-286/14](#), ECLI:EU:C:2016:183.

C.1.2.2. Airteagal a bhaineann leis an tarmligean a fheidhmiú

"Airteagal [A] An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. *[ré]*

Rogha 1:

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal(Airteagail) ... a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí].

Rogha 2:

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal(Airteagail) ... a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ... bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse ... bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Rogha 3:

Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal(Airteagail) ... a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ... bliana amhail ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an bhunghnímh reachtaigh nó aon dáta eile arna leagan síos ag na comhreachtóirí].

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal(Airteagail) ... a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal(Airteagail) ... i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse [2 mhí] tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú [2 mhí] ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle."⁵

C.1.2.3. Airteagal forlíontach atá le cur isteach i gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta práinne

"Airteagal [B] An nós imeachta práinne

1. Tiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar faoin Airteagal seo i bhfeidhm gan mhoill agus beidh feidhm acu ar choinníoll nach ndéanfar agóid i gcomhréir le mír 2. Déanfar na cúiseanna le húsáid a bhaint as an nós imeachta práinne a lua san fhógra faoi ghníomhartha tarmligthe a thugtar do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal [A](6). I gcás den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe a aisghairm láithreach tar éis do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcinneadh agóid a dhéanamh."

⁵ I gcás nach mór roinnt forálacha a lua mar bhunús dlí sa sliocht "6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal(Airteagail) ... i bhfeidhm ach amháin... ", ba cheart don dréachtóir an bealach leis an ngaol idir na forálacha sin a chur in iúl a roghnú go cúramach (e.g. "... de bhun Airteagail 4 agus 6", "... de bhun Airteagal 4 nó Airteagal 6", "... de bhun Airteagail 4 agus 5 nó Airteagal 6"). I roinnt cásanna, réiteach simplí agus iomchuí a d'fhéadfadh a bheith ann ná an t-ábhar "gníomh tarmligthe" a chur san uimhir iolra (e.g. "6. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 4 nó Airteagal 6 i bhfeidhm ach amháin ... ").

C.2. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME⁶

C.2.1. Gníomhartha cur chun feidhme atá faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit

Tá na teimpléid seo ceaptha treoir a thabhairt i dtaca le dréachtú forálacha maidir le gníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, agus dá réir sin, níl úsáid na dteimpléad ceangailteach. Féadfar na heilimintí éagsúla atá sna teimpléid a úsáid agus a chur le chéile de réir an cháis.

C.2.1.1. Aithrisí

C.2.1.1.1. Aithris atá le cur isteach i gcónaí i gcás ina ndéantar foráil leis an ngníomh bunúsach dlí maidir le cumhachtaí cur chun feidhme atá faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit⁷

"(...) [Féadfaidh an reachtóir, de réir an cháis, údar breise a chur isteach maidir leis an ngá atá le coinníollacha aonfhoirmeacha] Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis [[an ... [an gníomh bunúsach dlí] seo/an ... [forálacha ábhartha an ghnímh bhunúsaigh dlí]] a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{*}.

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>)."

⁶ Creat dlíthiúil:

- Airteagal 291 [CFAE](#)
- [Rialachán \(AE\) Uimh. 182/2011](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>).

⁷ I gcásanna áirithe, déanann an reachtóir cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún, ar cumhachtaí iad nach bhfuil faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit; i gcásanna den sórt sin, ba cheart an méid sin a léiriú san aithris (nó in aithris ar leithligh), gan tagairt ar bith a dhéanamh do [Rialachán \(AE\) Uimh. 182/2011](#) (féach pointe C.2.2).

C.2.1.1.2. Aithrisí atá le cur isteach i gcásanna sonracha

A. An nós imeachta a roghnú

"(...) Ba cheart an nós imeachta [comhairleach/scrúdúcháin] a úsáid chun ... [gníomhartha ábhartha cur chun feidhme] a ghlacadh [chun ... a dhéanamh/ós rud é go ndéantar ... leis na gníomhartha sin] [tugtar údar leis an eisceacht ar Airteagal 2(2) nó 2(3) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus cuirtear cineál nó iarmhairt an ghnímh chur chun feidhme san áireamh]."

B. Gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach

"(...) Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le [cumhachtaí cur chun feidhme mar a thuairiscítear iad i bhforálacha ábhartha an ghnímh bhunúsaigh dlí], go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne."

C.2.1.2. Airteagail

Is é atá sna forálacha is gá chun cumhacht cur chun feidhme a thabhairt an dá eilimint seo a leanas:

- tabhairt na cumhachta féin;
- sonraí an nós imeachta atá le leanúint agus an chumhacht sin á feidhmiú.

Féadfar forálacha lena ndéantar cumhacht cur chun feidhme a thabhairt a chur gar do na forálacha substainteacha ábhartha, ag deireadh an fhorannáin ábhartha is airde (cuid, teideal, caibidil nó roinn), nó i dtreo dheireadh an ghnímh. Ar chaoi ar bith, ní mór aire a thabhairt gan an chumhacht chéanna a thabhairt i níos mó ná áit amháin.

Cuirtear na forálacha lena mbunaítear sonraí an nós imeachta ag deireadh an ghnímh.

1. Airteagal X

A. Airteagal éigeantach (Airteagal lena dtugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún⁸)

"Airteagal [X]

... [tuairisc ar na gníomhartha cur chun feidhme]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta [comhairleach/scrúdúcháin] dá dtagraítear in Airteagal [Y][(y)]."

B. Airteagal a d'fhéadfaí a úsáid (lena ndéantar foráil freisin maidir le gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach)

"Airteagal [X]

... [tuairisc ar na gníomhartha cur chun feidhme]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta [comhairleach/scrúdúcháin] dá dtagraítear in Airteagal [Y][(y)].

Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo [agus a bhaineann le ...], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal [Y][(z)]."⁹

I gcás ina gcinneann an reachtóir leas a bhaint as an bhféidearthacht dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 agus foráil a dhéanamh sa ghníomh bunúsach dlí go bhféadfaidh uastréimhse bailíochta eile a bheith ag na gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach, sa chás sin d'fhéadfaí an rogha seo a leanas a úsáid le haghaidh an dara mír:

"Airteagal [X]

... [tuairisc ar na gníomhartha cur chun feidhme]. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta [comhairleach/scrúdúcháin] dá dtagraítear in Airteagal [Y][(y)].

Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo [agus a bhaineann le ...], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal [Y][(z)]. Fanfaidh na gníomhartha sin i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná... ."

⁸ Tá foráil den sórt sin le cur isteach i ndáil le gach cumhacht cur chun feidhme.

⁹ Sa chás seo, fanfaidh na gníomhartha cur chun feidhme sin atá infheidhme láithreach i bhfeidhm ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí.

2. Airteagal Y

"Airteagal [Y]

Nós imeachta coiste

[An fhoclaíocht atá le húsáid i gcás ina bhfuil an coiste bunaithe cheana faoi reachtaíocht atá ann:]

1. Déanfaidh ...[ainm an choiste], a bunaíodh le ... [tagairt don ghníomh dlí lenar bunaíodh an coiste] cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[An fhoclaíocht atá le húsáid i gcás inar coiste nua an coiste:]

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[I gcás ina ndéantar foráil sa ghníomh bunúsach dlí maidir leis an nós imeachta comhairleach:]

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[I gcás ina gcinneann an reachtóir leas a bhaint as an bhféidearthacht dá dtagraítear in Airteagal 3(5), an dara fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, d'fhéadfaí an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid:]

I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann [...] [líon comhaltaí]/tromlach ... de [tromlach le sonrú: simplí, dhá thrian etc.]] c(h)omhalta(i) (den) (an) choiste amhlaidh.

[I gcás ina ndéantar foráil sa ghníomh bunúsach dlí maidir leis an nós imeachta scrúdúcháin:]

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[I gcás ina gcinneann an reachtóir leas a bhaint as an bhféidearthacht dá dtagraítear in Airteagal 3(5), an dara fómhír, de [Rialachán \(AE\) Uimh. 182/2011](#), d'fhéadfaí an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid:]

I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann [...] [líon comhaltaí]/tromlach ... de [tromlach le sonrú: simplí, dhá thrian etc.]] c(h)omhalta(i) (den) (an) choiste amhlaidh.

[I gcás ina gcinneann an reachtóir leas a bhaint as an bhféidearthacht dá dtagraítear in Airteagal 5(4), an dara fómhír, pointe (b), de [Rialachán \(AE\) Uimh. 182/2011](#) agus a fhoráil sa ghníomh bunúsach dlí nach bhfuiltear chun dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh más rud é nár tugadh aon tuairim, is gá an fhomhír seo a leanas a chur leis:

I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

[I gcás ina ndéantar foráil sa ghníomh bunúsach dlí maidir leis an nós imeachta práinne:]

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le [hAirteagal 4/hAirteagal 5] de."

C.2.2. Gníomhartha cur chun feidhme nach bhfuil faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit

I gcásanna áirithe, tugann an reachtóir, sa ghníomh bunúsach dlí, cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún nach bhfuil faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit¹⁰; i gcásanna den sórt sin, ba cheart an méid sin a léiriú in aithris shonrach (nó in aithrisí sonracha), gan tagairt a dhéanamh do [Rialachán \(AE\) Uimh. 182/2011](#) i ndáil le cumhachtaí nach bhfuil faoi réir rialú den sórt sin.

¹⁰ Mar shampla, gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis an iomaíocht i réimse na talmhaíochta, an tsoláthair phoiblí, etc.

Ba cheart an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid in éineacht le foclaíocht maidir le gníomhartha cur chun feidhme atá faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit.

AITHRISÍ

Aithrisí atá le cur isteach:

- (1) i gcás nach bhfuil **aon cheann** de na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún leis an ngníomh bunúsach dlí **faoi réir a rialaithe** ag na Ballstáit:

"(...) [Féadfaidh an reachtóir, de réir an cháis, údar breise a chur isteach maidir leis an ngá atá le coinníollacha aonfhoirmeacha] Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis [[an ... seo] [an ngníomh bunúsach dlí]/maidir le/leis an/leis na ... [forálacha ábhartha an ghnímh bhunúsaigh dlí]] a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún."

- (2) i gcás **nach bhfuil roinnt** de na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún leis an ngníomh bunúsach dlí **faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit**, agus **go bhfuil roinnt** eile de na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar amhlaidh **faoi réir an rialaithe sin**:

"(...) [Féadfaidh an reachtóir, de réir an cháis, údar breise a chur isteach maidir leis an ngá atá le coinníollacha aonfhoirmeacha] Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis [[an ... seo] [an ngníomh bunúsach dlí]/maidir le/leis an/leis na ... [forálacha ábhartha an ghnímh bhunúsaigh dlí]] a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún."

(...) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le ... [forálacha ábhartha an ghnímh bhunúsaigh dlí lena dtugtar cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún, ar cumhachtaí iad atá faoi réir a rialaithe ag na Ballstáit] a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*

* Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>)."

C.3. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN gCÓDÚ¹¹

C.3.1. Teideal

1. Ba cheart a shonrú tar éis an teidil i ngníomh códaitheach gur códú atá i gceist¹².

Sampla:

"RIALACHÁN [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] Ó PHARLAIMINT NA hEORPA
AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an ...
[maidir le...]
(có dú)"

2. Féadfar nuashonrú a dhéanamh ar theideal an ghnímh chódaithigh, de réir mar is iomchuí.

Sampla:

Rinneadh

Treoir 78/933/CEE ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 1978 **maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát** a bhaineann le feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil ar tharracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta

a chódú le:

Treoir 2009/61/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le feistí soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta a shuiteáil ar tharracóirí rothacha talmhaíochta nó foraoiseachta

¹¹ Creat dlíthiúil: [Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994 maidir le modh oibre níos tapúla d'fhonn téacsanna reachtacha a chódú go hoifigiúil](#) (IO C 102, 4.4.1996, lch. 2).

¹² **Ní** cuid den teideal an téarma "(có dú)".

C.3.2. Aithrisí

C.3.2.1. An chéad aithris

"(1) Rinneadh [Rialachán/Treoir/Cinneadh] ...* a leasú go suntasach [roinnt uaireanta]**. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an [Rialachán/Treoir/Cinneadh] sin a chódú.

* [Rialachán/Treoir/Cinneadh] ... (IO L ...).

** Féach [Cuid A d']Iarscríbhinn [N]."

NB: Má leasaíodh teideal an ghnímh a bhfuil códú le déanamh air, ba cheart an méid seo a leanas a chur san fhonóta comhfhreagrach:

"* [Rialachán/Treoir/Cinneadh] ... (IO L ...). '...' an bunteideal a bhí air/uirthi. Leasaíodh an teideal sin le [gníomh leasaitheach] (IO L ...)."

C.3.2.2. An aithris dheireanach i gcás treoir chódaitheach

"(...) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn [N] a thrasú sa dlí náisiúnta [agus maidir le dáta/dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin]."

NB: Maidir le haithrisí caighdeánacha eile atá ann sa ghníomh a bhfuil códú le déanamh air nó a chuirtear isteach de ghnáth i ngníomh nua, ba cheart iad a chur isteach, i gcás inarb iomchuí, sa ghníomh códaitheach. Féadfaidh sé gur gá iad a chur in oiriúint nó a nuashonrú.

C.3.3. Airteagail

C.3.3.1. Airteagal lena n-aisghairtear rialachán nó cinneadh

"Airteagal ...

Aisghairtear [Rialachán/Cinneadh]

Déanfar tagairtí don [Rialachán/Chinneadh] aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don [Rialachán/Chinneadh] seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn [O]."

C.3.3.2. Airteagal lena n-aisghairtear treoir

"Airteagal ...

Aisghairtear Treoir..., arna leasú leis [an Treoir/na Treoracha/na gníomhartha] a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn [N], gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn [N] a thrasú sa dlí náisiúnta [agus maidir le dáta/dátaí chur i bhfeidhm na dTreoracha sin].

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn [O]."

NB: Ní féidir airteagail chaighdeánacha nua a chur le gníomh códaitheach, ach is féidir airteagail chaighdeánacha atá ann a nuashonrú.

C.3.4. Iarscríbhinní a bhaineann go sonrach leis an gcódú

C.3.4.1. I ngníomhartha lena ndéantar códú ar rialacháin nó ar chinntí

"IARSCRÍBHINN [N]

An [Rialachán/Cinneadh] aisghairthe

agus [liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air/an leasú a rinneadh air]

[Rialachán/Cinneadh] ... [ón gComhairle] [ó Pharlaimint ha hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	
[Rialachán/Cinneadh] ... [ón gComhairle] [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	[... amháin]
[Ionstraim Aontachais ...]	[... amháin]"

C.3.4.2. I dtreoracha códaitheacha

"IARSCRÍBHINN [N]

Cuid A

An Treoir aisghairthe

agus [liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi/an leasú a rinneadh uirthi]
(dá dtagraítear in Airteagal ...)

Treoir ... [ón gComhairle] [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	
Treoir ... [ón gComhairle] [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	[... amháin]
[Ionstraim Aontachais ...]	[... amháin]

Cuid B

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta [agus dáta/dátaí cur i bhfeidhm]

(dá dtagraítear in Airteagal ...)

Treoir	Teorainn ama don trasuí	[Dáta cur i bhfeidhm]
		..."

C.3.4.3. I ngach gníomh códaitheach

"IARSCHRÍBHINN [O]

Tábla comhghaoil

[Rialachán/Cinneadh/Treoir] ...

An [Rialachán/Cinneadh/Treoir] seo

Airteagal ... [(...)]

Airteagal ... [(...)]

Airteagal ... [(...)]

Airteagal ... [(...)]

...

[Iarscríbhinn ...]

[Iarscríbhinn ...]

-

[Iarscríbhinn ...]

-

[Iarscríbhinn ...]"

C.4. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN
ATHMHÚNLÚ¹³

C.4.1. Teideal

Ba cheart a shonrú tar éis an teidil i ngníomh lena ndéantar athmhunlú gur athmhúnlu atá i gceist¹⁴.

Sampla:

**"RIALACHÁN [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] Ó PHARLAIMINT NA
hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE
an ...
maidir le ...
(athmhúnlu)"**

C.4.2. Aithrisí agus airteagail chaighdeánacha a bhaineann go
sonrach le treoracha athmhúnlaith

C.4.2.1. An chéad aithris

(a) Má leasaíodh an treoir atá le hathmhúnlu:

"(1) Rinneadh Treoir [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] ...* a leasú go suntasach [roinnt uaireanta]**. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh uirthi, ba cheart í a athmhúnlu ar mhaithe le soiléireacht.

* Treoir ... (IO L ...).

** Féach Cuid A d'Iarscríbhinn [N]."

¹³ Creat dlíthiúil : [Comhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha a bhaint as teicníc an athmhúnlaith i ndáil le gníomhartha dlí](#) (IO C 77, 28.3.2002, lch. 1).

¹⁴ **Ní** cuid den teideal an téarma "(athmhúnlu)".

(b) I gcás nár leasaíodh an treoir atá le hathmhúnlú:

"(1) Tá roinnt athruithe le déanamh ar Threoir [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] ...*. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.

* Treoir ... (IO L ...)."

C.4.2.2. Na haithrisí deireanacha

An aithris leathdheireanach

"(...) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasú sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis an Treoir/na Treoracha a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasú mar thoradh ar an Treoir/na Treoracha a bhí ann roimhe seo."

An aithris dheireanach

"(...) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama/na teorainneacha ama chun an Treoir/na Treoracha a leagtar amach in/i [gCuid B d']Iarscríbhinn [N] a thrasú sa dlí náisiúnta [agus maidir le dáta/dátaí chur i bhfeidhm na Treorach/na dTreoracha sin],"

C.4.2.3. Na hairteagail roimh an airteagal deireanach lena ndéantar na seolaithe a ainmniú

*"Airteagal [X]"¹⁵
Trasuí*

Múnla A *(nuair nach bhfuil sé riachtanach na forálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm amhail ón dáta céanna sna Ballstáit uile)*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal(Airteagail) ... agus Iarscríbhinn(Iarscríbhinní) ...¹⁶ a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [lá/mí/bliain]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir/do na Treoracha a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

¹⁵ I gcás athmhúnlú, úsáidtear an fhoclaíocht seo seachas an fhoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.13. Ní gá gurb ionann í agus an fhoclaíocht a úsáidtear sa togra ón gCoimisiún.

¹⁶ Déan tagairt do na hairteagail agus do na hiarscríbhinní a leasáodh go substainteach i gcomparáid leis an Treoir/na Treoracha aisghairthe.

Múnla B *(nuair atá sé riachtanach na forálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm amhail ón dáta céanna sna Ballstáit uile)*

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal(Airteagail) ... agus Iarscríbhinn(Iarscríbhinní) ...¹⁷ a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ... [lá/mí/bliain]. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ... [lá/mí/bliain].

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir/do na Treoracha a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Cinnfidh na Ballstáit an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

¹⁷ Déan tagairt do na hairteagail agus do na hiarscríbhinní a leasáfodh go substainteach i gcomparáid leis an Treoir/na Treoracha aisghairthe.

Airteagal [Y]
Aisghairm

Aisghairtear Treoir/Treoracha ... [, arna leasú leis [an Treoir/na Treoracha/na gníomhartha/...] a liostaítear in/i [gCuid A d']Iarscríbhinn [N],¹⁸ le héifeacht ón ...¹⁹, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis an teorainn ama/na teorainneacha ama chun an Treoir/na Treoracha a leagtar amach in/i [gCuid B d']Iarscríbhinn [N] a thrasú sa dlí náisiúnta [agus maidir le dáta/dátaí chur i bhfeidhm na Treorach/na dTreoracha sin]

²⁰Déanfar tagairtí don Treoir/do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn [O].

Airteagal [Z]
Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm [an] [fichiú] lá [tar éis lá] a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal(Airteagail) ... agus Iarscríbhinn(Iarscríbhinní) ...²¹ ón...²²."

¹⁸ Cuir isteach an fhoclaíocht "maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu" i gcás athmhúnlú, agus leasú, ar ghníomh atá ann a thagann faoi réim Chuid a Trí de Theideal V CFAE agus atá ina cheangal cheana féin ar Éirinn (féach pointe [C.12.2](#) a bhaineann le haithris shonrach a chur isteach le haghaidh na hÉireann).

¹⁹ Má úsáidtear Múnla A d'Airteagal [X], an lá tar éis an dáta sa chéad fhomhír d'Airteagal [X](1) a bheidh i gceist.
Má úsáidtear Múnla B d'Airteagal [X], an dáta sa dara fhomhír d'Airteagal [X](1) a bheidh i gceist.

²⁰ Cuir isteach an fhoclaíocht "maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu," i gcás athmhúnlú, agus leasú, ar ghníomh atá ann a thagann faoi réim Chuid a Trí de Theideal V CFAE agus atá ina cheangal cheana féin ar Éirinn (féach pointe [C.12.2](#) a bhaineann le haithris shonrach a chur isteach le haghaidh na hÉireann).
²¹ Déan tagairt do na hairteagail agus do na hiarscríbhinní **nár** athraíodh i gcomparáid leis an Treoir/na Treoracha aisghairthe.

²² Má úsáidtear Múnla A d'Airteagal [X], an lá tar éis an dáta sa chéad fhomhír d'Airteagal [X](1) a bheidh i gceist.
Má úsáidtear Múnla B d'Airteagal [X], an dáta sa dara fhomhír d'Airteagal [X](1) a bheidh i gceist.

C.4.3. Aithrisí agus airteagail chaighdeánacha a bhaineann go sonrach le rialacháin agus cinntí athmhúnlaithe

C.4.3.1. An chéad aithris

(a) Má leasaíodh an rialachán nó an cinneadh atá le hathmhúnlú:

"(1) Rinneadh [Rialachán/Cinneadh] [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] ...^{*} a leasú go suntasach [roinnt uaireanta]**. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh ar an [Rialachán/gCinneadh], ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

^{*} [Rialachán/Cinneadh] ... (IO L ...).

^{**} Féach Iarscríbhinn [N]."

(b) I gcás nár leasaíodh an rialachán nó an cinneadh atá le hathmhúnlú:

"(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar [Rialachán/Cinneadh] [(AE)/(AE, Euratom)] [2015]/[1] ...^{*}. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an [Rialachán/Cinneadh] sin a athmhúnlú.

^{*} [Rialachán/Cinneadh] ... (IO L ...)."

C.4.3.2. An t-airteagal roimh an airteagal deireanach maidir leis an teacht i bhfeidhm

"Airteagal [Y]
Aisghairm

Aisghairtear [Rialachán/Cinneadh/Rialacháin/Cinntí] ...

Déanfar tagairtí don/do na [Rialachán/Chinneadh/Rialacháin/Cinntí] aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don [Rialachán/Chinneadh] seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn [O]."

C.4.4. Iarscríbhinní

C.4.4.1. I dtreoir athmhúnlaith

(a) a leasaíodh

"IARSCRÍBHINN [N]

Cuid A

An Treoir aisghairthe
agus [liosta de na leasuithe a rinneadh uirthi/an leasú a rinneadh uirthi]
(dá dtagraítear in Airteagal [Y])

Treoir [ón gComhairle] ... [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	
Treoir [ón gComhairle] ... [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	[...amháin]
[Ionstraim Aontachais ...]	[... amháin]

Cuid B

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta [agus dáta/dátaí cur i bhfeidhm]

(dá dtagraítear in Airteagal [Y])

Treoir	Teorainn ama don trasuí	[Dáta cur i bhfeidhm]
		..."

(b) nár leasaíodh

"IARSCRÍBHINN [N]

Teorainn ama don trasuí sa dlí náisiúnta [agus dáta/dátaí cur i bhfeidhm]

(dá dtagraítear in Airteagal [Y])

Treoir	Teorainn ama don trasuí	[Dáta cur i bhfeidhm]
		..."

C.4.4.2. I rialachán nó cinneadh athmhúnlaithe a bhfuil leasú déanta air

"IARSCRÍBHINN [N]

An [Rialachán/Cinneadh] aisghairthe
agus [liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air/an leasú a rinneadh air]

[Rialachán/Cinneadh] [ón gComhairle] ... [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	
[Rialachán/Cinneadh] [ón gComhairle] ... [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle] (IO L ...)	[... amháin]
[Ionstraim Aontachais ...]	[... amháin]"

C.4.4.3. I ngach gníomh athmhúnlaithe

"IARSCRÍBHINN[O]

Tábla comhghaoil

[Rialachán/Cinneadh/Treoir] ...	An [Rialachán/Cinneadh/Treoir] seo
Airteagal ... [(...)]	Airteagal ... [(...)]
Airteagal ... [(...)]	Airteagal ... [(...)]
...	
[Iarscríbhinn ...]	[Iarscríbhinn ...]
-	[Iarscríbhinn ...]
-	[Iarscríbhinn ...]".

C.5. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE PRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHRÉIREACHTA

C.5.1. Coimhdeacht agus comhréireacht

Aithris chaighdeánach:

"(...) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo ... [más iomchuí, sonraigh na cuspóirí] a ghnóthú go leordhóthanach ... [tabhair cúiseanna] agus, de bharr ... [sonraigh fairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta], gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an [Rialachán/Treoir/Cinneadh] seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú."

Ba cheart a mheabhrú gurb é an rud a dhéanann an chuid sheasta den aithris chaighdeánach seo, go bunúsach, ná foclaíocht fhorálacha ábhartha CAE a atáirgeadh. Is gá a lua go sonrach, san aithris fhéin, na cúiseanna a ngnóthófar na cuspóirí atá á saothrú ag an dréachtghníomh reachtach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais.²³ Ní mór, dá bhrí sin, cúram a ghlacadh agus an chuid inathraithe den aithris, ar cuid í atá ceaptha leis na cúiseanna sin a chur isteach, á líonadh isteach.

Is féidir na cúiseanna sin a lua in aithrisí eile freisin. Sa chás sin, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tagairt do na haithrisí eile sin a chur isteach san aithris chaighdeánach (e.g.: "Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, ...").²⁴

²³ Maidir leis an ráiteas ar na cúiseanna go ndéanann an gníomh prionsabal na coimhdeachta a chomhlíonadh, féach freisin, go háirithe:

- na prionsabail a leagtar amach i bpointe [10.15](#) TCC;
- [breithiúnas ón gCúirt Bhreithniúnais an 4 Bealtaine 2016, an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle, C-358/14](#), ECLI:EU:C:2016:323, míreanna 111 go 125, agus [an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta sa chás sin](#), ECLI:EU:C:2015:848, míreanna 172 go 188.

²⁴ I gcásanna inar eisigh parlaimintí náisiúnta tuairimí réasúnaithe arb ionann agus líon vótaí atá cothrom leis na tairseacha dá bhforáiltear in Airteagal 7(3) de Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, nó ar mó é ná na tairseacha sin, is gá aithrisí sonracha a chur isteach chun míniú a thabhairt ar an gcinneadh chun leanúint den dréachtghníomh reachtach a bhreithniú.

C.5.2. Comhréireacht²⁵

Aithris chaighdeánach:

"(...) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí go leagfar síos rialacha maidir le ... [déan tagairt do na bearta sonracha arna rialú ag an ngníomh i dtrácht] chun an bunchuspóir ... [sonraigh an cuspóir ginearálta] a ghnóthú. Ní théann an [Rialachán/Treoir/Cinneadh] seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach."

C.5.3. Maolú ar an gceanglas fanacht go dtí an spriocdháta do thuairimí réasúnaithe na bparlaimintí náisiúnta

Aithris chaighdeánach:

"(...) I bhfianaise ... [sonraigh na cúiseanna a bhfuil práinn leis an ábhar], meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt."

Féadfar foclaíocht eile a úsáid i gcásanna sonracha.

I gcásanna den sórt seo, ní mór an lua caighdeánach maidir leis an dréachtghníomh a chur chuig na parlaimintí náisiúnta a chur isteach, mar sin féin.

²⁵ Maidir leis an ráiteas ar na cúiseanna i ndáil le comhréireacht gnímh, féach freisin na prionsabail a leagtar amach i bpointe [10.15](#) TCC.

C.6. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE COMHAIRLIÚCHÁIN NACH
bhFORÁILTEAR DÓIBH SNA CONARTHAÍ

Aithris chaighdeánach:

"(...) [Chuathas i gcomhairle leis [an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí / an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí] i gcomhréir le [hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725/Airteagal 42(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725/...] agus thug an Maoirseoir tuairim [an 12 Eanáir 2019*].

[_____

* [IO C .../...]]"

Maidir leis seo, féach pointe D.2.5.4.

C.7. FOCLAÍOCHT LENA LEAGTAR SÍOS SAINMHÍNITHE

Is minic a leagtar sainmhínithe amach in airteagal ar leith (féach pointe 14 TCC), ar airteagal é a leagtar amach de ghnáth mar a leanas:

"Airteagal [3]

Sainmhínithe

Chun críocha [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘...’ ...; [sainmhíniú statach]
- (2) ciallaíonn ‘...’ ... mar a shainmhínítear in [Airteagal 4(1), pointe (43), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013]; [sainmhíniú dinimiciúil]

..."

Uimhrítear na pointí trí úsáid a bhaint as uimhreacha Arabacha idir lúibíní. I gcás inar gá tuilleadh forannán a chur isteach, úsáidtear litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don tríú leibhéal.

"Chun críocha [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ... ;

(a) ... ;

(i) ... ;"

Féadfar modhanna eile a úsáid chun sainmhínithe a leagan amach i gcásanna ar leith.

Uaireanta, ní bhíonn sainmhínithe infheidhme ach maidir le forannán is airde de ghníomh (cuid, teideal, caibidil nó roinn). B'fhearr na sainmhínithe sin a chur isteach san airteagal a bhaineann leis na sainmhínithe ach d'fhéadfaí iad a chur ag tús an fhorannáin ábhartha freisin, mar a leanas: "Chun críocha [na roinne] seo, ciallaíonn '...'". Beag beann ar an modh a úsáidtear, tarraingíonn sainmhínithe den sórt sin anuas ceisteanna sonracha, go háirithe: an fiú sainmhíniú a shrianadh go forannán ar leith más rud é nach dtagraítear don téarma sainmhínithe ach san fhorannán sin? Cén chiall atá leis an téarma sainmhínithe má thagraítear dó i bhforannán eile freisin? etc.

C.8. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LE GNÍOMHARTHA LEASAITHEACHA

C.8.1. Foclaíocht réamhráiteach

C.8.1.1. I gcás ina ndéantar roinnt leasuithe ar ghníomh

"Leasaítear [Rialachán/Treoir/Cinneadh] ... mar a leanas:

(1) in Airteagal [3][(1)], ...;

(2) in Airteagal [4], ...;

..."

C.8.1.2. I gcás ina ndéantar roinnt leasuithe ar shliocht

Uimhrítear na pointí trí úsáid a bhaint as uimhreacha Arabacha idir lúibíní don chéad leibhéal, litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don tríú leibhéal.

"([1]) leasaítear [Airteagal .../mír .../an [chéad] m(h)ír/...] mar a leanas:

(a) ...;

(i) ...;"

I bpointe 18.1 TCC, féach an sampla de theaghlaim de leasuithe ar ghníomh agus ar shliocht.

C.8.2. Téacs nua a chur in ionad an téacs atá ann²⁶

— "Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal [3] [de Rialachán...]:

'Airteagal [3]

...'. "

— "In Airteagal [3] de [Rialachán...], cuirtear an méid seo a leanas in ionad [[fho]mhír .../na chéad [fho]mhíre/an [dara] mír/an [dara] fomhír/na coda réamhráití/na foclaíochta réamhráití/...]:

*'[1.] ...'."*²⁷

²⁶ I gcás ina dtagraíonn an téacs nua do ghníomh a foilsíodh san Iris Oifigiúil agus nár luadh fós sa ghníomh atá á leasú, is i bhfoirm réiltín (*) a bhíonn an tagairt don fhonóta agus cuirtear an sonrú seo a leanas **díreach faoin téacs nua**, roimh na camóga inbhéartaithe deiridh:
"... [téacs nua]* ...

* ... (IO L ...). '.

²⁷ I gcás ina gcuirtear téacs nua in ionad na chéad fhomhíre de mhír uimhrithe, ní dhéantar uimhir na míre sin a athlua sa téacs nua. Sampla:
"In Airteagal 3(2) de Rialachán..., cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad na chéad fomhíre:
'Déanfaidh an Coimisiún gach beart is gá'"

— "In [Airteagal 3] [de Rialachán...], cuirtear [an focal(na focail)/an téarma(na téarmaí)] ‘...’ in ionad [an fhocail(na bhfocal)/an téarma(na dtéarmaí)] ‘...’." ²⁸

— "In [Airteagal 3] [de Rialachán...], cuirtear ‘...’ in ionad an dáta ‘...’."

C.8.3. Téacs a chur isteach

C.8.3.1. Foclaíocht

— "Cuirtear an t-airteagal seo a leanas ²⁹ isteach [i Rialachán ...]:

‘Airteagal [10a]

...’."

— "Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach [i gCaibidil VI de Rialachán ...] ³⁰:

‘Airteagal [10a]

...’."

— "[In Airteagal 3] [de Rialachán ...], cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach [i ndiaidh [na chéad fhleisce/an dara fleasc]/roimh an gcéad fhleasc]: ³¹

‘— ...’."

— "[In Airteagal 3] [de Rialachán...], cuirtear [an téarma/na téarmaí/an focal/na focail] ‘...’ isteach [tar éis [an téarma/an fhocail] ‘...’/idir [an téarma/an focal] ‘...’ agus [an téarma/an focal] ‘...’]."³²

²⁸ Maidir leis na míbhuntáistí a bhaineann le focail nó téarmaí nua a chur in ionad na bhfocal nó na dtéarmaí atá ann, féach pointe [18.13.1](#) TCC.

²⁹ I gcás leasuithe casta, d'fhéadfadh tagairt d'uimhir na forála atá le cur isteach léamh an ghnímh leasaithigh agus tasc an chomhdhlúthaithe a éascú.

³⁰ Níl an fhoclaíocht seo le húsáid ach amháin nuair is gá sin chun an forannán den téacs ina bhfuil an t-airteagal nua le cur isteach a shonrú.

³¹ Má chuirtear fleasc nua isteach, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige ar thagairtí inmheánacha nó seachtracha do na fleasca a leanann í. Dá bhrí sin, ní mór a bheith iontach cúramach agus fleasc á cur isteach.

³² Maidir leis na míbhuntáistí a bhaineann le focail nó téarmaí a chur isteach, féach pointe [18.13.1](#) TCC.

C.8.3.2. Uimhriú

I gcás ina ndéantar airteagail, míreanna uimhrithe nó forannáin eile arna sainaithint le huimhir nó le litir a chur isteach i dtéarmaí achtúcháin gnímh atá ann, tugtar uimhir nó litir an fhorannáin roimhe sin ar an leibhéal céanna dóibh i dteannta na litreach "a", "b", "c", "d", etc. (mar shampla "Airteagal 1a").³³ I gcásanna eisceachtúla, nuair a dhéantar airteagail, míreanna nó forannáin uimhrithe eile a chur isteach roimh an gcéad fhorannán sa leibhéal lena mbaineann, tugtar "Airteagal -1", "Airteagal -1a", "mír -1", "mír -1a", "pointe -a", "pointe -aa", etc. orthu.³⁴

Má chuirtear isteach airteagail, míreanna uimhrithe nó forannáin eile arna sainaithint le huimhir nó le litir, **níor cheart** na hairteagail, míreanna nó forannáin eile a leanann iad **a athuimhriú** toisc go bhféadfadh sé go dtagraíonn gníomhartha eile dóibh (féach pointe 18.2 TCC). Níor cheart athuimhriú a dhéanamh ach i gcás códú nó athmhúnlú.

C.8.4. Cur le téacs

C.8.4.1. Foclaíocht

— "In Airteagal [3] [de Rialachán ...], cuirtear an mhír seo³⁵ a leanas leis:

‘[4.] ...’.

— "In Airteagal [3] [de Rialachán ...], cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘...’.

³³ Tá gá le dara litir bhreise i gcás ina raibh an modh céanna maidir le huimhriú in úsáid cheana féin don fhorannán a thagann roimhe ar an leibhéal céanna. Mar shampla, tugtar "Airteagal 1aa" ar Airteagal nua a cuireadh isteach idir Airteagal 1a agus Airteagal 1b.

³⁴ I gcásanna casta, rogha eile atá ag an dréachtóir an comhartha "-" a úsáid. Mar shampla, Airteagal 1-a a chur isteach idir Airteagal 1 agus Airteagal 1a.

³⁵ I gcás leasuithe casta, d'fhéadfadh tagairt d'uimhir na forála atá le cur isteach éascaíocht a dhéanamh do léamh an ghnímh leasaithe agus do thasc an chomhdhlúthaithe.

C.8.4.2. Uimhriú

I gcás ina ndéantar airteagail, míreanna uimhrithe nó forannáin eile arna sainaithint le huimhir nó le litir a chur leis an téacs laistigh de théarmaí achtúcháin gnímh atá ann, tugtar dóibh an uimhir nó an litir a leanann uimhir nó litir an fhorannáin a thagann díreach rompu sa leibhéal céanna.³⁶

C.8.5. Téacs a scriosadh³⁷

C.8.5.1. Foclaíocht

Chun foráil nó cuid d'fhoráil a scriosadh go díreach, is féidir úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht seo a leanas:

- "[I Rialachán ...,] scriostar Airteagal [3]."
- "In Airteagal [3] [de Rialachán ...], scriostar [mír .../an [chéad/dara/...] [f(h)o]m(h)ír/...]."
- "In Airteagal [3] [de Rialachán ...], scriostar an [chéad/dara/...] (h)abairt."
- "In Airteagal [3] [de Rialachán ...], scriostar na [tearmaí/focail] '...'.³⁸

Ar an dóigh chéanna, chun forannán (cuid, teideal, caibidil, roinn) is airde a scriosadh, is féidir, i bprionsabal, foclaíocht amhail "[I Rialachán...,] scriostar Caibidil [III]." a úsáid. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé, de thoradh foclaíocht den sórt sin, nár dheimhin leis an léitheoir cé acu a bhaineann an scriosadh leis: an forannán is airde i dteannta na n-airteagal uile atá ann nó an forannán é féin go díreach agus gan aon difear déanta d'inneachar an fhorannáin. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid chun cuspóir an scriosta a shoiléiriú agus chun an deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú:

- "Scriostar [Caibidil] [III], ina bhfuil Airteagail [12 go 15]."
- "Scriostar [Caibidil] [III] mar fhorannán agus tá Airteagail [12 go 15], a bhí inti/ann, ina gcuid de [Caibidil] [II] anois."

³⁶ I gcásanna eisceachtúla, áfach, má bhí an uimhir sin (a thabharfaí don fhorannán nua) ag foráil a bhí ann ach a scriosadh, is í an uimhir nó an litir a thugtar don fhorannán nua uimhir nó litir an fhorannáin a thagann roimhe ar an leibhéal céanna i dteannta, de réir mar is iomchuí, "a", "b", "c", "d", "e", etc. (féach pointe [18.2](#) TCC).

³⁷ Maidir leis an ngá na cúiseanna leis an téacs a scriosadh a lua sna haithrisí, féach pointe [10.6](#) TCC.

³⁸ Maidir leis na míbhuntáistí a bhaineann le téarmaí nó focail a scriosadh, féach pointe [18.13.1](#) TCC.

C.8.5.2. Uimhriú

I gcás ina scriostar airteagail, míreanna uimhrithe, aonaid bhunúsacha eile nó forannáin is ísle eile arna sainaithint le huimhir nó le litir, nó forannáin is airde eile, ba cheart cúram a ghlacadh chun **nach ndéanfaí** na hairteagail, míreanna, aonaid bhunúsacha eile nó forannáin is ísle eile a leanann iad **a athuimhriú** toisc go bhféadfadh sé go dtagraíonn gníomhartha eile dóibh (féach pointe 18.2 TCC). Ní dhéantar an t-athuimhriú ach amháin le linn códú nó athmhúnlú.

C.8.6. I gcás ina ndéantar leasuithe ar iarscríbhinn amháin nó níos mó

C.8.6.1. Leagan amach caighdeánach (leasuithe atá in iarscríbhinn)

— Leasuithe sonracha ar iarscríbhinn

Foclaíocht atá le cur isteach in airteagail an ghnímh leasaithigh:

"Leasaítear [an(na) Iarscríbhinn(hIarscríbhinní)/Iarscríbhinn .../Iarscríbhinní ...] [a ghabhann le Rialachán (AE) ...] i gcomhréir [leis an Iarscríbhinn/le hIarscríbhinn ...] a ghabhann leis an Rialachán seo."

Foclaíocht atá le cur isteach san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach:

"IARSCRÍBHINN [...]"

"Leasaítear [an(na) Iarscríbhinn(hIarscríbhinní)/Iarscríbhinn .../Iarscríbhinní ...] a ghabhann le [Rialachán...] mar a leanas:

(1) ..."

— Iarscríbhinn nua a chur in ionad iarscríbhinn iomlán:

Foclaíocht atá le cur isteach in airteagail an ghnímh leasaithigh:

"Cuirtear an téacs a leagtar amach [san Iarscríbhinn/in Iarscríbhinn ...] [a ghabhann leis an [Rialachán] seo in ionad [na hIarscríbhinne/Iarscríbhinn ...] [a ghabhann le Rialachán ...]."

Foclaíocht atá le cur isteach san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach:

"IARSCRÍBHINN [...]"

‘IARSCRÍBHINN [...]"

...’."

- Iarscríbhinn nua a chur isteach:

Foclaíocht atá le cur isteach in airteagail an ghnímh leasaithigh:

"[I Rialachán...,] cuirtear an téacs a leagtar amach [san Iarscríbhinn/in Iarscríbhinn ...] a ghabhann leis an [Rialachán] seo isteach mar Iarscríbhinn"

Foclaíocht atá le cur isteach san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach:

"IARSCRÍBHINN [...]

‘IARSCRÍBHINN ...

...’."

Ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag pointe C.8.3.2 maidir le huimhriú na hiarscríbhinne nua agus na n-iarscríbhinní ina ndiaidh sin.

- Iarscríbhinn nua a chur leis an ngníomh:

Foclaíocht atá le cur isteach in airteagail an ghnímh leasaithigh:

"Leasaítear [Rialachán...] mar a leanas:

[(...)] [uimhrítear an Iarscríbhinn aonair mar Iarscríbhinn I;]

(...) cuirtear an téacs a leagtar amach [san Iarscríbhinn/in Iarscríbhinn...] a ghabhann leis an [Rialachán] seo [leis/léi] mar Iarscríbhinn;"

Foclaíocht atá le cur isteach san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach:

"IARSCRÍBHINN [...]

‘IARSCRÍBHINN ...

...’."

Ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag pointe C.8.4.2 maidir le huimhriú na hiarscríbhinne nua.

C.8.6.2. Riail speisialta maidir leis an leagan amach i gcás leasú simplí (trí bhíthin leasú díreach sna hairteagail)

— "Leasaítear Iarscríbhinn ... [a ghabhann le Rialachán ...] mar a leanas:

‘(1) ...’."

— "Leasaítear [Rialachán ...] mar a leanas:

‘(1) ...’.

...

[(4)] cuirtear an méid seo a leanas in ionad [theideal] Iarscríbhinn ...:

‘...’."

C.8.7. Leasuithe nach bhfuil infheidhme maidir le teanga ar leith

Tarlaíonn sé uaireanta nach mbíonn forálacha áirithe de ghníomh leasaitheach infheidhme maidir le teanga ar leith, ós rud é go bhfuil an leagan teanga sin den ghníomh atá le leasú ag teacht cheana leis an athrú a dhéantar ar na teangacha eile.

Is leor, mar sin, sa teanga sin, uimhriú na forála leasaithí nach bhfuil infheidhme nó atá gan bhrí a chur ann agus an lua seo a chur ina dhiaidh: *‘(ní bhaineann an méid seo leis an leagan [Gaeilge])’*.

C.9. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE HAISGHAIRMEACHA AGUS LE SÍNTÍ

C.9.1. Aisghairm³⁹

Aisghairm a ngabhann éifeacht léi ar dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh aisghairmigh:

— "Aisghairtear [Rialachán...]."

Aisghairm a ngabhann éifeacht léi ar dháta eile:

— "Aisghairtear [Rialachán...] le héifeacht ón"

C.9.2. Síneadh

— "[In Airteagal ...] [de Rialachán ...], cuirtear ... in ionad an dáta ..."

C.10. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE TEACHT I bhFEIDHM AGUS LE CUR I bhFEIDHM I dTACA LE hAM^{40 41 42}

C.10.1. Teacht i bhfeidhm

— "Tiocfaidh [an Rialachán seo] i bhfeidhm [an fichiú] lá [tar éis lá] a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*⁴³."

— "Tiocfaidh [an Rialachán seo] i bhfeidhm an ..."

³⁹ Maidir leis an ngá na cúiseanna leis an aisghairm a lua sna haithrisí, féach pointe [10.6](#) TCC.

Maidir leis an gcódú, féach an fhoclaíocht shonrach a leagtar amach i bpointe C.3.3. Maidir leis an athmhúnlú, féach an fhoclaíocht shonrach a leagtar amach i bpointí C.4.2.3 agus C.4.3.2.

⁴⁰ Féach freisin, maidir le tagairtí do dhátaí agus do theorainneacha ama, pointe D.10. Maidir le hathmhúnlú ar threoracha, féach an fhoclaíocht shonrach a leagtar amach i bpointe C.4.2.3.

⁴¹ Tá na téarmaí "lena n-áirítear" agus "san áireamh/go huile" iomarcach i ngach foirmliú a leagtar amach i bpointe [C.10](#).

⁴² Dá leagfaí síos dáta teacht i bhfeidhm nó dáta cur i bhfeidhm a chomhfhreagraíonn don chéad lá de bhliain, de ráithe nó, ar a laghad, de mhí fhéilire, d'fhéadfadh sé cur i bhfeidhm an ghnímh ag a sheolaithe a éascú.

⁴³ I gcás ina bhfuil an cur i bhfeidhm cúlghabhálach, ba cheart an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid: "Tiocfaidh [an Rialachán seo] i bhfeidhm **lá** a fhoilsithe".

C.10.2. Cur i bhfeidhm i dtaca le ham

Mura tréimhse neamhtheoranta a thosaíonn ar dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh í tréimhse infheidhmeachta an ghnímh nó tréimhse infheidhmeachta roinnt forálacha de chuid an ghnímh (cur i bhfeidhm cúlghabhálach⁴⁴, iarchurtha nó teoranta), ba cheart ceann amháin de na foirmlí seo a leanas a úsáid san airteagal deireanach:

- "Beidh feidhm ag [an Rialachán seo] [ón .../go dtí an .../...]."
- "Beidh feidhm ag [Airteagal 3] [ón .../go dtí an .../...]."
- "Tiocfaidh [an Rialachán seo] i bhfeidhm [an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*].

Beidh feidhm aige ón

Beidh feidhm ag [Airteagal 3], áfach, ón ..."

- "Rachaidh [an Rialachán seo] in éag an..."
- "Scoirfidh [Airteagal 3] d'fheidhm a bheith aige an ..."

De rogha air sin, in airteagal nach é an t-airteagal deireanach é, féadfar foclaíocht amhail an méid seo a leanas a úsáid:

- "... don tréimhse ón ... go dtí an ..."
- "... ón ... go dtí an ..."
- "... [le héifeacht] ón ..."

⁴⁴ Ba cheart na cúiseanna leis an gcur i bhfeidhm cúlghabhálach a lua sna haithrisí, agus cúram ar leith a ghlacadh chuige sin (pointe [10.14](#) TCC).

C.11. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE hINFHEIDHMEACHT DHÍREACH
AGUS LE SEOLAITHE

C.11.1. Infheidhmeacht dhíreach rialachán

Rialacháin atá infheidhme maidir le gach Ballstát agus atá infheidhme i ngach Ballstát:

"Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát."

Rialacháin nach bhfuil infheidhme ach maidir le Ballstáit áirithe agus i mBallstáit áirithe (mar shampla, Ballstáit atá rannpháirteach san euro):

"Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí."

Níl na míreanna seo ina gcuid d'airteagal deireanach an rialacháin. Cuirtear idir an t-airteagal deireanach agus na focail "Arna d(h)éanamh in/sa/i ..." iad.

C.11.2. Seolaithe treoracha

I gcás ina ndírítear an treoir chuig na Ballstáit uile:

"Airteagal ...

[Seolaithe]

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo."

I gcás nach ndírítear an treoir ach chuig Ballstáit áirithe (mar shampla, na Ballstáit atá rannpháirteach san euro):

"Airteagal ...

[Seolaithe]

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí."

C.11.3. Seolaithe cinntí

I gcinntí a ghlactar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, luaitear go bhfuil siad dírithe chuig na Ballstáit uile, chuig Ballstáit áirithe nó ní shonraítear aon seolaí iontu.

I gcás ina ndírítear an cinneadh chuig na Ballstáit uile:

"Airteagal ...

[Seolaithe]

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo."

I gcás nach ndírítear an cinneadh ach chuig Ballstáit áirithe (mar shampla, na Ballstáit atá rannpháirteach san euro):

"Airteagal ...

[Seolaithe]

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo, i gcomhréir leis na Conarthaí."

C.12. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN GO SONRACH LE GNÍOMHARTHA "SCHENGEN" AGUS LE GNÍOMHARTHA EILE A THAGANN FAOI RÉIM CHUID A TRÍ DE THEIDEAL V CFAE

C.12.1. Gníomhartha "Schengen"

C.12.1.1. An Íoslainn agus an Iorua – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm

"(...) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt*, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (...), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle**.

* IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI:
[http://data.europa.eu/eli/agree_international/1999/439\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_international/1999/439(1)/oj).

C.12.1.2. ** Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>). "An Eilvéis –

rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon airteagal de
CFAE seachas Airteagail 82 go 89 (sean-Chuid a Trí de
Theideal IV CCE)

"(...) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt*, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (...), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle**, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle***. ⁴⁵

* IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

** Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999 lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

*** Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj>)."

⁴⁵ Fiú tar éis sean-Chuid a Trí de Theideal IV CCE agus Teideal VI CAE a chumasc, tá an dá Chinneadh maidir le comhlachas na hEilvéise infheidhme go fóill agus ní mór idirdhealú a dhéanamh eatarthu. Baineann an riail seo le Lichtinstéin freisin.

C.12.1.3. An Eilvéis – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon cheann d'Airteagail 82 go 89 CFAE (sean-Teideal VI CAE)

"(...) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt*, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (...), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle**, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle***.⁴⁶

* IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

** Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

*** Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2008/149/oj>)."

⁴⁶ Níl gá, i bprionsabal, le tagairt shonrach do Chinneadh 1999/437/CE, ós rud é go bhfuil an tagairt ann cheana san aithris a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua.

C.12.1.4. Lichtinstéin – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon airteagal de CFAE seachas Airteagail 82 go 89 (sean-Chuid a Trí de Theideal IV CCE)

"(...) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt*, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (...), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle** arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle***.

* IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

** Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

*** Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj>)."

C.12.1.5. Lichtinstéin – rannpháirtíocht sa chur i bhfeidhm ar bhonn aon cheann d'Airteagail 82 go 89 CFAE (sean-Teideal VI CAE)

"(...) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt*, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (...), de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle** arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE ón gComhairle***.⁴⁷

* IO L 160, 18.6.2011, lch. 3.

** Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj>).

*** Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus leis an gcomhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2011/349/oj>)."

⁴⁷ Níl gá, i bprionsabal, le tagairt níos sonraí do Chinneadh 1999/437/CE, ós rud é go bhfuil an tagairt ann san aithris a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua.

C.12.1.6. An Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis – rannpháirtíocht i gcoistí

"(...) Tá an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis comhlachaithe le hobair na gcoistí a thugann cúnamh don Choimisiún i bhfeidhmiú a chumhachtaí feidhmiúcháin maidir le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, i gcomhréir le socrú an 22 Meán Fómhair 2011* idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Chomhlachaithe sin.

* Socrú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hÍoslainne, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le rannpháirtíocht na Stát sin in obair na gcoistí a thugann cúnamh don Choimisiún Eorpach i bhfeidhmiú a chumhachtaí feidhmiúcháin maidir le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 103, 13.4.2012, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_international/2012/193/oj)."

C.12.1.7. An Danmhairg – neamh-rannpháirtíocht (maille le féidearthacht i dtaca le rannpháirtíocht)

"(...) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo agus níl sí faoi cheangal aige/aici ná faoi réir a c(h)ur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an [Rialachán/Treoir/Cinneadh] seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an [Rialachán/Treoir/gCinneadh] seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é/í⁴⁸."

C.12.1.8. Éire– rannpháirtíocht

"(...) Tá Éire rannpháirteach sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Phrótacal Uimh. 19 maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2002/192/CE ón gComhairle*

* Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj>)."

⁴⁸ Déanfar an aithris seo a athbhreithniú a luaithe a bheidh an Danmhairg tar éis a fógra a thabhairt de bhun Airteagal 8(1) de Phrótacal Uimh. 22.

C.12.1.9. Éire – neamh-rannpháirtíocht

"(...) Is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle*; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo agus níl sí faoi cheangal aige/aici ná faoi réir a c(h)ur i bhfeidhm⁴⁹.

* Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj>)."

C.12.1.10. Ballstáit nua nár ghabh éifeacht iomlán le *acquis* Schengen ina leith go fóill⁵⁰

"(...) Is é atá sa [Rialachán/Treoir/Chinneadh] seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí [Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2011 / Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011] faoi seach."

C.12.2. Gníomhartha eile a thagann faoi réim Chuid a Trí de Theideal V CFAE (gníomhartha nach forbairt ar *acquis* Schengen iad)

C.12.2.1. An Danmhairg – aithris maidir lena seasamh speisialta

"(...) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo agus níl sí faoi cheangal aige/aici ná faoi réir a c(h)ur i bhfeidhm."⁵¹

⁴⁹ Ní mholtar aon aithris chaighdeánach do chásanna a chumhdaítear leis an staid a thuairiscítear in Airteagal 5(2) go (5) de Phrótacal Uimh. 19.

⁵⁰ Beidh an aithris seo iomarcach a luaithe a bheidh na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach go hiomlán in *acquis* Schengen.

⁵¹ Déanfar an aithris seo a athbhreithniú a luaithe a thugann an Danmhairg a fógra faoi Airteagal 8(1) de Phrótacal Uimh. 22.

C.12.2.2. Éire – aithris maidir lena seasamh speisialta: neamh-rannpháirtíocht

"(...) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 [agus le hAirteagal 4a(1)52,] de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo agus níl sí faoi cheangal aige/aici ná faoi réir a c(h)ur i bhfeidhm."

C.12.2.3. Éire – aithris maidir lena seasamh speisialta: rannpháirtíocht

"(...) I gcomhréir le hAirteagal 3 [agus Airteagal 4a(1)53] de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an ...] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm [an Rialacháin/na Treorach/an Chinnidh] seo."

C.12.2.4. Gníomhartha a ghabhann ionad gnímh atá ann agus atá ina cheangal cheana ar Éirinn (athmhúnlú de facto)

(a) Teideal

**"TREOIR (AE) [2015]/[1]
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

an ...

maidir le ... agus a chuirtear in ionad [Chinneadh Réime .../Threoir ...]"

⁵² Foclaíocht atá le húsáid i gcás ina ndéantar gníomh atá ann agus a bhfuil Éire faoi cheangal aige cheana féin a leasú, a ionadú, nó a aisghairm (trína ionadú, mar a dhéantar i gcás athmhúnlú).

⁵³ Foclaíocht atá le húsáid i gcás ina ndéantar gníomh atá ann agus a bhfuil Éire faoi cheangal aige cheana féin a leasú, a ionadú, nó a aisghairm (trína ionadú, mar a dhéantar i gcás athmhúnlú).

- (b) Aithris shonrach (atá le cur isteach gar do dheireadh an bhrollaigh agus roimh na haithrisí a bhaineann le rannpháirtíocht nó neamh-rannpháirtíocht)

"(...) Is é is aidhm don Treoir seo forálacha [Chinneadh Réime .../ Threoir ...] a leasú agus a leathnú. I bhfianaise a shuntasáí atá na leasuithe atá le déanamh ó thaobh a lín agus a gcineáil araon, is iomchuí, ar mhaithe le breis soiléireachta, an Treoir seo a chur in ionad [Chinneadh Réime .../Threoir ...] ina (h)iomláine i dtaca leis na Ballstáit atá faoi cheangal na Treorach seo."

- (c) An t-airteagal deireanach maidir le gníomh amháin a chur in ionad gníomh eile

"Airteagal [X]

[Treoir a chur in ionad [Chinneadh Réime .../Threoir ...]]

Cuirtear an Treoir seo in ionad [Chinneadh Réime .../Threoir ...] maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát sin maidir leis an dáta chun an [Chinneadh Réime/Treoir] sin a thrasú sa dlí náisiúnta.

Maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, déanfar tagairtí do [Chinneadh Réime .../Threoir ...] a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo."

C.13. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE TREORACHA A THRASÚ⁵⁴

Cumhdaítear leis an bhfoclaíocht seo a leanas na gnáthchásanna a bhíonn ann. Is beag cás nach mbeadh an fhoclaíocht thíos oiriúnach. Mar sin féin, d'fhéadfaí an fhoclaíocht atá le húsáid chun foráil a dhéanamh do thrasú treorach a athrú ag brath ar thréithe sonracha na treorach atá i gceist.⁵⁵

- C.13.1. Cur i bhfeidhm i ngach Ballstát laistigh de thréimhse shocraithe nó faoi spriocdháta socraithe

"Airteagal ...

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm/Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh [faoi .../le héifeacht ón .../ laistigh de thréimhse ... ó dháta a teachta i bhfeidhm]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

⁵⁴ Maidir leis an athmhúnlú, féach an fhoclaíocht a bhaineann go sonrach le trasú a leagtar amach i bpointe C.4.2.3.

⁵⁵ D'fhéadfadh an fhoclaíocht a úsáidtear sa togra ón gCoimisiún a bheith beagán éagsúil freisin.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs [phríomh]fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún. [Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.]"

C.13.2. Cur i bhfeidhm ón dáta céanna sna Ballstáit uile

"Airteagal ...

1. Na forálacha is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ...[, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoimisiún]. Cuirfidh siad an Coimisiún a chur ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha i bhfeidhm ón

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. A luaithe a thiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an Coimisiún ar an eolas, in am trátha chun a bharúlacha a thíolacadh, faoi aon dréachtaí de na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin atá beartaithe acu a ghlacadh sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo."

C.13.3. Glacadh, foilsiú agus cur i bhfeidhm i ngach Ballstát laistigh de thréimhse shocraithe nó faoi spriocdháta socraithe

"Airteagal ...

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh roimh an ..., déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin..... Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.'

C.13.4. Ballstáit a bhfuil forálacha acu cheana a chomhlíonann ceanglais na treorach

"Déanfaidh na Ballstáit a gcuid forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur in iúl don Choimisiún."

C.13.5. Ceart simplí chun bearta a ghlacadh

"Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi na bearta atá glactha acu de bhun na Treorach seo."

C.13.6. Gaol idir forálacha na treorach agus na bearta náisiúnta trasuite

Sna treoracha, uaireanta luaitear an gá atá leis an ngaol idir aithrisí na treorach agus na bearta trasuite arna nglacadh ag na Ballstáit éagsúla a lua i ndoiciméad míniúcháin. Is in aithris a dhéantar tagairt den sórt sin:

"(...) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin*, ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

* IO C 369, 17.12.2011, lch. 14."

C.14. FOCLAÍOCHT A BHAINNEANN LE PIONÓIS/SMACHTBHANNAÍ AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

C.14.1. I rialachán

"Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na [pionóis/smachtbhannaí] is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na [pionóis/smachtbhannaí] dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin [faoi .../gan mhoill] agus tabharfaidh siad fógra dó [, gan mhoill,] faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh."

C.14.2. I dtreoir

"Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na [pionóis/smachtbhannaí] is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na [pionóis/smachtbhannaí] dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin [faoi .../gan mhoill] agus tabharfaidh siad fógra dó[, gan mhoill,] faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh."

D. CUID D — RIALACHA BREISE MAIDIR LE DRÉACHTÚ
D.1. AN TEIDEAL IOMLÁN A DHRÉACHTÚ

D.1.1. Ginearálta

Féach pointe 8 TCC.

D.1.2. An t-ábhar lena mbaineann

I dteideal iomlán na ngníomhartha faoin ngnáthnós imeachta reachtach, is iondúil go gcuirtear an t-ábhar in iúl le "(AE)".

Uaireanta bíonn débhunús dlí leis an ngníomh, ceann amháin in CFAE agus ceann eile i gConradh Euratom. Sna cásanna sin, bíonn na focail '(AE, Euratom)' sa teideal iomlán.

D.1.3. Uimhriú

Agus gníomh a glacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach á ullmhú lena fhoilsiú, cuireann Oifig na bhFoilseachán uimhir isteach i dteideal iomlán an ghnímh tar éis na tagartha don ábhar lena mbaineann. Ón 1 Eanáir 2015 ar aghaidh, is é atá san uimhir sin bliain an fhoilsithe agus uimhir sheicheamhach ina diaidh (mar shampla, "2015/1").⁵⁶

⁵⁶ Chun tuilleadh eolais a fháil, féach nóta oifigiúil Oifig na bhFoilseachán, "[Uimhriú Gníomhartha Dlí an Aontais Eorpaigh a Chomhchuibhiú](#)".

D.1.4. An teideal

D.1.4.1. Achomaireacht

Foráiltear in TCC (pointe 8), go háirithe, nach mór don teideal a bheith chomh gonta agus is féidir. Is féidir an cuspóir sin a bhaint amach, *inter alia*, ar na dóigheanna seo a leanas:

- giorrú a dhéanamh ar theideal gnímh eile atá le lua, de réir mar a fhoráiltear i bpointe 16.10.1 TCC⁵⁷, agus
- úsáid a bhaint as leaganacha gearra (mar shampla, "an tAontas" in ionad "an tAontas Eorpach", "na Ballstáit" in ionad "Ballstáit an Aontais Eorpaigh" agus "CFAE" in ionad 'an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh') agus, i gcás eisceachtúil, úsáid a bhaint as giorrúcháin agus as acrainmneacha coitianta ("ACC", 'ECFE', "Europol").

D.1.4.2. Gníomhartha lena ndéantar gníomhartha a leasú nó a aisghairm

Féach pointí 8.3, 18.9, 18.10 agus 19.3 TCC. Más é cuspóir an ghnímh gníomh eile a leasú, ní mór na focail "lena leasaítear" a chur sa teideal (níor cheart focail amhail "lena gcuirtear ... ina ionad" a úsáid toisc nach gcuirtear in iúl leo ach gné amháin den phróiseas dlí a bhaineann le gníomh a leasú).

Cuirtear na critéir seo a leanas san áireamh agus an t-ord ina luaitear gníomhartha leasaithe i dteideal an ghnímh leasaithigh á shocrú:

1. an t-údar: luaitear gníomhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle roimh ghníomhartha ón gComhairle; luaitear gníomhartha ón gComhairle roimh ghníomhartha ón gCoimisiún;

⁵⁷ Sa phointe sin in TCC tugtar roinnt samplaí d'fhoclaíocht a dhéanfaidh an teideal níos liopasta ná mar is gá agus dá bhrí sin ba cheart iad sin a fhágáil ar lár. Sampla eile ná an t-athrá nach gá ar eilimintí a luaitear cheana sa teideal. Dá réir sin, ní dhéantar teideal Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 a athrá ag deireadh an tsampla seo a leanas, cé gur cuid de theideal iomlán Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 é: "Rialachán (CE) Uimh. 118/97 ón gComhairle an 2 Nollaig 1996 lena leasaítear agus lena dtugtar cothrom le dáta Rialachán (CEE) **Uimh. 1408/71** maidir le scéimeanna leasa shóisialta a chur i bhfeidhm maidir le daoine fostaithe, daoine féinfhostaithe agus baill dá dteaghlach ag gluaiseacht dóibh laistigh den Chomhphobal agus Rialachán (CEE) Uimh. 574/72 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CEE) **Uimh. 1408/71** a chur chun feidhme".

2. dáta an ghnímh: luaitear gníomhartha iomadúla a ghlac an t-údar céanna nó na húdair chéanna in ord croineolaíoch;
3. an cineál gnímh: i gcás ina leasaítear gníomhartha iomadúla a ghlac an t-údar céanna nó na húdair chéanna an dáta céanna, luaitear rialacháin ar dtús, luaitear treoracha ina dhiaidh sin agus ansin luaitear cinntí;
4. uimhir sheicheamhach: luaitear gníomhartha iomadúla den chineál céanna a ghlac an t-údar céanna nó na húdair chéanna an dáta céanna in ord na n-uimhreacha seicheamhacha a thug Oifig na bhFoilseachán dóibh tráth a foilsíodh iad.

Ní mór a áireamh i dteideal gnímh lena n-aisghairtear gníomh eile na focail "lena n-aisghairtear", ach amháin i gcás gur códú (féach pointe C.3.1) nó athmhúnlú (féach pointe C.4.1) atá sa ghníomh aisghairmeach.⁵⁸ Na rialacha sonracha is infheidhme maidir le teidil gníomhartha leasaitheacha, tá feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le teidil gníomhartha aisghairmeacha.

Ba cheart do theideal gnímh lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha eile tagairt a dhéanamh do na leasuithe ar dtús agus do na haisghairmeacha ina dhiaidh sin.

I gcás ina ndéanann gníomh líon an-mhór gníomhartha a leasú nó a aisghairm, ní gá, mar eisceacht, tagairt a dhéanamh do na gníomhartha ar fad: is féidir úsáid a bhaint as foclaíocht éagsúil a choinníonn inléiteacht an téacs ina áit sin.⁵⁹

D.1.4.3. Códú agus athmhúnlú

Baineann rialacha speisialta le teidil gníomhartha códaitheacha (féach pointe C.3.1) agus leis an athmhúnlú (féach pointe C.4.1).

⁵⁸ D'fhéadfadh na rialacha a chuirtear i bhfeidhm sa togra ón gCoimisiún a bheith beagán éagsúil.

⁵⁹ Mar shampla, "Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 lena n-oiriúnaítear líon ionstraimí atá faoi réir an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh do Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, maidir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú — Oiriúnú don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnschrúdú – Cuid a hAon".

D.1.4.4. Leasú ar Rialacháin Foirne na n-oifigeach

Sna rialacháin lena leasaítear na Rialacháin Foirne, tagraítear go díreach don ábhar, gan aon tagairt a dhéanamh don Rialachán lena leagtar síos na Rialacháin Foirne (is é is cúis leis sin forálacha bunúsacha na Rialachán Foirne a bheith i roinnt gníomhartha éagsúla):

**"RIALACHÁN (AE, Euratom) [2015]/[1]
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

an ...

lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh [agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais] [a mhéid a bhaineann le...]"

seachas

**"RIALACHÁN (AE, Euratom) [2015]/[1]
Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

an...

lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle [a mhéid a bhaineann le...]"

D.2. LUANNA A DHRÉACHTÚ

D.2.1. Ginearálta

Féach pointe 9 TCC.

D.2.2. Luanna maidir leis an mbunús dlí

Féach Cuid A, cealla E agus G.

D.2.3. Luanna maidir leis an dréachtghníomh a cuireadh faoi bhráid an reachtóra

Féach Cuid A, cealla H1 go H4.

D.2.4. Lua maidir leis an dréachtghníomh a chur chuig na parlaimintí náisiúnta

Féach Cuid A, cill I.

D.2.5. Luanna maidir le comhairliúcháin

Féach Cuid A, cealla J go Q.

D.2.5.1. Comhairliúcháin nach mbíonn tuairim mar thoradh orthu

I gcás ina gceanglaítear leis na Conarthaí dul i gcomhairle le hinstitiúid nó le comhlacht, ach nach mbíonn tuairim mar thoradh ar chomhairliúchán den sórt sin, cuirtear lua den chineál seo "Tar éis dóibh dul i gcomhairle le ... [ainm na hinstitiúide nó an chomhlachta]," in ionad an lua a bhaineann le comhairliúchán, lua a scríobhtar mar seo de ghnáth "Ag féachaint don tuairim ó ... [ainm na hinstitiúide nó an chomhlachta]". I gcásanna den sórt sin, ní bhíonn aon fhonóta ná aon fhaisnéis eile ag gabháil leis an lua.

D.2.5.2. I gcás ina n-eisítear níos mó ná tuairim amháin

Uaireanta tugann institiúid nó comhlacht a ndeachthas i gcomhairle léi nó leis níos mó ná tuairim amháin. I gcásanna den sórt sin, ní mór na tuairimí uile a tugadh a lua, mar aon leis na mionsonraí foilseacháin, má tá siad ar fáil.

Mar shampla, má thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dhá thuairim, agus má foilsíodh an dá cheann, scríobhtar an lua agus an fonóta mar a leanas:

"Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*,

* IO ... agus IO"

Murar foilsíodh ach an chéad tuairim ón gCoiste, scríobhtar an lua agus an fonóta mar a leanas:

"Ag féachaint do na tuairimí ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*,

* Tuairim an [17 Márta 2010] (IO ...) agus Tuairim an [8 Meán Fómhair 2011] (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)."

D.2.5.3. Comhairliúchán roghnach dá bhforáiltear sna Conarthaí

Ní mór an lua "Ag féachaint don tuairim ó ... [ainm na hinstitiúide nó an chomhlachta]" a chur isteach freisin sa chás inar eisíodh tuairim tar éis comhairliúchán roghnach nó tar éis tionscnamh faoi na Conarthaí (mar shampla faoin dara habairt agus faoi Airteagal 304, an chéad fhomhír, an dara agus an tríú habairt, CFAE). I gcás comhairliúchán roghnach leis an bParlaimint, leis an gComhairle, nó leis an dá institiúid sin, nach raibh tuairim mar thoradh air, in ionad an lua thuasluaite úsáidtear an lua seo gan fonóta ná aon fhaisnéis eile a bheith ag gabháil leis: "Tar éis dóibh dul i gcomhairle le ... [ainm na hinstitiúide nó an chomhlachta]". I gcás comhairliúchán roghnach leis an gCoimisiún nach raibh tuairim mar thoradh air, ní luaitear aon tagairt don chéim nós imeachta sin.

D.2.5.4. Comhairliúchán nach bhforáiltear dó sna Conarthaí

Ní dhéantar aon tagairt i luanna do thuairimí nach bhforáiltear dóibh sna Conarthaí (mar shampla, tuairimí ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó ó chomhlachtaí teicniúla). Is iondúil go dtagraítear dóibh sin i dtreo dheireadh na n-aithrisí, trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht a leagtar amach i bpointe C.6.

D.2.6. Lua maidir leis an nós imeachta reachtach

D.2.6.1. Glacadh ar an gcéad léamh

Scríobhtar an lua agus an fonóta mar a leanas:

"Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,*

* Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus cinneadh ón gComhairle an"

D.2.6.2. Glacadh ar an dara léamh

Scríobhtar an lua agus an fonóta mar a leanas:

"Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,"^{*}

* Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)]. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] [agus cinneadh ón gComhairle an ...⁶⁰]."

D.2.6.3. Glacadh ar an tríú léamh

Scríobhtar an lua agus an fonóta mar a leanas:

"Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, [i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh a d'fhormheas an Coiste Idir-réitigh an ...,]"^{*}

* Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)]. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)]. Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an ... [(IO ...)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus cinneadh ón gComhairle an ...".

⁶⁰ Cuirtear isteach na focail "agus cinneadh ón gComhairle an ..." i gcás ina bhfuil leasuithe uile na Parlaiminte ar an dara léamh glactha ag an gComhairle. Ní chuirtear isteach na focail (toisc nach bhfuil gá leo) i gcás ina bhfuil an seasamh ar an gcéad léamh ón gComhairle formheasta ag an bParlaimint.

D.3. AITHRISÍ A DHRÉACHTÚ

Rialacha ginearálta is infheidhme maidir le haithrisí: féach pointí 10 agus 11 TCC agus Cuid A, cill R.

Rialacha agus foclaíocht ar leith:

- gníomhartha tarmligthe: féach pointe C.1.1;
- gníomhartha cur chun feidhme: féach pointí C.2.1.1 agus C.2.2;
- códú: féach pointe C.3.2;
- athmhúnlú: féach pointí C.4.2.1 agus C.4.2.2 le haghaidh treoracha agus C.4.3.1 le haghaidh rialachán agus cinntí;
- comhréireacht agus coimhdeacht: féach pointe 10.15 TCC agus pointe C.5;
- comhairliúcháin nach bhforáiltear dóibh sna Conarthaí: féach pointe C.6;
- gníomhartha leasaitheacha: féach pointí 18.11 agus 18.12 TCC;
- gníomhartha Schengen agus gníomhartha eile a thagann faoi réim Theideal V de Chuid a Trí CFAE: féach pointe C.12.

D.4. NA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN A DHRÉACHTÚ

D.4.1. Ginearálta

Féach pointí 12 go 15 TCC.

D.4.2. Struchtúr caighdeánach

Féach Cuid B.

D.4.3. Forannáin

Féadfar **Airteagail a ghrúpáil le chéile** i gcodanna, i dteidil, i gcaibidlí agus i ranna agus féadfar iad a **fhoroinnt** ina míreanna uimhrithe, ina míreanna neamhuimhrithe, ina bpointí agus ina bhfleasca: féach pointí 4.4, 4.5, 7.3 agus 15.4 TCC.

Ar chúiseanna praiticiúla, go háirithe chun a áirithiú go bhfuil na fonótaí ar aon dul i ngach teanga, caithfidh foroinnt an téacs ina **abairtí** (is abairt é téacs a thosaíonn le ceannlitir agus a chríochnaíonn le lánstad) a bheith mar an gcéanna i ngach teanga. Más doiligh cloí leis an bprionsabal sin i dteanga áirithe, ba cheart leathstadanna a úsáid chun na habairtí a bhriseadh.

Ós rud é gur aonaid neamhspleácha, fhéinchuimsitheacha iad airteagail agus míreanna, is úsáideach an nós é, agus ní bhíonn aon dul thairis go minic, ar mhaithe le soiléire, **téarmaí a athrá** ó airteagal amháin go hairteagal eile nó ó mhír amháin go mír eile, agus tagairtí a thabhairt ina n-iomláine, amhail sa sampla seo a leanas:

In ionad:

- "1. Glacfaidh an Coimisiún na bearta uile is gá ...
2. Glacfaidh **sé** na bearta **sin** i gcomhréir leis an nós imeachta ...",

B'fhearr:

- "1. Glacfaidh an Coimisiún na bearta uile is gá ...
2. Glacfaidh **an Coimisiún na bearta dá dtagraítear i mír 1** i gcomhréir leis an nós imeachta..."

D.4.4. Liostaí

D.4.4.1. Liosta in abairt gan foclaíocht réamhráiteach

Is fearr an nasc idir na heilimintí éagsúla i liosta a shonrú mar a leanas:

- i gcás liosta carnach, "agus"
- i gcás liosta malartach, "... nó...",
- i gcás liosta measctha (is é sin le rá, hipitéis dhúbailte: eilimint amháin ón liosta, nó roinnt eilimintí nó iad go léir): nath amhail ‘... nó ... nó an dá rud’ nó, sa chás nach bhfuil réiteach níos snasta ar fáil agus nach féidir foclaíocht réamhráiteach a chur isteach, féadfar an nath ‘agus/nó’ a úsáid.

Níor cheart an cónasc "nó" a úsáid as féin ach amháin nuair atá cineál an naisc soiléir toisc, mar a chinn an Chúirt⁶¹, go n-athraíonn an chiall a bhaintear as an gcónasc sin ag brath ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear é.

D.4.4.2. Liosta a bhfuil foclaíocht réamhráiteach roimhe

Ní mór a chinntiú go bhfuil gach eilimint i liosta i gcomhréir leis na cinn eile agus go bhfuil baint dhíreach ag gach ceann acu leis an bhfoclaíocht réamhráiteach. Chun na críche sin, is fearr gan abairtí ná míreanna uathrialacha a chur isteach i liosta (féach, go háirithe, an sampla a thugtar i bpointe 15.3 TCC). Ba cheart leaganacha ‘cisealacha’ a sheachaint freisin, is iad sin leaganacha ina gcuirtear tús le habairt san fhoclaíocht réamhráiteach agus go leantar ar aghaidh léi i ndiaidh liosta.⁶²

⁶¹ Féach an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Iúil 2005 [an Coimisiún v an Fhrainc, C-304/02](#), ECLI:EU:C:2005:444, mír 83.

⁶² Mar shampla, ba cheart an abairt a dhréachtú mar a leanas:
"Toirmeascfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe a choinnítear nó a phóraítear chun bia a tháirgeadh:
(a) próitéiní atá díorthaithe ó ainmhithe,
(b) próitéiní ainmhíoch próiseáilte."
agus ní mar a leanas:
"Toirmeascfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
(a) próitéiní atá díorthaithe ó ainmhithe, nó
(b) próitéiní ainmhíoch próiseáilte
a thabhairt mar bheatha d'ainmhithe a choinnítear nó a phóraítear chun bia a tháirgeadh."

Chomh maith leis sin, ba cheart a shoiléiriú an liosta carnach, malartach nó measctha é an liosta a leanann an fhoclaíocht réamhráiteach (féach pointe D.4.4.1). Ba cheart é seo a dhéanamh, más féidir, san fhoclaíocht réamhráiteach féin, trí úsáid a bhaint as foclaíocht amhail "[gach ceann den/an dá ceann den/na cinn uile den] [an] m(h)éid seo a leanas", "ceann amháin díobh seo a leanas" nó "ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas". Más rud é nach féidir é seo a dhéanamh san fhoclaíocht réamhráiteach, ba cheart an nasc idir na heilimintí éagsúla atá sa liosta a lua go sainráite tríd an bhfocal ‘agus’, ‘nó’ ‘agus/nó’ a chur isteach ag deireadh na heiliminte leathdheireanaí sa liosta. Tugtar faoi deara, áfach, go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag baint leis an gcur chuige sin má leasaítear an liosta ina dhiaidh sin agus ós rud é go bhféadfadh "nó" a bheith débhríoch (féach pointe D.4.4.1).

Is le hidirstad a chuirtear críoch le foclaíocht réamhráiteach i gcónaí (:)⁶³

Uimhrítear na pointí i liosta trí úsáid a bhaint as litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don chéad leibhéal, uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Arabacha idir lúibíní don tríú leibhéal. Úsáidtear fleasca don cheathrú leibhéal.

"[Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis an méid seo a leanas]:

(a) ... ;

(i) ...;

(1) ...;

— ..., "

Mar eisceacht, san airteagal a bhaineann leis na sainmhínithe (féach pointe C.7) agus i bhforálacha leasaitheacha (féach pointe C.8.1), uimhrítear pointí trí úsáid a bhaint as uimhreacha Arabacha idir lúibíní don chéad leibhéal, litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal agus uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don tríú leibhéal.

Is le **litir i gcás íochtair** a thosaítear gach eilimint i liosta a chuirtear isteach in abairt.

⁶³ Sa chás nach bhfuil aon fhoclaíocht réamhráiteach roimh phointí (a), (b), etc., laistigh de mhír, is fomhíreanna cearta iad agus cuirtear lánstad ag an deireadh.

D.4.4.3. Liostaí i dtáblaí

I dtáblaí, d'fhéadfadh eilimintí i liosta tosú le ceannlitir nó le litir i gcás íochtair (ag brath ar an gcóras a bhunaigh na húdair); uaireanta ní chuirtear aon chomhartha poncaíochta i ndiaidh na n-eilimintí éagsúla.

D.4.5. Ceannteidil agus cláir

Féadfar ceannteidil a chur ar airteagail chun cabhair a thabhairt don léitheoir forálacha is ábhar spéise don duine sin a aimsiú. Ba cheart do cheannteidil a bheith gearr agus ba cheart dóibh achoimre a dhéanamh ar a bhfuil san airteagal. Ba cheart go mbeadh an cur chuige comhsheasmhach ó thús go deireadh an ghnímh: ba cheart ceannteideal a bheith ag gach airteagal nó gan ceannteideal a bheith ag airteagal ar bith.

Ba cheart ceannteideal a bheith ag codanna, ag teidil, ag caibidlí agus ag ranna.

Ba cheart clár a chur roimh ghníomhartha fada más gá.

D.5. IARSCRÍBHINNÍ A DHRÉACHTÚ

D.5.1. Ginearálta

Féach pointe 22 TCC.

D.5.2. Foirm, stíl agus uimhriú

Cé nach bhfuil rialacha dochta ann maidir le hianscríbhinní a leagan amach, áiritheofar go mbeidh córais TF in ann na codanna éagsúla den ghníomh a shainaithint mar is ceart má chuirtear na treoirlínte seo a leanas i bhfeidhm.

Níor cheart ianscríbhinní a fhoroinnt ina n-airteagail, toisc go bhféadfadh sin a fhágáil nach n-aithneofaí ó na téarmaí achtúcháin iad.

De ghnáth, déantar iarscríbhinní a fhoroinnt ina bpointí arna sainathint le huimhreacha Arabacha agus ponc ina ndiaidh ag gach leibhéal (e.g. "10.2.3."). De ghnáth, níor cheart níos mó ná cúig leibhéal a bheith ann (e.g. "1.1.1.1.1."). Féadfar tuilleadh leibhéal a úsáid má tá fíorghá leis sin, más ea, is féidir gurbh fhearr struchtúr difriúil a úsáid. Beag beann ar an leibhéal lena mbaineann siad, féadfar forannáin is ísle a bheith ag gabháil le pointí uimhrithe, agus úsáid á baint as litreacha i gcás íochtair idir lúibíní don chéad leibhéal, uimhreacha Rómhánacha i gcás íochtair idir lúibíní don dara leibhéal, uimhreacha Arabacha idir lúibíní don tríú leibhéal agus fleasca don cheathrú leibhéal. De ghnáth, ní bhaintear úsáid as forannáin is ísle den sórt sin ach i gcás liostaí a thagann i ndiaidh foclaíocht réamhráiteach, agus ba cheart iad a sheachaint más féidir. Ar mhaithe héascaíocht tagartha, is fearr gach mír théacs sna hiarscríbhinní a uimhriú. Mar sin féin, is féidir míreanna téacs neamhuimhrithe a úsáid in iarscríbhinní atá an-ghearr. Is féidir pointí uimhrithe, forannáin is ísle nó táblaí a thabhairt isteach faoi mhír théacs neamhuimhrithe.

Is féidir an méid seo a leanas a bheith i bpointe uimhrithe:

- teideal leis féin;
- mír théacs neamhuimhrithe amháin nó níos mó;
- teaghlaim de theideal agus mír neamhuimhrithe amháin nó níos mó.

Féadfar forannáin is airde (cuid, teideal, caibidil, roinn) a úsáid in iarscríbhinní. Ba cheart pointí a uimhriú go leanúnach ó thús na hiarscríbhinne go dtí deireadh na hiarscríbhinne, is cuma an úsáidtear forannáin is airde nó nach n-úsáidtear; murach sin, ní bheidh gnéithe áirithe de na córais TF ar fáil.

Is féidir táblaí agus íomhánna a úsáid aon áit sna hiarscríbhinní. Mar sin féin, níor cheart téacs a bheith in aon íomhá a úsáidtear.

I gcás ina bhfuil foirmeacha nó doiciméid eile atá le húsáid leo féin san iarscríbhinn, níor cheart na treoirlínte thuas a leanúint ach amháin sa mhéid nach ndéanann siad dochar d'inléiteacht na bhfoirmeacha nó na ndoiciméad sin ná nach sáraíonn siad aon cheanglas sonrach is infheidhme maidir leo.

I gcás ina bhfuil an Iarscríbhinn ag tabhairt forálacha ó fhoinsí eile (e.g. rialachán ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip) isteach i ndlí an Aontais, ba cheart struchtúr agus uimhriú na bhforálacha sin san iarscríbhinn a bheith mar an gcéanna le struchtúr agus uimhriú na bhforálacha mar atá siad san fhoinsí (féach pointe [17.4](#) TCC, áfach).

D.5.3. Clár

Más gá, ba cheart clár a chur roimh iarscríbhinní móra.

D.6. TAGAIRTÍ INMHEÁNACHA

D.6.1. Ginearálta

Féach pointí 16, 16.1, 16.1.1, 16.2, 16.4, 16.7 go 16.9 agus 16.17 TCC.

D.6.2. Tagairtí ginearálta don ghníomh

- "an Rialachán seo"
- "an Treoir seo"
- "an Cinneadh seo"⁶⁴

D.6.3. Tagairtí do luanna

"sa [chéad] lua"

D.6.4. Tagairtí d'aithrisí

- I gcás ina bhfuil roinnt aithrisí uimhrithe sa ghníomh: "(in) aithris [1]"
- I gcás nach bhfuil ach aithris amháin sa ghníomh: "(san) aithris"

D.6.5. Tagairtí do chuid áirithe de na téarmaí achtúcháin

D.6.5.1. An téarmeolaíocht atá le húsáid

Úsáidtear an fhoclaíocht a leagtar amach sa tríú colún den tábla atá i bpointe 15.4 TCC. Féadfar tagairt a dhéanamh don fhoclaíocht réamhráiteach atá roimh liosta trí úsáid a bhaint as focail amhail "an chuid réamhráiteach" nó "an fhoclaíocht réamhráiteach".

⁶⁴ Sa chomhthéacs seo, tugtar "le présent règlement" i gcónaí ar "an Rialachán seo" i dtéacsanna Fraincise. Ba cheart "sin" a úsáid i dtéacsanna Gaeilge i gcás ina mbeadh baol mearbhaill ann le gníomh nó le foráil a ndearnadh tagairt dó nó di díreach roimhe sin. De rogha air sin, féadfar uimhir an ghnímh nó na forála a ndearnadh tagairt dó nó di díreach roimhe sin a athrá. Ní mór cúram ar leith a ghlacadh agus úsáid á baint as "seo" agus "sin".

D.6.5.2. Struchtúr na tagartha

Nuair a dhéantar tagairt d'fhoráil, is minic is gá roinnt forannán a shonrú d'fhonn an fhoráil a shuíomh go beacht. Déantar na forannáin a lua in ord íslitheach, ón bhforannán is ginearálta go dtí an forannán is sonraí.

- "Airteagal 1(1), an dara habairt,"
- "mír 1, an tríú fomhír,"

Mar sin féin, ní dhéantar tagairt ach do na forannáin is airde nach bhfuil i gcoiteann ag an bhforáil dá dtagraítear agus an áit ina ndéantar an tagairt. Mar shampla, má tá tagairt d'Airteagal 3(1), pointe (b), in Airteagal 3(1), pointe (a), is mar a leanas a bheidh an tagairt sin:

"... i bpointe (a),"

seachas

"... in **Airteagal 3(1)**, pointe (a),"

ná

"... i **mír 1**, pointe (a),"

Má dhéantar tagairt d'airteagail atá le fáil i gceann amháin nó níos mó d'fhorannáin is airde (cuid, teideal, caibidil, roinn), ní gá tagairt a dhéanamh do na forannáin is airde ó tharla go n-uimhrítear na hairteagail go leanúnach tríd an ngníomh:

"Airteagal 2"

seachas

"Airteagal 2 **de Roinn I**."

Mar sin féin, i gcás ina n-úsáidtear an nath "den [Airteagal/mhír/phointe/fhleasc/.....] seo" chun an baol mearbhaill a luaitear i bpointe D.6.5.4 a sheachaint, cuirtear an nath sin ag deireadh na tagartha.

Samplaí :

- "i bpointe (c) **den mhír seo**"
- "sa chéad mhír, pointe (d), **den Airteagal seo**"

seachas

- "sa **mhír seo**, pointe (c),"
- "san **Airteagal seo**, an chéad mhír pointe (d),"

Ós rud é go bhfuil an iarscríbhinn ina cuid dhílis den ghníomh lena ngabhann sí (féach pointe 22.3 TCC), ba cheart tagairtí san iarscríbhinn do chuid áirithe de na téarmaí achtúcháin a dhéanamh ar bhealach chomh simplí agus a dhéantar tagairtí comhfhreagracha i gcuid eile de na téarmaí achtúcháin.⁶⁵

Sampla:

- "an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 4(3)".

D.6.5.3. Níos mó ná tagairt amháin

I gcás ina liostaítear forannáin den chineál céanna agus nuair a bhíonn forannáin 'is ísle' ag gabháil le ceann amháin díobh nó níos mó, leantar an riail a leagtar amach i bpointe D.6.5.2 agus déantar cineál na bhforannán a athrá do gach tagairt:

Samplaí:

- "Airteagal 1, **Airteagal 2(2)**, pointe (a), agus **Airteagal 3(1)**"

[seachas "Airteagail 1, 2(2), pointe (a), agus 3(1)"]

- "**Airteagal 2(1)** agus **Airteagal 5(2)**"

- "**mír 1**, pointe (a), agus **mír 2**, an dara fomhír,"

[seachas "míreanna 1, pointe (a) agus 2, an dara fomhír,"].

⁶⁵ Maidir le tagairtí d'fhorálacha Iarscríbhinn, féach pointe [D.6.6](#).

I gcás ina liostaítear forannáin den chineál céanna agus i gcás nach bhfuil forannáin 'is ísle' ag gabháil leo, déantar an modh lena dtagraítear dóibh a shimpliú. Ní dhéantar cineál na bhforannán a athrá i gcás gach tagartha:

— "Caibidlí I agus II"

[seachas: "Caibidil I **agus** Caibidil II"]

— "Airteagail 1, 4 agus 9"

— "Airteagail 1 go 4"

— "Airteagail 1 go 4 agus 9"

— "an dara agus an tríú fleasc"

(ach: "an chéad fhleasc agus an tríú fleasc")

Is minic a chuirtear le chéile meascán de na nósanna tagartha atá leagtha amach thuas:

"Airteagal 1, Airteagal 3(5), pointe (c), Airteagal 5(2) agus (3) agus Airteagail 6 go 9"

Má dhéantar tagairt do thrí fhigiúr as a chéile, ba cheart iad a lua go leithleach seachas i bhfoirm ghiorraithe.

Sampla:

"Airteagail 2, **3 agus 4**"

[seachas: "Airteagail 2 **go** 4"]

D.6.5.4. Nathanna is ceart a sheachaint sna tagairtí

Nuair a dhéantar tagairt i ngníomh d'fhorannán den ghníomh céanna, ba cheart na focail "(an mhír srl.) sin roimhe seo", "ina dhiaidh seo", etc., a sheachaint agus an tagairt shonrach don fhorannán sin a úsáid ina n-ionad.

Ina theannta sin, níor cheart frásaí amhail "thuasluaite" nó "a leagtar amach thíos" a chur leis an tagairt shonrach.

Ní gá "san áireamh/go huile" a chur isteach i gcás tagairt do liosta forálacha toisc go n-áirítear gach eilimint go huathoibríoch.

Níor cheart an frása "den [Rialachán/Airteagal/mhír/....] seo " a chur isteach ach má tá baol mearbhaill ann.

Sampla:

Laistigh d'airteagal ar leith, má dhéantar tagairt i mír 5 do mhíreanna 1 go 4 den airteagal céanna, scríobhtar an tagairt mar a leanas:

"An nós imeachta a leagtar síos i míreanna 1 go 4 ..."

seachas:

"An nós imeachta a leagtar síos **sna míreanna roimhe seo** ..."

nó:

"An nós imeachta a leagtar síos i míreanna 1 go 4 **thuas** ..."

nó (ach amháin más gá chun mearbhall a sheachaint):

"An nós imeachta a leagtar síos i míreanna 1 go 4 **den Airteagal seo** ..."

D.6.6. Tagairtí d'iarscríbhinní

Na rialacha a leagtar amach i bpointe D.6.5.2 le haghaidh tagairtí do théarmaí achtúcháin, tá feidhm *mutatis mutandis* acu maidir le tagairtí d'fhorálacha na n-iarscríbhinní.

Sampla:

– "pointe 2.1.3.7, (a)(iii)(2), an ceathrú fleasc, [den Iarscríbhinn/d'Iarscríbhinn [I]]"

Má tá aon bhaol mearbhaill ann, ba cheart tagairt a chur leis an ngníomh ina ndéantar an lua mar a leanas: "an iarscríbhinn **a ghabhann leis** [an Rialachán seo]" nó "[an tábla] atá san iarscríbhinn **a ghabhann leis** [an Rialachán seo]" (seachas: "... **atá i gceangal le...**").

Is cuid dhílis í an iarscríbhinn den ghníomh lena ngabhann sí (féach pointe 22.3 TCC). Níor cheart, dá bhrí sin, foclaíocht amhail "atá ina cuid dhílis den [Rialachán] seo" a chur sna tagairtí d'iarscríbhinní.

D.7. TAGAIRTÍ SEACHTRACHA

D.7.1. Ginearálta

Féach pointí 16, 16.1, 16.1.2, 16.2, 16.3 go 16.10, 16.17 agus 16.18 TCC.

D.7.2. Tagairtí do ghníomhartha de chuid an dlí phríomha

D.7.2.1. Conarthaí

Ba cheart tagairt a dhéanamh don Chonradh ar an Aontas Eorpach ar dtús, ansin don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus ansin don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

An chéad tagairt:

- "an Conradh ar an Aontas Eorpach"
- "an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh"
- "an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach"

Ní chuirtear tagairt d'fhoilsiú an Chonartha san Iris Oifigiúil i ndiaidh tagairtí den sórt sin.

Tagairtí ina dhiaidh sin:

Mura luaitear ach conradh amháin i dtéacs is féidir 'an Conradh' a thabhairt air.

Má luaitear conarthaí éagsúla sa téacs céanna, ba cheart ainm iomlán an chonartha lena mbaineann a úsáid. Más iomchuí, féadfar na hacrainmneacha seo a leanas a úsáid:

- "CAE" don Chonradh ar an Aontas Eorpach
- "CFAE" don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
- "Conradh Euratom" don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

Féadfar leagan gearr a úsáid i dteideal ar mhaithe le hachomaireacht: féach pointe D.1.4.1.

Luaitear airteagail, ranna, caibidlí, agus codanna CAE agus CFAE i gcomhréir leis an athuimhriú sna **leaganacha comhdhlúite** a rinneadh de bharr Chonradh Liospóin⁶⁶, **gan aon tagairt a dhéanamh don** seanuimhriú a bhí orthu.

Baineann an riail sin freisin leis an gcás ina **leasaítear** gníomhartha a glacadh sular tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm, agus ina bhfuil tagairtí ina n-úsáidtear an seanuimhriú dá bharr sin. Is ar bhonn an leagain chomhdhlúite a dhéantar tagairtí san fhoclaíocht sa ghníomh leasaitheach a cuireadh in ionad foclaíocht eile, a cuireadh leis nó a cuireadh isteach. Maidir le haon neamhréireacht i ndáil leis an uimhriú idir an fhoclaíocht nach n-athraítear sa ghníomh leasaithe agus an fhoclaíocht a chuirtear isteach leis an ngníomh leasaitheach, déanfar í a cheartú níos déanaí, eadhon tráth an chódaithe.

Agus **teideal** ina bhfuil tagairt ina n-úsáidtear an seanuimhriú á lua, athraítear an tagairt sin d'fhonn teacht leis an leagan comhdhlúite. Beidh nóta den cineál seo a leanas i dteannta na huimhreach arna hoiriúnú:

⁶⁶ [Treoir 2009/101/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le comhordú coimircí a cheanglaíonn Ballstáit ar chuideachtaí de réir bhrí Airteagal 54, an dara mír, den Chonradh, ar mhaithe le leasanna comhaltaí agus tríú páirtithe a chosaint, d'fhonn coimircí den sórt sin a dhéanamh coibhéiseach (IO L 258 1.10.2009, lch. 11, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/101/oj>).]

Nóta eagarthóireachta: Oiriúnaíodh teideal [Threoir 2009/101/AE] chun athuimhriú airteagail an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chonradh Liospóin; tagairt [don dara mír d'Airteagal 48 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a bhí sa tagairt bhunaidh]."

⁶⁶ De bhua Airteagal 5 de Chonradh Liospóin, rinneadh airteagail, ranna, caibidlí, teidil agus codanna CAE agus CCE mar a leasaíodh iad i gConradh Liospóin **a athuimhriú** i gcomhréir leis na **táblaí comhghaoil** a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh sin, agus ar cuid dhílis den Chonradh iad. Bunaíodh **leagan comhdhlúite** ar an mbonn sin.

D.7.2.2. Prótacail

An chéad tagairt:

- "Prótacal Uimh. [19] [maidir le *acquis* Schengen arna lánpháirtiú i gcreat an Aontais Eorpaigh], atá i gceangal [leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh]"

Ní chuirtear tagairt d'fhoilsiú an Phrótacail san Iris Oifigiúil i ndiaidh tagairt den sórt sin.

Tagairtí ina dhiaidh sin:

- "Prótacal Uimh. [19]"

D.7.2.3. Ionstraimí aontachais

- "Ionstraim Aontachais [na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne]"

nó, má tá sé róliopasta na Ballstáit aontacha a liostú agus má tá an bhrí soiléir:

- "Ionstraim Aontachais [2003]"⁶⁷

Dá réir sin, tagraítear d'ionstraimí aontachais i bhfoirm ghiorraithe, gan an conradh aontachais comhfhreagrach a lua agus gan tagairt a dhéanamh don Iris Oifigiúil.

⁶⁷ Is iad seo a leanas blianta tagartha na nIonstraimí Aontachais éagsúla:

- 1972 (an Danmhairg agus Éire),
- 1979 (an Ghréig),
- 1985 (an Spáinn agus an Phortaingéil),
- 1994 (an Ostair, an Fhionlainn agus an tSualainn),
- 2003 (Poblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic),
- 2005 (an Bhulgáir, an Rómáin),
- 2011 (an Chróit).

D.7.3. Tagairtí do ghníomhartha dlí eile

D.7.3.1. An gníomh dá dtagraítear a shainaithint

Maidir le tagairtí do ghníomhartha dlí eile:

- sna teidil, féach pointe 16.10.1 TCC;
- sna luanna, féach pointe 16.10.2 TCC;
- i ngach cuid eile den ghníomh (aithrisí, airteagail agus iarscríbhinní), féach pointe 16.10.3 TCC.

Mar eisceacht ar an gcéad fhleasc de phointe 16.10.3 TCC, más rud é go dtugtar **liosta** de ghníomhartha in aithrisí, airteagail nó iarscríbhinní, féadfar na teidil iomlána a lua i gcorp an liosta agus na tagairtí do na foilseacháin IO lena mbaineann a chur i bhfonótaí.

I gcás ina ndéantar roinnt gníomhartha **den chineál céanna** arna nglacadh ag an **institiúid chéanna** (nó ag na hinstitiúidí céanna) a lua ceann i ndiaidh a chéile agus don chéad uair sna haithrisí, sna hairteagail nó sna hianscríbhinní, luaitear cineál an ghnímh agus ainm na hinstitiúide (nó ainmneacha na n-institiúidí) uair amháin (in ionad iad a athrá i gcás gach gnímh) agus cuirtear an fonóta isteach i ndiaidh uimhir sheicheamhach gach gnímh.

Sampla:

"Ba cheart na forálacha airgeadais dá dtagraítear i Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013* agus 1306/2013** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur in oiriúint.

* Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj>).

** Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj>)."

I gcás ina ndéantar roinnt gníomhartha **den chineál céanna** a lua ceann i ndiaidh a chéile sna haithrisí, sna hairteagail nó sna hiarscríbhinní agus gur luadh iad cheana féin níos faide thuas sa ghníomh, ní dhéantar cineál an ghnímh a lua ach uair amháin (in ionad é a athrá i gcás gach gnímh).

Sampla:

"Rialacháin (AE) 2017/1129 agus (AE) 2017/1131"

I gcomhréir le CFAE⁶⁸, ní mór an leagan cuí gramadaí den fhocal "tarmligthe" nó den fhocal "cur chun feidhme", faoi seach, a chur i dteidil **gníomhartha tarmligthe** agus **gníomhartha cur chun feidhme i gcónaí**. Ní mór athrá a dhéanamh ar na focail sin aon uair a dhéantar tagairt do ghníomh tarmligthe nó do ghníomh cur chun feidhme, ní hamháin an chéad uair a luaitear an gníomh ach i dtagairtí ina dhiaidh sin chomh maith (sampla de thagairt ina dhiaidh sin: "Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/1798").

Bíonn **dhá uimhir** ag dul le gníomhartha áirithe a fhoilsítear san Iris Oifigiúil: uimhir amháin a chuireann an t-údar ar fáil agus ceann eile a chuireann Oifig na bhFoilseachán ar fáil.⁶⁹ Ní mór an dá uimhir a lua agus tagairt á déanamh don ghníomh.

Sampla:

An chéad tagairt:

"Cinneadh (AE) 2015/22 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2015/1)"^{*}

* Cinneadh (AE) 2015/22 ón mBanc Ceannais Eorpach an 8 Eanáir 2015 lena leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha maidir le haistrithe go dtí scaireanna caipitil an Bhainc Ceannais Eorpaigh idir na bainc cheannais náisiúnta agus maidir leis an gcaipiteal íoctha a choigeartú (BCE/2015/1) (IO L 6, 10.1.2015, lch. 15, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/929/oj>)."

Tagairtí ina dhiaidh sin:

"Cinneadh (AE) 2015/22 (BCE/2015/1)"

⁶⁸ Airteagal 290(3) i gcás gníomhartha tarmligthe agus Airteagal 291(4) i gcás gníomhartha cur chun feidhme.

⁶⁹ Chun tuilleadh eolais a fháil, féach nóta oifigiúil Oifig na bhFoilseachán, "[Uimhriú Gníomhartha Dlí an Aontais Eorpaigh a Chomhchuíbhíú](#)".

I bhfianaise chineál sonrath **Rialacháin Foirne oifigigh** agus sheirbhísigh eile an Aontais, is mar a leanas a luaitear iad in aithrisí, in airteagail agus in iarscríbhinní:

"Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh [agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais], a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle* .

* IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj)."

Maidir le tagairtí do ghníomhartha ina luaitear foráil de cheann amháin de na **Conarthaí** sa teideal, féach pointe D.7.2.1.

Ní luaitear san fhonóta ach **céadfhoilsiú** an ghnímh. Ní thagraítear san fhonóta do leasuithe a rinneadh ina dhiaidh sin ná do cheartúcháin. An t-aon eisceacht amháin air sin ná i gcás códú ar ghníomh ar leasaíodh a theideal (féach pointe C.3.2.1) nó i gcás ina bhfuil sé beartaithe tagairt statach a dhéanamh (féach pointí 16.14 TCC agus D.8.2).

Ní mór do thagairtí do ghníomh dlí a bheith **beacht**. Ar an ábhar sin, ba cheart tagairtí ginearálta do ghníomh a sheachaint, go háirithe sna téarmaí achtúcháin, agus ba cheart tagairt a dhéanamh d'fhorálacha sonracha, más féidir.

Mar shampla, is fearr:

"An nós imeachta a leagtar síos in **Airteagal 2** de Rialachán ..."

ná:

"An nós imeachta a leagtar síos i Rialachán..."

D.7.3.2. An aithris dá dtagraítear a shainaithint

Féach pointe D.6.4. maidir leis an aithris a shainaithint i dteannta phointe D.7.3.1 maidir leis an ngníomh a shainaithint.

Sampla:

"aithris 1 de Rialachán (AE) 2015/10"

I gcás ina dtagraítear d'aithrisí de ghníomh a glacadh roimh an 7 Feabhra 2000, tráth nach raibh aithrisí uimhrithe ann, úsáidtear orduimhreacha mar a leanas: 'an (chéad aithris)/([dara/tríú/...] haithris)'

D.7.3.3. An chuid den téarma achtúcháin dá dtagraítear a shainaithint

Féach pointe D.6.5 maidir leis an gcuid den téarma achtúcháin a shainaithint i dteannta phointe D.7.3.1 maidir leis an ngníomh a shainaithint.

Sampla:

"Airteagal 3(2), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2015/10"

D.7.3.4. An iarscríbhinn dá dtagraítear a shainaithint

Féach pointe D.6.6 maidir leis an iarscríbhinn a shainaithint i dteannta phointe D.7.3.1 maidir leis an ngníomh a shainaithint.

Samplaí:

- I gcás nach bhfuil ach an iarscríbhinn amháin sa ghníomh: "an Iarscríbhinn a ghabhann le [Rialachán ...]"
- I gcás ina bhfuil níos mó ná iarscríbhinn amháin sa ghníomh: "Iarscríbhinn [I] a ghabhann le [Rialachán ...]"

D.7.4. Tagairtí do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus do CECD

Agus tagairt á déanamh don Chairt, is leor tagairt a dhéanamh do "Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh". Ní chuirtear tagairt d'fhoilsiú na Cairte san Iris Oifigiúil i ndiaidh tagairt den sórt sin.

Agus tagairt á déanamh do CECD, déan tagairt do "an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint".

D.7.5. Tagairtí do rúin agus do chinntí ó Pharlaimint na hEorpa

Sampla:

"[rún/cinneadh] ó Pharlaimint na hEorpa an [27 Samhain 2014] [maidir le tacaíocht a thabhairt do chearta tomhaltóirí sa mhargadh aonair digiteach]"*

* [IONár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil]."

D.7.6. Tagairtí do rúin ón gComhairle

Sampla:

"rún ón gComhairle an [18 Samhain 2010] [maidir le hidirphlé struchtúraithe AE i ndáil leis an spórt]"*

* [IONár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil]."

D.7.7. Tagairtí do theachtaireachtaí ón gCoimisiún

Sampla:

"teachtaireacht ón gCoimisiún an [25 Deireadh Fómhair 2013] [dar teideal *Decommissioning of Nuclear Installations and Management of Radioactive Waste: Management of Nuclear Liabilities arising out of the Activities of the Joint Research Centre (JRC) carried out under the Euratom Treaty* [Gléasraí núicléacha a dhíchoimisiúnú agus le dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú: Bainistiú a dhéanamh ar dhliteanais núicléacha atá ann mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) arna ndéanamh faoi Chonradh Euratom]]"

D.7.8. Tagairtí do bhreith ón gCúirt Bhreithiúnais

Nuair a dhéantar an chéad tagairt do bhreith ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcorp an téacs, luaitear ar laghad cineál na breithe (breithiúnas, ordú, tuairim) agus ainm na cúirte (an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta). Féadfar gnáthainm an cháis nó dáta na breithe a chur isteach má mheastar gurb úsáideach é.

Samplaí:

"Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 a chur ar neamhní le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais*"

"Le breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006 i gCás C-178/03*, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 304/2003 ... a chur ar neamhní."

Bíonn fonóta caighdeánach i gcónaí i ndiaidh tagairt den sórt sin. Cuireann an fonóta an méid seo a leanas in iúl i ndiaidh a chéile:

- cineál na breithe (breithiúnas, ordú, tuairim);
- ainm na cúirte (an Chúirt Bhreithiúnais, an Chúirt Ghinearálta);
- dáta na breithe;
- gnáthainm an cháis (ar ainm é a bhunaíonn an Chúirt i gcomhréir lena rialacha inmheánacha: tugtar foirm ghiorraithe d'ainmneacha na n-institiúidí agus na mBallstát, ainm ceann amháin de na páirtithe sna himeachtaí i gcás tarchur le haghaidh réamhrialú, etc.);
- uimhir an cháis;
- tagairt ECLI;
- i gcás inarb iomchuí, mír nó míreanna iomchuí na breithe.

Sampla:

"* Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-178/03, ECLI:EU:C:2006:4, míreanna 60 go 65."

Baineann an cur chuige seo le breitheanna na Cúirte arna bhfoilsiú i bhfoirm páipéir i dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais agus le breitheanna is déanaí arna bhfoilsiú go leictreonach amháin.

Má thagraítear níos mó ná uair amháin don bhreith chéanna i ngníomh, ba cheart leagan gearr a leagan síos sa chéad tagairt (mar shampla "an breithiúnas *‘an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle’*", "breithiúnas an 10 Eanáir 2006" nó "an breithiúnas i gCás C-178/03").

D.7.9. Tagairtí do chomhaontuithe idirnáisiúnta

Maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a foilsíodh san Iris Oifigiúil, déantar iad a lua i gcónaí an chéad uair in éineacht lena dtagairt IO, fiú i gcás nach comhaontuithe de chuid an Aontais a bhí iontu i dtosach ach, mar shampla, gur comhaontuithe de chuid Chomhairle na hEorpa a bhí iontu.

I gcás comhaontuithe nár foilsíodh san Iris Oifigiúil, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach áit agus dáta an tsínithe a lua.

Samplaí:

- "an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le Sásra Airgeadais na hIorua don tréimhse 2014-2021"

* IO L 141, 28.5.2016, lch. 11."

- "Coinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, arna shíniú i Vín an 23 Bealtaine 1969,"

Más rud é go dtagraítear don chomhaontú idirnáisiúnta céanna níos mó ná uair amháin i ngníomh ar leith, ba cheart leagan gearr a leagan síos sa chéad tagairt (mar shampla "(*‘an Comhaontú maidir le Sásra Airgeadais na hIorua’*)").

Leanann sé de phointe D.8.1 agus de phointe D.8.2 gur cheart a chur in iúl in aon tagairt do chomhaontú idirnáisiúnta cé acu tagairt dhinimiciúil nó tagairt statach atá sa tagairt sin.

D.7.10 Tagairtí do ghníomhartha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta

Maidir le tagairtí do ghníomhartha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, is gnách go leagtar amach iontu (i gcorp an téacs) cineál an ghnímh, an dáta, an t-údar agus an teideal iomlán. Más rud é go dtagraítear don ghníomh céanna níos mó ná uair amháin i ngníomh ar leith, ba cheart leagan gearr a leagan síos sa chéad tagairt (mar shampla ("an moladh ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair")).

D.7.11 Tagairtí do ghníomhartha neamhcheangailteacha

Féach pointe 17 TCC.

D.7.12 Tagairtí d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Féach pointe 3.1 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach.

D.8. TAGAIRTÍ DINIMICIÚLA AGUS TAGAIRTÍ STATACHA

D.8.1. Tagairtí dinimiciúla

Tuigtear gur tagairt "dhinimiciúil" atá i dtagairt i gcás inarb ionann an fhoráil a luaitear agus an fhoráil faoi mar a leasaíodh í. Tá míniú níos mionsonraithe le fáil i bpointí 16.11 go 16.13 agus 16.17 TCC.

Tagairt dhinimiciúil a bhíonn i ngach tagairt d'fhoráil de ghníomh de chuid an Aontais mura gcuirtear a mhalairt in iúl. Ní mór a shonrú i dtagairt d'fhoráil de ghníomh nach gníomh de chuid an Aontais é gur tagairt dhinimiciúil atá inti más sin atá beartaithe.

Sampla de thagairt dhinimiciúil d'fhoráil gnímh de chuid an Aontais:

"Airteagal 10 de Rialachán (AE)"

Samplaí de thagairtí dinimiciúla d'fhoráil gnímh nach gníomh de chuid an Aontais é:

"Airteagal 10 de Choinbhinsiún an ... maidir le ..., arna leasú,"

"Airteagal 10 de Choinbhinsiún an ... maidir le ..., ina leagan is déanaí is infheidhme maidir leis an Aontas Eorpach,"

D.8.2. Tagairtí statacha

Tuigtear gur tagairt statach atá i dtagairt a bhaineann le leagan ar leith d'fhoráil. Tá míniú níos mionsonraithe le fáil i bpointí 16.14 go 16.17 TCC.

Tagairt statach a bhíonn i dtagairt d'fhoráil gnímh de chuid an Aontais i gcás ina sonraítear amhlaidh go sainráite, agus sa chás sin amháin. Ba cheart a shonrú i dtagairt d'fhoráil gnímh nach gníomh de chuid an Aontais é gur tagairt statach atá inti más sin atá beartaithe.

Sampla de thagairt statach d'fhoráil gnímh de chuid an Aontais i leagan ar leith ar dháta sonrach:

"Airteagal 10 de Rialachán (AE) ..., sa leagan [a bhí/atá/a bheidh] i bhfeidhm an,"

"Airteagal 10 de Rialachán (AE) ..., sa leagan is infheidhme an ...",

Sampla de thagairt statach d'fhoráil gnímh de chuid an Aontais arna leasú le gníomh ar leith:

"Airteagal 10 de Rialachán (AE) ..., arna leasú le Rialachán (AE) ..."

Sampla de thagairt statach d'fhoráil gnímh nach gníomh de chuid an Aontais é ina bhunleagan:

"Airteagal 10 de Choinbhinsiún an ... maidir le ..., ina bhunleagan"

Sampla de thagairt statach d'fhoráil gnímh nach gníomh de chuid an Aontais é arna leasú le gníomh ar leith:

"Airteagal 10 de Choinbhinsiún an ...maidir le ... arna leasú le Prótacal an ...maidir le..."

D.9. TAGAIRTÍ D'EINTITIS

D.9.1. Tagairtí don Aontas agus do Chomhphobal Euratom

Ba cheart tagairt a dhéanamh ar dtús don Aontas Eorpach agus ansin don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

An chéad tagairt:

- "an tAontas Eorpach"
- "an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach"

Tagairtí ina dhiaidh sin:

- "an tAontas"
- "an Comhphobal"

Féadfar leagan gearr a úsáid i dteidil ar mhaithe le hachomaireacht: féach pointe D.1.4.1.

D.9.2. Tagairtí d'institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Aontais

Is ionann an t-ord ina luaitear na hinstiúidí agus na comhlachtaí i **gcorp** an téacs agus an t-ord ina luaitear iad sa chuid de na Conarthaí a bhaineann leis na hinstiúidí, eadhon: Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle, an Coimisiún, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, an Chúirt Iniúchóirí, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún, an Banc Eorpach Infheistíochta. Maidir leis na **luanna**, áfach, an t-ord atá sonraithe i gcuid A thuas an t-ord ina luafar iad⁷⁰.

⁷⁰ Féach freisin Iarscríbhinn II.

<i>An t-ainm oifigiúil ina iomláine</i>	<i>Ainm gnáthúsáide</i>	<i>Giorrúchán</i>	<i>Ainm i ngníomhartha atá faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh</i>
Parlaimint na hEorpa	Parlaimint na hEorpa	PE	Parlaimint na hEorpa
an Chomhairle Eorpach	an Chomhairle Eorpach	—	an Chomhairle Eorpach ¹
Comhairle an Aontais Eorpaigh	an Chomhairle	—	an Chomhairle ²
an Coimisiún Eorpach ³	an Coimisiún	—	an Coimisiún ²
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ⁴	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt) ⁵	CBAE	Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ⁶
an Banc Ceannais Eorpach	an Banc Ceannais Eorpach (an Banc) ⁵	BCE ⁷	an Banc Ceannais Eorpach
an Chúirt Iniúcháirí	an Chúirt Iniúcháirí (an Chúirt) ⁵	—	an Chúirt Iniúcháirí
Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁸	Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (an Coiste) ⁵	CESE	Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Coiste na Réigiún	Coiste na Réigiún (an Coiste) ⁵	—	Coiste na Réigiún
an Banc Eorpach Infheistíochta	an Banc Eorpach Infheistíochta (an Banc) ⁵	BEI	an Banc Eorpach Infheistíochta

¹ Úsáidtear an t-ainm iomlán i gcónaí.

² Úsáidtear an t-ainm iomlán nuair a dhéantar an chéad lua sa Bhrollach.

³ Ní úsáidtear an t-ainm seo ach in CAE amháin (féach Airteagal 13).

⁴ Cuimsíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh "An Chúirt Bhreithiúnais", "An Chúirt Ghinearálta" agus cúirteanna speisialaithe (Airteagal 19 CAE). Sá lá atá inniu ann, is é an Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh an t-aon chúirt speisialaithe amháin a bunaíodh riamh (ar a dtugtar "Binse na Seirbhíse Sibhialta" de ghnáth), ar cúirt í a bhí ag obair ó 2005 go 2016. I dtagairt do bhreith ó cheann amháin de na cúirteanna sin, ba cheart mar ghnáthchleachtas an chúirt i dtrácht seachas an institiúid i gcoitinne a lua (féach pointe D.7.8).

⁵ Úsáidtear an leagan gearr (idir lúbíní) nuair nach bhfuil aon bhaol mearbhaill ann.

⁶ Úsáidtear an téarma "an Chúirt Bhreithiúnais", áfach, i luanna (féach cuid A, cill H 3 agus cill K).

⁷ Giorrúchán atá i bPrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal le CAE agus le CFAE.

⁸ Is é "an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta" an teideal oifigiúil a thugtar ar CESE in CFAE, ach is gnách "na hEorpa" a chur leis an ainm, agus an t-alt a bhaint.

D.9.3. Tagairtí do na Ballstáit

Liosta nach bhfuil ann ach na Ballstáit, ba cheart dó ord aibítir na Laidine maidir le **bunainmneacha na dtíortha** a leanúint, agus is ionann an t-ord sin i ngach teanga. Chun sonraí breise a fháil, féach pointe 7.1.2 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach.

Chun liosta d'ainmneacha na mBallstát agus an rogha idir na hainmneacha gearra agus na hainmneacha oifigiúla a fháil, féach pointe 7.1 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach.

D.9.4. Tagairtí do thríú tíortha

Liostaí nach bhfuil iontu ach tríú tíortha nó a bhfuil tríú tíortha agus Ballstáit iontu, is iondúil go leanann siad an t-ord aibítire ina mbíonn na tríú tíortha sin nó na tríú tíortha agus na Ballstáit sin i **dteanga an téacs** (mar shampla, i nGaeilge: an Eilbhéis, an Fhionlainn, an Iorua, an Íoslainn, na hOileáin Philipíneacha, an Ostair). Chun sonraí breise a fháil, féach pointe 7.1.2 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach.

Chun liosta d'ainmneacha na dtríú tíortha agus an rogha idir na hainmneacha gearra agus na hainmneacha oifigiúla a fháil, féach pointe 7.1 agus Iarscríbhinn A5 a ghabhann leis an Treoir Stíle Idirinstitiúideach.

D.10. TAGAIRTÍ DO DHÁTAÍ AGUS DO THEORAINNEACHA AMA

D.10.1. Ginearálta

Ní mór dátaí agus teorainneacha ama a shonrú go beacht (féach pointe 20 TCC), de rogha tríd an **dáta a scríobh i bhfigiúirí** (lá/mí/bliain) más féidir. Ar an dóigh sin ní gá aon rud a ríomh, seachnaítear earráidí nó débhrí agus fágtar go mbíonn an fhoclaíocht beacht.

Más féidir, ní mór an méid seo a leanas a sheachaint:

- tagairt a dhéanamh d'airteagal eile ina luaitear an dáta i dtrácht (chuige sin, níorbh fholáir an áit sa téacs a shonrú go beacht, rud a d'fhéadfadh a bheith liopasta).

Sampla (d'fhoclaíocht atá le seachaint):

"an dáta dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an chéad fhomhír, an dara habairt,"

- tagairt thuairisciúil (éiríonn foirmlí sách fada as tagairtí den sórt sin agus fágann siad go mbíonn ar an léitheoir an fhoráil ábhartha a chuardach).

Samplaí (d'fhoclaíocht atá le seachaint):

"an dáta nach mór do na Ballstáit an Treoir seo a chomhlíonadh uaidh"

"3 bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm"

I roinnt cásanna, féadfar tagairt chasta a shimpliú trí dháta beacht a chur ina hionad. Dá bhrí sin, féadfar an abairt "Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil faoin **31 Nollaig 2016.**" a chur in ionad na habairte "Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil laistigh **de 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.**" (nuair is é an 1 Eanáir 2015 dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin)

Murab eol an dáta beacht an tráth a nglactar an gníomh, ach más rud é go mbeifear ar an eolas faoi an tráth a bhfoilseofar é (mar shampla, is dáta é is féidir a chinneadh ar bhonn dháta foilsithe an ghnímh i gceist), cuirtear isteach trí phonc agus míniú, i lúibíní cearnacha, ina ndiaidh maidir le conas an dáta beacht a ríomh. Nuair a fhoilseofar an gníomh, cuirfidh Oifig na bhFoilseachán an dáta beacht in ionad na bponcanna, na lúibíní cearnacha agus an mhínithe.

Sampla:

"Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheadú dá n-institiúidí creidmheasa ualú priacail 50 % a chur i bhfeidhm maidir leis na hiasachtaí leanúnacha an ... [2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Sá chás sin, déantar an mhaoin dhochorraithe a luacháil an ... [5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí."

Murab eol an dáta beacht fós an tráth a bhfoilseofar an gníomh (mar shampla, is dáta é is féidir a chinneadh ar bhonn imeacht a tharlóidh amach anseo, amhail an dáta a dtéitear isteach in eagraíocht idirnáisiúnta), is féidir foráil a dhéanamh sna téarmaí achtúcháin go bhfoilseoidh an Coimisiún fógra san *Iris Oifigiúil* lena gcuirfear an dáta beacht in iúl, a luaithe is eol é. I gcásanna den sórt sin, moltar abairt a chur isteach sna haithrisí á rá gur eolas a thabhairt don phobal agus é sin amháin is cuspóir don fhoilsiú, agus nach bhfuil aon iarmhairt dhlíthiúil aige:

"(...) ... Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* lena gcuirtear in iúl dáta ..., chun rochtain an phobail ar an bhfaisnéis sin a éascú."

D.10.2. Gníomhartha leasaitheacha

I gcás ina gcuirtear dáta nó tréimhse in iúl trí thagairt a dhéanamh "**don Rialachán/Treoir/Chinneadh seo**" i ngníomh lena leasaítear gníomh eile den chineál céanna, ní mór a bheith cúramach gur léir cén gníomh atá i gceist.

Baineann an méid seo go háirithe le cásanna ina mbíonn an tagairt i bhforáil leasaitheach (laistigh de chomharthaí athfhriotail), ar foráil í lena gcuirtear téacs isteach sa ghníomh leasaithe. Tagraíonn tagairt den sórt sin (mar shampla, do "teacht i bhfeidhm na Treorach seo") don ghníomh **leasaithe**. I gcás ina mbeartaítear tagairt a dhéanamh don ghníomh leasaitheach, ní féidir tagairt dhíreach ar bith don ghníomh leasaitheach sin a dhéanamh sa chuid sin den téacs a chuirtear isteach sa ghníomh leasaithe ach is féidir an cuspóir céanna a bhaint amach trí shonra eile a chur in ionad na tagartha (dáta nithiúil de ghnáth).

Mar shampla (treoir ó 2015 lena leasaítear treoir ó 2000):

"Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7a

Faoi 31 Nollaig 2020, tiolacfaidh an Coimisiún, tuarascáil ar bhonn na faisnéise sin, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ...’."

seachas

"Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7a

... Ar bhonn na faisnéise sin, tiolacfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ..., **laistigh de 5 bliana tar éis fógra a thabhairt maidir leis an Treoir seo...**'."⁷¹

D.10.3. Tús na dtréimhsí bailíochta

Féach pointe 20.17 TCC.⁷²

NB: Níor cheart an nath "tar éis/i ndiaidh an" a úsáid ós rud é go bhféadfaí mearbhall a chur ar an léitheoir. Má úsáidtear é, ba cheart gurb é an dáta a thiocfaidh tar éis an natha "tar éis/i ndiaidh an" an dáta díreach roimh an dáta a dtosóidh an tréimhse. Is éard is brí leis an nath "tar éis/i ndiaidh an 31 Nollaig 2015" "an 1 Eanáir 2016 nó aon dáta ina dhiaidh sin".

D.10.4. Deireadh na dtréimhsí bailíochta

Féach pointe 20.18 TCC.⁷³

D.10.5. Spriocdhátaí (teorainneacha ama)

Tagann deireadh le teorainneacha ama ag **meán oíche ar an dáta a shonraítear**⁷⁴.

⁷¹ Míniú: Tá Airteagal 7a (foráil nua) le cur isteach sa Treoir leasaithe; chiallóidh "an Treoir seo", mar sin, an treoir ó 2000. Mar sin féin, is éasca a oibriú amach go raibh an t-údar ag iarraidh tagairt a déanamh don Treoir ó 2015 (+ cúig bliana = 2020) (toisc 2000 + cúig bliana = 2005, bliain a bhí thart cheana faoi 2015, an dáta ar glacadh an treoir leasaitheach).

⁷² Féach [Rialachán \(CEE, Euratom\) Uimh. 1182/71 ón gComhairle lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama](#) (IO L 124, 8.6.1971, Ith. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1971/1182/oj>).

⁷³ Féach [Rialachán \(CEE, Euratom\) Uimh 1182/71](#).

⁷⁴ Féach [Rialachán \(CEE, Euratom\) Uimh 1182/71](#).

I gcás ina mbeidh cinneadh le déanamh, ba cheart an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid, ar foclaíocht í a chuireann in iúl go soiléir go n-áirítear an lá deireanach féin:

"faoin [31 Nollaig 2015]"

I gcás ina mbeidh tuarascáil nó togra le tíolacadh nó inar gá cloí le teorainn ama (mar shampla i gcás treoracha), nuair nach móide go ndéanfar an gníomh ar an lá deireanach, is féidir an leagan simplithe seo a leanas a úsáid:

"roimh an [1 Eanáir 2016]"

NB: Is é dáta an lae a thagann i ndiaidh dheireadh na tréimhse atá i gceist a chuirtear i ndiaidh "roimh an". Ciallaíonn "roimh an 1 Eanáir 2016" "faoin 31 Nollaig 2015".

D.11. TAGAIRTÍ DO THEANGACHA

Maidir le hainmneacha na dteangacha agus ord na dteangacha i dtéacsanna ilteangacha nó aonteangacha, féach pointí 7.2.1 agus 7.2.2 den Treoir Stíle Idirinstitiúideach.

D.12. FONÓTAÍ AGUS TREORACHA D'OIFIG NA bhFOILSEACHÁN

Is é atá i bhfíor-fhonótaí faisnéis nach mór a bheith priontáilte 'mar atá' sa téacs foilsithe. Mar riail ghinearálta⁷⁵, tosaíonn fíor-fhonótaí le huimhreacha leantacha agus cuirtear iad ag bun leathanach an téacs lena mbaineann siad. Mar eisceacht, i gcás ina mbaineann fíor-fhonótaí le foráil lena gcuirtear téacs le gníomh atá ann cheana nó lena gcuirtear téacs ina ionad, tosaíonn siad le réiltín amháin, dhá réiltín, trí réiltín etc agus cuirtear iad go díreach i ndiaidh bhloc an téacs leasaithe.

Is é atá i bhfonótaí teicniúla treoracha d'Oifig na bhFoilseachán faisnéis a chur isteach sa téacs sula bhfoilsítear é, ar faisnéis í atá de chineál teicniúil agus, mar sin, nach ndéantar aon difear leis do shubstaint an téacs ar bhealach ar bith, amhail uimhir sheicheamhach gnímh nach bhfuil foilsithe go fóill. Tosaíonn fonótaí teicniúla le comharthaí móide (+) ag dul i méid de réir uimhreach. Cuirtear i gcónaí iad ag bun leathanach an téacs lena mbaineann siad, fiú más cuid d'fhoráil iad lena gcuirtear téacs le gníomh atá ann cheana nó lena gcuirtear téacs ina ionad.

⁷⁵ Uaireanta, féadfar rialacha éagsúla a úsáid i gcás fonótaí a bhaineann le hianscríbhinní teicniúla (amhail foirmeacha nó táblaí) a leathnaíonn thar roinnt leathanach.

Sampla de theaghlaim de na cineálacha éagsúla fonótaí:

"Airteagal 5

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Le linn dó na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt faoin mír seo, ní dhéanfaidh ÚEUM dochar don fhoráil idirthréimhseach a bhaineann le conarthaí díorthacha C6 mar a leagtar síos in Airteagal 95 de Threoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{* +} agus in Airteagal 35(6), pointe (e), de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{** ++}.

* Treoir (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le ... (IO ...).

** Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ... maidir le ... (IO ...).’

(2) ...

¹ Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/648/oj>).

⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir na Treorach atá i ndoiciméad PE-CONS 23/14 (2011/0298(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO na Treorach sin.

⁺⁺ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 78/13 (2011/0295(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin."

I gcás ina bhfuil substaint i gceist le treoir d'Oifig na bhFoilseachán, mar shampla, data chur i bhfeidhm an ghnímh nó dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh, ní leagtar amach mar fhonóta í: cuirtear trí phonc isteach i gcorp an téacs, agus treoir idir lúibíní cearnacha ina dhiaidh (féach an sampla i bpointe D.10.1).

An Treoirleabhar Comhchleachtais
ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle
agus
ón gCoimisiún
dóibh siúd atá rannpháirteach i ndréachtú
reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Brollach don dara heagrán

Léiríodh, le níos mó ná deich mbliana, gur uirlis luachmhar é an Treoirleabhar Comhchleachtais chun a áirithiú go ndréachtófar gníomhartha dlí de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin go soiléir agus go cruinn. Is foinse tagartha iad na prionsabail atá leagtha amach sa Treoirleabhar do na trí institiúid maidir le hábhair dréachtaithe reachtaigh.

Tá roinnt athruithe tagtha chun cinn ar an dlí ar a dtugtar dlí an Aontais anois, áfach, ó foilsíodh an chéad eagrán den Treoirleabhar sa bhliain 2000. Bhí gá leis na nuashonruithe páirteacha a bhí ar fáil ar líne cheana, agus na hoiriúnuithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin ⁽¹⁾ a chomhdhlúthú in eagrán nua.

Rinneadh simpliú ar an eagrán seo i mbealaí áirithe agus cuirtear san áireamh leis seo na hathruithe is déanaí. Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh forbairtí freisin; ag an tráth oiriúnach, beidh ar an nGrúpa Machnaimh ar Dhréachtú Reachtach ⁽²⁾, a bheidh freagrach as a áirithiú go gcoimeádfar an Treoirleabhar cothrom le dáta, na forbairtí sin a chomhtháthú i dtéacs an Treoirleabhair.

Is ardán do phrionsabail ghinearálta an dréachtaithe é an Treoirleabhar Comhchleachtais. Baineann gach institiúid úsáid as an Treoirleabhar in éineacht le huirlisí eile ina bhfuil foirmlithe caighdeánacha áirithe agus rialacha praiticiúla níos mionsonraithe.

Go leana an Treoirleabhar oiriúnuithe agus nuashonraithe de chur le cáilíocht ghníomhartha dlí an Aontais.

Thar ceann Sheirbhís Dlí
Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann Sheirbhís Dlí
na Comhairle

Christian PENNERA
Príomh-Chomhairleoir Dlí

Hubert LEGAL
Príomh-Chomhairleoir Dlí

Thar ceann Sheirbhís Dlí
an Choimisiúin

Luis ROMERO REQUENA
Ard-Stiúrthóir

An Bhruiséil, 11 Iúil 2013

¹ Chun críocha an eagrán seo, rinneadh foclaíocht na dtreoirlínte comhchoiteanna arna nglacadh le Comhaontú Idirinstitiúideach 1998 (féach an brollach don chéad eagrán), lenar tugadh isteach forannáin an Treoirleabhair, a chur in oiriúint i dtaobh pointí áirithe chun aird a thabhairt ar na forbairtí sin.

² Cruthaíodh an Grúpa Machnaimh in 2010 chun comhoibriú idir na trí institiúid maidir le dréachtú reachtach a éascú.

Brollach don chéad eagrán

Is den bhunriachtanas é a áirithiú go ndréachtófar reachtaíocht an Chomhphobail go héifeachtach le go bhféadfar an reachtaíocht sin a thuiscint níos fearr agus a chur chun feidhme mar is ceart. Ní mór gníomhartha arna nglacadh ag institiúidí an Chomhphobail a tharraingt suas go cruinn comhchuí, i gcomhréir le prionsabail aonfhoirmeacha maidir le leagan amach agus dréachtú reachtaíochta ionas gur féidir le saoránaigh agus le hoibreoirí eacnamaíocha na hoibleagáidí agus na cearta atá acu a shainaithint agus gur féidir leis na cúirteanna iad a chur i bhfeidhm, agus ionas gur féidir leis na Ballstáit, nuair is gá, na gníomhartha sin a thrasú mar is ceart in am agus i dtráth.

Ó tháinig an Chomhairle Eorpach le chéile i nDún Éideann in 1992, aithníodh ar an leibhéal polaitiúil is airde go raibh gá le reachtóireacht níos fearr – trí ghníomhartha atá níos simplí agus níos soiléire agus iad i gcomhréir leis na prionsabail sin go ndréachtófaí an reachtaíocht go héifeachtach. Ghlac an Chomhairle agus an Coimisiún araon bearta chun riar ar an ngá sin ⁽¹⁾. Athdhearbhaíodh é le Dearbhú Uimh. 39 faoin gcáilíocht i leith reachtaíocht an Chomhphobail a dhréachtú, atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach de Chonradh Amstardam. De thoradh an Dearbhaithe sin, ghlac na trí institiúid a bhí rannpháirteach sa nós imeachta i leith gníomhartha Comhphobail a ghlacadh, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, treoirlínte comhchoiteanna lenar beartaíodh, tríd an gComhaontú Idirinstitiúideach an 22 Nollaig 1998 ⁽²⁾, feabhas a chur ar cháilíocht dréachtaithe reachtaíochta an Chomhphobail.

Ba iad na trí sheirbhís dlí a tharraing an treoirleabhar seo suas de bhun an Chomhaontaithe sin chun an t-inneachar a fhorbairt agus impleachtaí na dtreoirlínte sin a mhíniú, trí thrácht a dhéanamh ar gach uile threoirlíne agus iad a léiriú le samplaí. Is é is aidhm don treoirleabhar ná go mbainfidh gach duine atá rannpháirteach i ndréachtú na gcineálacha gníomhartha Comhphobail is coitianta úsáid as. Thairis sin, ba cheart an treoirleabhar a bheith ina spreagadh maidir le haon ghníomh de chuid na n-institiúidí, bíodh siad faoi chuimsiú Chonarthaí na gComhphobal nó faoi chuimsiú theidil an Chonartha ar an Aontas Eorpach maidir leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála agus maidir le comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla.

Moltar an Treoirleabhar Comhchleachtais a úsáid in éineacht le téacsanna eile atá níos saineúla, mar Lámhleabhar Fasach na Comhairle, *The Commission's Manual on Legislative Drafting*, an Treoir Stíle Idirinstitiúideach arna fhoilsiú ag Oifig Foilseachán Oifigiúil na gComhphobal Eorpach nó na múnlaí sin in LegisWrite. Lena chois sin, fóirfidh sé i gcónaí tagairt do na

¹ Rún ón gComhairle an 8 Meitheamh 1993 maidir leis an gcáilíocht i leith reachtaíocht an Chomhphobail a dhréachtú (IO C 166, 17.6.1993, lch. 1).

An Coimisiún: Treoirlínte ginearálta le haghaidh an bheartais reachtaíochta, doiciméad SEC(1995) 2255/7, an 18 Eanáir 1996.

² An Comhaontú Idirinstitiúideach an 22 Nollaig 1998 maidir leis na treoirlínte comhchoiteanna a bhaineann le cáilíocht dhréachtú reachtaíocht an Chomhphobail (IO C 73, 17.3.1999, lch. 1).

forálacha ábhartha atá sna Conarthaí agus do na gníomhartha bunúsacha is tábhachtaí i dtaca le réimse ar leith agus go minic, ní féidir déanamh dá uireasa.


Iarrtar ar bhaill foirne na dtrí institiúid úsáid a bhaint as an Treoirleabhar seo agus cur leis trína gcuid tuairimí féin a thabhairt air. Féadfar na tuairimí sin a chur aon tráth chuig an ngrúpa idirinstiúideach um an gcáilíocht dréachtaithe a chinnteoidh go mbeidh an Treoirleabhar cothrom le dáta.

Tá na trí theirbhís dlí ag súil go gcabhróidh an Treoirleabhar leo siúd go léir atá rannpháirteach ar shlí ar bith i ndréachtú gníomhartha reachtacha sna hinstiúidí. Beidh siad go léir in ann oibriú de réir na comhspríce sin chun reachtaíocht a thíolacadh chuig saoránaigh na hEorpa a shoiléireoidh aidhmeanna an Aontais Eorpaigh agus na modhanna a úsáideann sé chun na haidhmeanna sin a bhaint amach.

Thar ceann Sheirbhís Dlí
Pharlaimint na hEorpa


Monsieur G. GARZÓN CLARIANA
Jurisconsulte

Thar ceann Sheirbhís Dlí
na Comhairle


Monsieur J.-C. PIRIS
Jurisconsulte

Thar ceann Sheirbhís Dlí
an Choimisiúin


Monsieur J.-L. DEWOST
Directeur général

Buxelle, le 16 Mars 2000

CLÁR NA nÁBHAR

BROLLAIGH	4
PRIONSABAIL GHINEARÁLTA (Treoirlínte 1 go 6)	7
NA CODANNA ÉAGSÚLA DEN GHNÍOMH (Treoirlínte 7 go 15)	17
TAGAIRTÍ INMHEÁNACHA AGUS SEACHTRACHA (Treoirlínte 16 agus 17)	33
GNÍOMHARTHA LEASAITHEACHA (Treoirlínte 18 agus 19)	40
FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA, AISGHAIRMEACHA AGUS IARSCRÍBHINNÍ (Treoirlínte 20, 21 agus 22)	46

Prionsabail ghinearálta
Treoirlínte 1 go 6

1. DÉANFAR GNÍOMHARTHA DLÍ AN AONTAIS A DHRÉACHTÚ GO SOILÉIR, GO SIMPLÍ AGUS GO BEACHT *.
- 1.1. Maidir le dréachtú gnímh dlí, ní mór é a bheith:
 - soiléir, sothuigthe agus gan a bheith débhríoch;
 - simplí, achomair agus gan aon eilimintí a bheith ann nach bhfuil gá leo;
 - beacht agus nach bhfágtar aon éiginnteacht in intinn an léitheora.
- 1.2. Is ionann an prionsabal seo atá bunaithe ar an gciall choitianta agus léiriú ar phrionsabail ghinearálta an dlí, mar shampla:
 - comhionannas na saoránach os comhair an dlí, sa chiall gur cheart rochtain a bheith ag gach duine ar an dlí agus é a bheith sothuigthe;
 - deimhneacht dhlíthiúil sa mhéid gur cheart go bhfeicfí roimh ré cén chaoi a gcuirfí an dlí i bhfeidhm.
- 1.2.1. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an bprionsabal sin maidir le gníomhartha dlí an Aontais, nach mór dóibh réiteach le córas atá casta, ilchultúrtha agus ilteangach (féach Treoirlíne 5).
- 1.2.2. Le linn don phrionsabal sin á chur i bhfeidhm, tá dhá aidhm ann: ar an gcéad dul síos, gníomhartha a dhéanamh níos sothuigthe; ar an dara dul síos, díospóidí atá mar thoradh ar dhroch-dhréachtú a sheachaint.

* San eagrán seo den Treoirleabhar Comhchleachtais, cuireadh foclaíocht na Treoirlíne seo in oiriúint chun na hathruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

- 1.3. Féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh forálacha nach bhfuil dréachtaithe go soiléir a léiriú ar bhonn atá srianta. Má tharlaíonn sé sin, is é an toradh a bheidh ann ná malairt an rúin a bhí ann nuair a cuireadh foclaíocht dhébhríoch isteach sa téacs mar bhealach chun fadhbanna a réiteach i gcaibidlíocht na forála ⁽¹⁾.
- 1.4. Is léir gur féidir go mbeidh coimhlint ann idir an riachtanas maidir le simplíocht agus an riachtanas maidir le beaichte. Is minic a bhaintear simplíocht amach ar aimhleas na beaichte agus a mhalairt. Go praiticiúil, ní mór cothromaíocht a bheith ann le go mbeidh an fhoráil chomh beacht agus is féidir agus fós sách éasca le tuiscint. Féadann athrú teacht ar an gcothromaíocht sin ag brath orthu siúd a ndírítear na forálacha chucu (féach Treoirlíne 3).

Sampla de théacs nach bhfuil an chothromaíocht sin ann:

"Tabharfar isteach córas lipéadaithe [táirge] éigeantach agus beidh sé éigeantach sna Ballstáit go léir ón 1 Eanáir 2000 ar aghaidh. Ní chuirfear as an áireamh, áfach, sa chóras éigeantach sin gur féidir le Ballstát a chinneadh go gcuirfear an córas i bhfeidhm ar bhonn roghnach amháin i leith [an táirge] arna dhíol sa Bhallstát céanna sin."

- 1.4.1. Chun go bhféadfar an cuspóir reachtach a chur in iúl go simplí, ba cheart don dréachtóir iarracht a dhéanamh coincheapa simplí a úsáid. Nuair is féidir, ba cheart teanga an phobail a úsáid. Nuair is gá, ba cheart tús áite a thabhairt don fhriotal soiléir seachas do cheisteanna stíle. Mar shampla, ba cheart úsáid chomhchiallach agus nathanna éagsúla chun an smaoineamh céanna a chur in iúl a sheachaint.
- 1.4.2. Má dhéantar dréachtú atá ceart ó thaobh na gramadaí de agus ina n-urramaítear rialacha na poncaíochta, beidh sé níos fusa an téacs a thuiscint sa teanga inar dréachtaíodh é agus níos fusa é a aistriú go teangacha eile (féach Treoirlíne 5).
2. DÉANFAR GNÍOMHARTHA AONTAIS A DHRÉACHTÚ AR SHLÍ A OIREANN DO CHINEÁL AN GHNÍMH LENA mBAINEANN AGUS, GO hÁIRITHE, DO CIBÉ ACU ATÁ, NÓ NACH BHFUIL, AN GNÍOMH CEANGAILTEACH (RIALACHÁN, TREOIR, CINNEADH, MOLADH NÓ GNÍOMH EILE)*.
- 2.1. Tá leagan amach caighdeánach agus foirmlithe caighdeánacha dá gcuid féin ag baint le gníomhartha dlí (féach Treoirlíne 15).

¹ Féach Cás C-6/98 *ARD v Pro Sieben* [1999] ECR I-7599.

* San eagrán seo den Treoirleabhar Comhchleachtais, cuireadh foclaíocht na Treoirlíne seo in oiriúint chun na hathruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

2.2. Ba cheart cineál an ghnímh a chur san áireamh sa stíl dréachtaithe.

2.2.1. Ós rud é go gcuirtear Rialacháin i bhfeidhm go díreach agus go bhfuil siad ina gceangal go huile agus go hiomlán, ba cheart na forálacha atá iontu a dhréachtú ar shlí a fhágann nach mbeadh aon amhras orthu siúd a ndírítear na forálacha sin chucu faoi na cearta agus faoi na hoibleagáidí a leanann astu: dá bhrí sin, ba cheart tagairtí d'údaráis náisiúnta idirmheánacha a sheachaint, ach amháin i gcás ina ndéantar foráil leis an ngníomh maidir le gníomhaíocht chomhlántach na mBallstát.

Sampla:

"Coinneoidh gach cuideachta clár ...".

2.2.2. Is chuig na Ballstáit a dhírítear Treoracha:

Sampla:

"Áiritheoidh na Ballstáit go gcoinneoidh gach cuideachta clár ...".

Ina theannta sin, déantar iad a dhréachtú ar shlí nach bhfuil chomh mionsonraithe sin ionas go bhfágтар go leor rogha ag na Ballstáit maidir lena dtrasuí. Má tá na téarmaí achtúcháin rómhionsonraithe agus mura bhfágтар go leor rogha iontu, rialachán is ea an ionstraim oiriúnach, seachas treoir.

2.2.3. Ba cheart cinntí a dhréachtú chun iad siúd a ndírítear chucu iad a chur san áireamh, ach ba cheart na rialacha foirmiúla maidir le leagan amach gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta acu a chomhlíonadh sna cinntí sin, den chuid is mó:

Sampla:

"Féadfaidh [an Ballstát] cabhair airgeadais a fháil ón Aontas maidir leis an ráig fiabhrais muc Afracach a dearbhaíodh an ...".

2.2.4. Ní mór a chur san áireamh i bhfriotal moltaí nach bhfuil aon bhrí cheangailteach ag baint lena bhforálacha:

Sampla:

"Moltar go ndéanfaidh na Ballstáit ...".

- 2.3. Ba cheart a chur san áireamh freisin sa mhodh ina ndrächtaítear an gníomh an bhfuil sé ceangailteach nó nach bhfuil.
- 2.3.1. Athraíonn an briathar agus an aimsir de réir an chineáil ghnímh agus na teanga atá i gceist, agus de réir cé acu aithrisí nó téarmaí achtúcháin atá i gceist (féach Treoirlínte 10 agus 12).
- 2.3.2. I dtéarmaí achtúcháin gníomhartha ceangailteacha, úsáidtear an aimsir láithreach sa Fhraincis agus úsáidtear an briathar cúnta '*shall*' sa Bhéarla, de ghnáth. Sa dá theanga sin, ba cheart an aimsir fháistineach a sheachaint a mhéid is féidir. I dtéarmaí achtúcháin gníomhartha ceangailteacha, úsáidtear an aimsir fháistineach sa Ghaeilge, de ghnáth.
- 2.3.3. Os a choinne sin, i ngníomhartha neamhcheangailteacha, níor cheart briathra nó struchtúir atá sa mhodh ordaitheach nó leagan amach atá róchosúil le struchtúir agus leagan amach gníomhartha ceangailteacha a úsáid.
3. AGUS NA GNÍOMHARTHA Á nDRÉACHTÚ, CUIRFEAR SAN ÁIREAMH NA DAOINE SIN A mBEARTAÍTEAR NA GNÍOMHARTHA A BHEITH INFHEIDHME MAIDIR LEO, IONAS GO bhFÉADFAIDH SIAD A gCEARTA AGUS A nOIBLEAGÁIDÍ A SHAINAITHINT GAN AON DÉBHRÍOCHT AGUS CUIRFEAR SAN ÁIREAMH NA DAOINE A BHEIDH FREAGRACH AS NA GNÍOMHARTHA A CHUR I bhFEIDHM CHOMH MAITH.
- 3.1. Tá catagóirí éagsúla seolaí ann a ndírítear gníomhartha dlí chucu, idir an gnáthphobal agus speisialtóirí atá ag obair i réimsí ar leith. I dtaca le gach catagóir, táthar i dteideal a bheith ag súil leis go mbeidh siad in ann an friotal a úsáidtear a thuiscint.
- 3.2. De bharr go gcuirtear na catagóirí éagsúla daoine a ndírítear gníomhartha chucu san áireamh, déantar coigeartú ar an ráiteas faoi na cúiseanna atá leis na gníomhartha sin agus ar théarmaí achtúcháin na ngníomhartha sin.
- 3.3. Is amhlaidh is fusa gníomhartha a thrasú nuair a chuirtear na catagóirí éagsúla seolaí sin san áireamh.

- 3.4. De bhreis orthu siúd a ndírítear na gníomhartha chucu, is gá d'údarais náisiúnta, mar thoradh ar ghníomhartha, idirghabháil a dhéanamh ag leibhéil éagsúla, mar shampla, idirghabháil ag státseirbhísigh, eolaithe agus breithiúna. Ba cheart a chur san áireamh i bhfriotal an ghnímh go bhféadfaidh ceanglais theicniúla a bheith san áireamh i dtéacsanna agus gur faoi chúram oifigigh speisialaithe sa réimse sin é na ceanglais sin a chur chun feidhme.

Sampla de dhréachtú atá dírithe ar chatagóirí ar leith:

"Airteagal 3

An Lárionad um Anailísiú ar Airgeadra Góchumtha agus an bunachar sonraí airgeadraí góchumtha

1. Is é BCE a bhunóidh an Lárionad um Anailísiú ar Airgeadra Góchumtha (LAAG) agus an bunachar sonraí airgeadraí góchumtha (BSAG) de chuid CEBC agus is faoi choimirce BCE a reáchtálfar iad. Le LAAG a bhunú, tá sé beartaithe go lárófar an t-anailísiú teicniúil ar ghóchumadh nótaí bainc euro, arna n-eisiúint ag BCE agus ag na BCNanna agus go lárófar na sonraí a bhaineann leis. Déanfar na sonraí staidrimh agus na sonraí teicniúla ábhartha go léir a bhaineann le góchumadh nótaí bainc euro a thaisceadh go lárnach in BSAG.
2. ...
3. Faoi réir srianta dlíthiúla, déanfaidh na BCNanna leaganacha bunaidh de na cineálacha nua nótaí bainc góchumtha euro atá ina seilbh acu a sholáthar do LAAG, chun críocha imscrúdaithe theicniúil agus aicmiú láraithe ina leith. Is iad na BCNanna a dhéanfaidh an réamh-mheasúnú i dtaobh an mbaineann nóta bainc góchumtha ar leith le cineál aicmithe nó le catagóir nua."

4. BEIDH FORÁLACHA GNÍOMHARTHA BEACHT AGUS BA CHEART A BHFUIL IONTU A BHEITH CHOMH HAONCHINEÁLACH AGUS IS FÉIDIR. BA CHEART AIRTEAGAIL AGUS ABAIRTÍ ATÁ RÓFHADA, FOCLAÍOCHT CHASTA GAN GHÁ AGUS ÚSÁID IOMARCACH GIORRÚCHÁN A SHEACHAINT.

- 4.1. Is ionann dea-stíl reachtaíochta agus príomhsmaointe an téacs a chur in iúl go gonta. D'fhéadfadh fadhbanna maidir le léiriú teacht chun cinn de dheasca clásail léiritheacha a bhfuil sé mar cuspóir acu an téacs a dhéanamh níos soiléire don léitheoir.

- 4.2. Ba cheart an téacs a bheith comhsheasmhach tríd síos.
 - 4.2.1. Ní mór urraim a léiriú don raon feidhme tríd síos an gníomh ar fad. Níor cheart do na cearta agus na hoibleagáidí dul thar na cearta agus na hoibleagáidí a luaitear a bheith cumhdaithe leis an ngníomh ná níor cheart iad a leathnú chun réimsí eile a chumhdach.
 - 4.2.2. Ní mór na cearta agus na hoibleagáidí a bheith comhleanúnach agus gan a bheith ag teacht salach ar a chéile.
 - 4.2.3. Níor cheart aon fhorálacha de chineál buan a bheith san áireamh i dtéacs atá sealadach ó bhunús.
- 4.3. Ba cheart gníomhartha a bheith comhsheasmhach freisin le gníomhartha eile de chuid an Aontais.
 - 4.3.1. Go háirithe, ní mór forluí agus contrárthachtaí i dtaca le gníomhartha eile laistigh de réimse áirithe a sheachaint.
 - 4.3.2. Ní mór aon ábhar amhrais faoi infheidhmeacht gníomhartha eile a sheachaint freisin (féach Treoirlíne 21 freisin).
- 4.4. Níor cheart ach aon smaoineamh amháin a chur in iúl in abairtí agus ní mór líon áirithe smointe a bhfuil nasc loighciúil eatarthu a chur le chéile in airteagail, sa mhéid go gcuimsíonn airteagail níos mó ná abairt amháin. Ní mór téacsanna a roinnt i bhforannáin atá soiléir sothuigthe (féach an tábla i dTreoirlíne 15) agus ar féidir dul na réasúnaíochta a leanúint iontu, ós rud é go bhfuil bloc téacs ródhlúth dian ar na súile agus deacair le tuiscint. Ní hionann sin is a rá, áfach, gur cheart abairtí a bhriseadh ar bhealach saorga míchuí.
- 4.5. Ba cheart struchtúr gach airteagail a bheith chomh simplí agus is féidir.
 - 4.5.1. Níl sé riachtanach don léiriú ná inmhianaithe ar mhaithe leis an tsoiléireacht go ndéanfaí gné iomlán de na rialacha atá leagtha síos i ngníomh a chuimsiú in airteagal aonair. B'fhearr i bhfad déileáil leis an ngné sin i roinnt airteagal a ghrúpálfai le chéile i roinn aonair (féach Treoirlíne 15).
 - 4.5.2. Níor cheart airteagail a bheith róchasta ina struchtúr, go háirithe nuair a chuirtear tús le gníomh a dhréachtú. Maidir le dréachtaí agus tograí le haghaidh gníomhartha, déanfar iad a bhreithniú agus a chaibidliú le linn an nós imeachta um ghlactha agus, i bhformhór na gcásanna, cuirfear nithe breise leis an ngníomh agus déanfar mionleasuithe breise air dá bharr. Is deacair freisin leasuithe a chur isteach sa ghníomh dá éis sin, leasuithe atá líonmhar go minic, má tá an iomarca sna hairteagail cheana féin.

Sampla de théacs nach gcloíonn leis na prionsabail sin:

"4. Féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh mar mhaolú ar mhír 2, i leith seirbhís sochaí faisnéise ar leith, más rud é go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) maidir leis na bearta:

(i) beidh gá leo ar cheann amháin de na cúiseanna seo a leanas:

(1) an beartas poiblí, go háirithe cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear mionaoisigh a chosaint agus an comhrac i gcoinne aon ghríosú chun fuatha ar fhoras cine, gnéis, creidimh nó náisiúntachta, agus sáruithe ar an dínit dhaonna;

(2) sláinte an phobail a chosaint;

(3) slándáil an phobail, lena n-áirítear an tslándáil agus an chosaint náisiúnta a choimirciú;

(4) tomhaltóirí a chosaint, lena n-áirítear infheisteoirí;

(ii) déanfar iad i gcoinne seirbhís sochaí faisnéise ar leith a dhéanann dochar do na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe (i) nó ar baol nó riosca tromchúiseach í do na cuspóirí sin;

(iii) beidh siad ar comhréir leis na cuspóirí sin;

(b) sula ndéanfar na bearta i dtrácht agus gan dochar d'aon imeachtaí cúirte, lena n-áirítear réamhimeachtaí agus gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích faoi chuimsiú imscrúdaithe chóiriúil:

(i) d'iarr an Ballstát ar an mBallstát dá dtagraítear i mír 1 bearta a dhéanamh agus ní dhearna an Ballstát is déanaí atá luaite bearta, nó ní raibh na bearta sin leordhóthanach;

(ii) thug an Ballstát fógra don Choimisiún agus don Bhallstát dá dtagraítear i mír 1 i dtaobh é a bheith ar intinn aige na bearta sin a dhéanamh."

4.6. Is fusa abairtí casta a dhréachtú uaireanta ná iarracht a dhéanamh achoimriú a dhéanamh ar an ábhar chun an fhoclaíocht a dhéanamh soiléir. Ní mór an iarracht sin a dhéanamh, áfach, le go soláthrófar téacs sothuigte so-aistrithe.

- 4.7. Braitheann an méid úsáide ar cheart a bhaint as giorrúcháin orthu siúd a d'fhéadfaí go ndírítear an gníomh chucu. Ba cheart dóibh a bheith eolach ar na giorrúcháin nó ba cheart míniú soiléir a thabhairt ar na giorrúcháin nuair a bhaintear úsáid astu den chéad uair (mar shampla: "an Banc Ceannais Eorpach (BCE)"; "na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha (ÚMEanna)"). I gcás inar tugadh míniú ar ghiorrúchán cheana sna haithrisí agus go n-úsáidtear arís é sna téarmaí achtúcháin, ba cheart míniú a thabhairt air arís de ghnáth an chéad uair a úsáidtear é sna téarmaí achtúcháin. Mar sin féin, ba cheart measúnú a dhéanamh, de réir an cháis, ar a úsáidí atá sé é a thabhairt arís, go háirithe trí líon agus fad na n-aithrisí nó cineál seanaitheanta agus soiléir an ghiorrúcháin a chur san áireamh.
5. LE LINN AN PHRÓISIS AR FAD GO dTÍ GO nGLACFAR IAD, DÉANFAR DRÉACHTGHNÍOMHARTHA A LEAGAN AMACH I dTÉARMAÍ AGUS I STRUCHTÚIR ABAIRTÍ A URRAMAÍONN GNÉ ILTEANGACH REACHTAÍOCHT AN AONTAIS; NÍ MÓR SAINCHOINCHEAPA NÓ SAINTÉARMAÍOCHT IS SONRACH D'AON CHÓRAS DLÍTHIÚIL NÁISIÚNTA AR LEITH A ÚSÁID GO CÚRAMACH*.
- 5.1. An té atá ag dréachtú gnímh a bhfuil feidhm ghinearálta leis, ní mór dó a bheith ar an eolas i gcónaí go gcaithfear ceanglais Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle, lena gceanglaítear gach teanga oifigiúil a úsáid i ngníomhartha dlí, a chomhlíonadh leis an téacs. Tá ceanglais bhreise i gceist leis sin thar na ceanglais sin a bhfuil feidhm acu maidir le téacs reachtach náisiúnta a dhréachtú.
- 5.2. **Ar an gcéad dul síos**, ní mór don téacs bunaidh a bheith an-simplí, an-soiléir agus an-díreach, ó tharla go bhféadfadh aon róchastacht nó aon débhríocht, dá laghad iad, a bheith ina gcúis le míchruinneas, le neasúcháin nó le deargmhí-aistriúcháin i gceann amháin nó níos mó de theangacha eile an Aontais.

* San eagrán seo den Treoirleabhar Comhchleachtais, cuireadh foclaíocht na Treoirleabhair seo in oiriúint chun na hathruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

Sampla de dhréachtú atá le seachaint:

"Is iad praghsanna an mhargaidh a bheidh ag táirge X na praghsanna díreach ón monarcha, gan muirir agus cánacha náisiúnta a chur san áireamh:

- (a) a bheidh ag an táirge úr arna phacáistiú i mbloic;
- (b) arna méadú faoi mhéid EUR X chun na costais iompair is gá a chur san áireamh.'

I gcás den sórt sin, bheadh sé níos fearr úsáid liosta a sheachaint agus an téacs a léiriú mar seo a leanas:

'Is iad praghsanna an mhargaidh a bheidh ag táirge X ná praghsanna an táirge úir díreach ón monarcha arna phacáistiú i mbloic, gan cánacha agus muirir náisiúnta a chur san áireamh.

Méadófar na praghsanna sin faoi mhéid EUR X chun na costais iompair is gá a chur san áireamh."

- 5.2.1. Ní mór nathanna cainte atá lom nó ciorraithe a sheachaint. Is cur amú ama é iad a úsáid chun teachtaireacht a chur in iúl atá chomh casta sin go bhfuil gá lena míniú.

Sampla de dhréachtú atá le seachaint:

"Mura gcomhlíonann táirgí na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 5, glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun cur na dtáirgí sin ar an margadh a shrianadh nó a thoirmeasc nó chun a áirithiú go dtarraingeofar siar as an margadh iad, faoi réir pionós a ghearrfar ina mhalairt de chás arna chinneadh ag na Ballstáit."

An téacs inmhianaithe:

"Mura gcomhlíonann táirgí na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 5, glacfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun cur na dtáirgí sin ar an margadh a shrianadh nó a thoirmeasc nó chun a áirithiú go dtarraingeofar siar as an margadh iad.

Cinnfidh na Ballstáit na pionóis a ghearrfar i gcás ina mainnítear na srianta, na toirmisc nó an tarraingt siar as an margadh a chomhlíonadh."

- 5.2.2 Ba cheart abairtí atá róchasta ina bhfuil roinnt frásaí, fochlásal nó lúibíní cruinne (clásail idirshuite) a sheachaint freisin.

Sampla de dhréachtú atá le seachaint:

"Ní foláir rochtain a bheith ag gach páirtí sa chomhaontú ar thorthaí na hoibre, ach a thuiscint gur féidir le hinstiúidí taighde úsáid na dtorthaí a fhorchoimeád do thionscadail taighde eile ina dhiaidh sin."

An téacs inmhianaithe:

"Beidh rochtain ag na páirtithe go léir sa chomhaontú ar thorthaí na hoibre.

Féadfaidh instiúidí taighde, áfach, úsáid na dtorthaí a fhorchoimeád do thionscadail taighde eile ina dhiaidh sin."

- 5.2.3 Caithfidh an gaol gramadaí idir na heilimintí éagsúla den abairt a bheith soiléir. Níor cheart aon amhras a bheith ann faoin gceist, mar shampla, an mbaineann aidiacht le hainmfhocal amháin nó le roinnt ainmfhocal.

Sampla de dhréachtú atá le seachaint:

"... ospidéil agus páirceanna poiblí ...".

An téacs inmhianaithe:

"... páirceanna poiblí agus ospidéil phoiblí."

- 5.2.4. Ba cheart na nithe seo a leanas a sheachaint freisin: béarlagair, focail nua-aimseartha áirithe atá i mbéal an phobail agus nathanna Laidine áirithe a chlaonann óna mbrí dhlíthiúil inghlactha.
- 5.3. Ina theannta sin, is mó an baol go dtiocfaidh fadhbanna aistriúcháin chun cinn más rud é go mbainfear úsáid as nathanna agus frásaí – go háirithe téarmaí dlíthiúla – atá róshonrach do theanga áirithe nó do chóras dlíthiúil náisiúnta.
- Ní mór don dréachtóir cuimhneamh ar an dá phointe seo a leanas go háirithe.
- 5.3.1. Maidir le nathanna áirithe atá an-choitianta sa teanga inar dréachtaíodh an téacs, ní cinnte go mbeidh a gcoibhéis acu i dteangacha eile de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir iad a aistriú isteach go dtí na teangacha sin ach trí nathanna timchainteacha agus neasúcháin a úsáid, a bhfuil difríochtaí séimeantacha idir na leaganacha teanga éagsúla mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, ba cheart nathanna atá róshonrach do theanga áirithe a sheachaint a mhéid is féidir.

- 5.3.2. I dtaca le téarmaíocht dhlíthiúil, ba cheart téarmaí atá nasctha go ródhlúth le córas dlíthiúil náisiúnta áirithe a sheachaint.

Sampla:

Maidir leis an gcoincheap "*faute*" atá aitheanta go forleathan i ndlí na Fraince, níl a choibhéis le fáil go díreach i gcórais dhlíthiúla eile (go háirithe i ndlí Shasana agus i ndlí na Gearmáine); de réir an chomhthéacs, ba cheart téarmaí a úsáid ina n-ionad sin ar nós "*illégalité*" agus "*manquement*" (maidir le hoibleagáid) etc., ar téarmaí iad a fhéadfar a aistriú go héasca go teangacha eile ("neamhdhleathacht", "sárú", etc.).

- 5.4. Is é an aidhm, a mhéid is féidir, agus cineál sonrach dhlí agus théarmaíocht an Aontais á gcur san áireamh, go ndéanfaidh iad siúd a n-iarrtar orthu an gníomh a chur i bhfeidhm nó a léiriú i ngach Ballstát (oifigigh, breithiúna, dlíodóirí, etc.), an gníomh a bhrath mar théacs a chomhfhreagraíonn do stíl reachtaíochta ar leith agus ní, ar shlí diúltach, mar "aistriúchán". Téacsanna atá breac le hiasachtaí, aistriúcháin litriúla nó béarlagair dhothuigthe is siocair lena lán den cháineadh a dhéantar ar reachtaíocht an Aontais a mheastar a bheith coimhthíoch dá dheasca sin.
- 5.5. Sa deireadh, ní mór dhá trácht atá an-phraiticiúil ar fad a dhéanamh maidir leis an ngaol idir an buntéacs agus na haistriúcháin a dhéantar air.
- 5.5.1. Ar an gcéad dul síos, ní mór don údar a áirithiú gur féidir le haistritheoirí na foinsí a úsáideadh sa bhuntéacs a aithint gan mhoill. Más rud é gur tógadh sliocht atá sa bhuntéacs amach as téacs atá ann cheana (mar shampla, Conradh, treoir, rialachán, etc.), ní mór an méid sin a bheith soiléir ón téacs nó ní mór an méid sin a shonrú ar leithligh trí mhodhanna leictreonacha iomchuí, nuair is gá sin. Tá baol ann go ndéanfar saoraistriúchán, i dteanga amháin nó níos mó ná sin, ar aon luanna ceilte nach ndéanann tagairt don fhoinse, cé go raibh sé beartaithe go sonrach ag an údar foclaíocht bharántúil forála atá ann cheana féin a úsáid.
- 5.5.2. Ar an dara dul síos, ba cheart don údar a aithint go bhféadfaidh tuairimí ó aistritheoirí agus tuairimí ó gach roinn a dhéanann seiceáil theangeolaíoch ar an téacs, a bheith an-úsáideach ar fad. Le seiceálacha den sórt sin, tugtar deis aon earráidí nó aon débhríocht atá sa bhuntéacs a aimsiú, agus fiú amháin tar éis tréimhse fhada seiceála agus – go háirithe, b'fhéidir– nuair a bhí an dréachtú ina ábhar mór pléite ag roinnt daoine. Féadfar na fadhbanna a tháinig chun cinn a thabhairt ar aird an údair ansin. Ina lán cásanna, is é an réiteach is fearr ná an buntéacs, seachas an t-aistriúchán, a athrú.

6. BEIDH AN TÉARMAÍOCHT A ÚSÁIDTEAR I nGNÍOMH AR LEITH COMHSHEASMHACH TRÍD SÍOS AGUS COMHSHEASMHACH LE GNÍOMHARTHA ATÁ I bhFEIDHM CHEANA FÉIN, GO háIRITHE SA RÉIMSE CÉANNA.

CUIRFEAR COINCHEAPA COMHIONANNA IN IÚL SNA TÉARMAÍ CÉANNA, A MHÉID IS FÉIDIR GAN SCARADH LENA mBRÍ SA GHNÁTH-THEANGA, SA TEANGA DHLÍTHIÚIL NÓ SA TEANGA THEICNIÚIL.

- 6.1. Chun cabhrú le gníomh dlí a thuiscint agus a léiriú, ní mór dó a bheith comhsheasmhach. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir an chomhsheasmhacht fhoirmiúil, nach mbaineann ach le ceisteanna téarmaíochta amháin, agus an chomhsheasmhacht shubstainteach, sa chiall níos leithne, a bhaineann le loighic an ghnímh ina iomláine.

An chomhsheasmhacht fhoirmiúil

- 6.2. Ciallaíonn comhsheasmhacht na téarmaíochta go gcaithfear úsáid a bhaint as na téarmaí céanna chun na coincheapa céanna a chur in iúl agus nach n-úsáidfear téarmaí comhionanna chun coincheapa éagsúla a chur in iúl. Is é an aidhm atá leis sin ná nach bhfágfar aon débhríocht, aon chontrárthachtaí ná aon amhras i dtaca le brí téarma. Dá bhrí sin, tá aon téarma ar leith le húsáid ar bhealach aonfhoirmeach chun tagairt a dhéanamh don ní céanna, agus ní mór téarma eile a roghnú chun coincheap éagsúil a chur in iúl.
- 6.2.1. Baineann sé sin, ní hamháin le forálacha gnímh aonair, lena n-áirítear na hiarscríbhinní, ach le forálacha gníomhartha gaolmhara freisin, go háirithe le gníomhartha cur chun feidhme agus le gach gníomh eile atá sa réimse céanna. Go ginearálta, ní mór don téarmaíocht a bheith comhsheasmhach leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.
- 6.2.2. Caithfear úsáid a bhaint as focail ina ngnáthchiall. Más rud é go bhfuil brí amháin ag focal i dteanga an phobail nó sa teanga theicniúil, ach go bhfuil brí eile aige sa teanga dhlíthiúil, caithfear an frása a chur i bhfriotal ar shlí go seachnófar aon débhríocht.
- 6.2.3. Ar mhaithe leis an mbeaichte agus chun fadhbanna maidir le léiriú a sheachaint, d'fhéadfadh sé gur gá téarma a shainmhíniú (féach Treoirlíne 14).

An chomhsheasmhacht shubstainteach

- 6.3. Caithfear comhsheasmhacht na téarmaíochta a sheiceáil freisin i dtaca le hinneachar an ghnímh féin. Níor cheart aon chontrárthachtaí a bheith le fáil sa gníomh.
- 6.4. Caithfear urraim a thabhairt do na sainmhínithe tríd an ngníomh. Caithfear téarmaí sainmhínithe a úsáid ar bhealach aonfhoirmeach agus níor cheart d'inneachar na dtéarmaí clonadh ó na sainmhínithe a tugadh.

Na codanna éagsúla den ghníomh
Treoirlínte 7 go 15

7. IS I gCOMHRÉIR LE STRUCHTÚR CAIGHDEÁNACH (TEIDEAL – BROLLACH - TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN - IARSCRÍBHINNÍ, NUAIR IS ANN DÓIBH) A DHRÉACHTÓFAR GACH GNÍOMH A BHFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA LEIS*.
- 7.1. Is é atá sa "teideal" ná an fhaisnéis go léir atá i gceannteideal an ghnímh agus a shainaithníonn an gníomh. Féadfar sonraí teicniúla áirithe a chur isteach ina dhiaidh sin (tagairt don leagan teanga barántúil, a mhéid atá sé ábhartha le LEE, an tsraithuimhir), ar sonraí iad a chuirtear isteach, nuair is iomchuí, idir an teideal dílis agus an brollach.
- 7.2. Ciallaíonn "brollach" gach a bhfuil idir teideal agus téarmaí achtúcháin an ghnímh, eadhon na luanna, na haithrisí agus na foirmeacha sollúnta a thagann rompu agus ina ndiaidh.
- 7.3. Is iad na "téarmaí achtúcháin" an chuid reachtach den ghníomh. Is éard atá iontu ná airteagail, ar féidir iad a ghrúpáil i gcodanna, i dteidil, i gcaibidlí agus i ranna (féach an tábla i dTreoirlíne 15), agus féadfar iarscríbhinní a chur ag gabháil leo.

Maidir le codanna ar leith den struchtúr caighdeánach, féach na Treoirlínte a bhaineann leo sin.

8. SONRÓFAR AN tÁBHAR I dTEIDEAL GNÍMH CHOMH GONTA AGUS CHOMH hIOMLÁN AGUS IS FÉIDIR IONAS NACH gCUIRFEAR AN LÉITHEOIR AR A MHÍTHREOIR MAIDIR LE hINNEACHAR NA dTÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN. I gCÁS INARB IOMCHUÍ, FÉADFAR GEARRTHEIDEAL A CHUR ISTEACH I nDIAIDH THEIDEAL IOMLÁN AN GHNÍMH.
- 8.1. Ní mór go bhféadfaí a chinntiú ón teideal dílis, is é sin le rá an foirmlíú a roghnaíodh chun sonraí ar leith a chur in iúl sa teideal faoi phríomhábhar an ghnímh, cé leis a mbaineann (nó nach mbaineann) an gníomh go háirithe. Ní mór inneachar an ghnímh a shonrú chomh soiléir agus is féidir sa teideal. Seachas faisnéis neamhriachtanach a chur isteach sa teideal, ba cheart do dhréachtóirí eochairfhocail a úsáid a chomhfhreagraíonn do réimsí éagsúla dhlí an Aontais (tá sé úsáideach, sa chomhthéacs sin, tagairt a dhéanamh do struchtúr anailíseach "Eolaire ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm" atá ar fáil in EUR-lex, eolaire dlí an Aontais).
- Dá bhrí sin, ní mór do dhréachtóirí a bhreithniú cén fhaisnéis a chaithfear a chur isteach sa teideal d'fhonn léitheoir lena mbaineann sé go díreach (mar shampla, ní gach feirmeoir, ach gach táirgeoir úll) a spreagadh chun an gníomh i dtrácht a léamh.

* San eagrán seo den Treoirleabhar Comhchleachtais, cuireadh foclaíocht na Treoirlíne seo in oiriúint chun na hathruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

- 8.2. Caithfidh teideal an ghnímh a bheith éagsúil le teidil gníomhartha eile atá i bhfeidhm (féach pointe 8.3, áfach).
- 8.3. Is cás ar leith é teideal gnímh lena leasaítear gníomhartha roimhe sin. Tá an teideal neamhiomlán mura luaitear na gníomhartha go léir a leasaíodh ann, de réir uimhreach. Gan tagairt den sórt sin, ní féidir teacht ar na leasuithe go léir a rinneadh ar ghníomh áirithe. Más é an t-aon chuspóir amháin atá leis an ngníomh i dtrácht go leasófar gníomh eile, luaitear teideal agus uimhir thagartha sheicheamhach an ghnímh atá le leasú, nó a uimhir thagartha sheicheamhach agus cuspóir sonracha an leasaithe (féach pointí 18.9 agus 18.10). Os a choinne sin, má leagann an gníomh i dtrácht forálacha uathrialacha síos agus má leasaíonn sé gníomh eile ar bhonn fíorchoimhdeach dá bharr sin, is í uimhir an ghnímh sin amháin a thugtar (féach pointe 19.3).

Gearrtheideal

- 8.4. Níl gearrtheideal gnímh reachtaigh chomh húsáideach céanna i ndlíthe an Aontais – nuair a shainaithnítear gníomhartha ar litreacha agus uimhreacha atá i dteannta a chéile ("(AE) 2015/35", mar shampla) – agus atá sé i gcórais nach bhfuil córas uimhrithe den sórt sin iontu. I gcásanna áirithe, áfach, is é an cleachtas anois é go n-úsáidtear gearrtheideal (Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 = "an Rialachán maidir le CEM Aonair", mar shampla). In ainneoin gur dealraitheach gur réiteach simplí é gearrtheideal a úsáid chun tagairt a dhéanamh do ghníomhartha, cruthaítear leis sin baol maidir le cruinneas agus comhtháthú gníomhartha dlí an Aontais. Dá bhrí sin, níor cheart an modh seo a úsáid ach amháin i gcásanna sonracha nuair a chuireann sé go suntasach le tuiscint an léitheora.
- 8.5. Ba cheart cruthú gearrtheidil nuair a ghlactar gníomh, trí é a chur i ndiaidh theideal an ghnímh, a sheachaint, toisc gur teideal níos liopasta a bheadh ann dá bharr agus nach soláthraítear réiteach ar an gceist i dtaobh ar cheart nó nár cheart an gearrtheideal a úsáid, bíodh sé sa ghníomh inar cruthaíodh é nó i ngníomhartha ina dhiaidh sin.
- Cé nach mór an baol dá dtagraítear i bpointe 8.4 a choimeád i gcuimhne i gcónaí, féadfar gearrtheideal a úsáid chun tagairt a dhéanamh do ghníomh, chun an gníomh ina dhéantar an tagairt a dhéanamh níos soiléire. Sa chás sin, ní mór don ghearrtheideal a roghnaítear a bheith idir lúibíní i dtéarmaí achtúcháin an ghnímh ina ndéantar an tagairt, ar nós aon ghiorrúchán eile.

Mar achoimre:

8.6. Is iad seo a leanas atá sa teideal iomlán ar ghníomh:

- (1) sonra faoin gcineál gnímh (rialachán, treoir, cinneadh, nuair is iomchuí "cur chun feidhme" nó "tarmligthe");
- (2) giorrúchán nó acrainm an réimse lena mbaineann ("AE", "CBES", nó "Euratom"), bliain agus uimhir thagartha sheicheamhach an ghnímh²;
- (3) ainm na hinstitiúide nó na n-institiúidí a ghlac an gníomh;
- (4) nuair is iomchuí, an dáta sínithe (do ghníomhartha arna nglacadh leis an ngnáthnós imeachta reachtach, don bhuiséad agus do chinntí buiséid arna nglacadh ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle) nó an dáta ar glacadh an gníomh;
- (5) an teideal, is é sin le rá sonra gonta faoin ábhar.

9. IS É CUSPÓIR NA LUANNA NÁ GO LEAGFAR AMACH BUNÚS DLÍ AN GHNÍMH AGUS NA PRÍOMHBHEARTA SA NÓS IMEACHTA LENA gCUIRTEAR FAOI DEARA GO nGLACFAR AN GNÍOMH.

9.1. Sonraítear na nithe seo a leanas sna luanna, ag tús an bhrollaigh:

- bunús dlí an ghnímh, eadhon an fhoráil lena dtugtar inniúlacht chun an gníomh i dtrácht a ghlacadh;
- na tograí, tionscnaimh, moltaí, iarrataí nó tuairimí dá bhforáiltear sna Conarthaí (luaitear i gceann de na haithrisí deireannacha gníomhartha nós imeachta nach bhforáiltear dóibh sna Conarthaí³); i ngníomhartha reachtacha cuirtear isteach luanna maidir leis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta agus maidir leis an nós imeachta reachtach a leantar (an gnáthnós imeachta reachtach nó nós imeachta reachtach speisialta) le gníomhartha reachtacha.

Seiceáil gurb amhlaidh gur luanna iad na nithe atá luaite agus nach mbeadh sé níos fearr iad a lua in aon chuid eile den ghníomh (féach pointí 9.13 agus 9.14).

² Le heisceachtaí áirithe, déantar gach doiciméad a fhoilsítear i sraith "L" d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* amhail ón 1 Eanáir 2015 a uimhriú go leantach mar a leanas, beag beann ar chineál an ghnímh (rialachán, treoir, cinneadh nó eile): (Réimse) BBBB/U. Fanann an t-uimhriú a thugtar do ghníomhartha arna bhfoilsíú roimh an dáta sin gan athrú.

³ Féach pointe 10.18, áfach, maidir le tuairimí i gcomhthéacs an nós imeachta coiste.

Leagan amach

- 9.2. Tá caighdeánú déanta ar luanna den chuid is mó (is é an tosach is coitianta i nGaeilge ná "Ag féachaint do").

Bunús dlí

- 9.3. Is é atá sa chéad lua ná tagairt ghinearálta don Chonradh ina dtugtar an bunús ginearálta leis an ngníomhaíocht atáthar á dhéanamh.

Dréachtófar an lua mar a leanas:

"Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh",

"Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach", nó

"Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach".

Má tá tagairt le déanamh do bhreis agus Conradh amháin, ba cheart iad a lua ar línte ar leithligh san ord seo a leanas: an Conradh ar an Aontas Eorpach, an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

- 9.4. Más foráil Conartha í bunús dlí díreach an ghnímh, gabhann na focail, "agus go háirithe", le lua ginearálta an Chonartha agus tagann an t-airteagal ábhartha ina dhiaidh⁴.

Sampla:

"Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,"

⁴ Nuair atá gníomh bunaithe ar fhoráil de chuid Ionstraim Aontachais, is é an foirmliú a úsáidtear ná: "Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais ..., agus go háirithe Airteagal ... de" nó "..., agus go háirithe Airteagal ... de Phrótacal Uimh. ... de."

- 9.5. Os a choinne sin, má tá bunús dlí díreach an ghnímh le fáil sa reachtaíocht thánaisteach ⁽⁵⁾, luaitear an gníomh áirithe lena mbaineann sa dara lua, agus an t-airteagal ábhartha ann, agus cuirtear na focail ‘, agus go háirithe’ roimhe.

Sampla:

"Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4(1), pointe (c), de,

(...) IO L 316, 14.11.2012, lch. 34, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1026/oj>."

- 9.6. Ba cheart idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an bunús dlí agus na forálacha lena gcinntear cuspóir, coinníollacha agus gnéithe substainteacha na gcinntí atá le glacadh. Ní hionann forálacha atá ina bhforálacha nós imeachta amháin agus bunús dlí (mar shampla Airteagail 294 agus 218 CFAE) (féach pointe 9.7, áfach).
- 9.7. Is cásanna ar leith iad comhaontuithe idirnáisiúnta a tugadh i gcrích i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 218 CFAE.

Sampla:

"Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a), de,"

- 9.8. I gcás gur i sraith airteagal a leagann gníomh amach cuspóir na gcinntí a dhéanfar agus gur in airteagal eile a shonraíonn gníomh an institiúid a chumhachtaítear chun na cinntí sin a dhéanamh, is é an t-airteagal deireanach sin amháin a dhéanfar a lua.

⁵ Is mar a leanas a dhéanfar foráil de chuid na reachtaíochta tánaistí a lua: leagtar amach an teideal iomlán sa lua, cuirtear tagairt i bhfoirm fonóta isteach ina dhiaidh sin; san fhonóta, tugtar an tagairt don Iris Oifigiúil (sraith, uimhir, dáta, uimhir leathanaigh i gcás inar foilsíodh roinnt gníomhartha san eagrán céanna den Iris Oifigiúil agus aitheantóir marthanach ELI i gcás ina bhfuil sé ar fáil).

- 9.9. Ar an gcuma chéanna, i gcás ina bhfuil mír faoi chuspóir na mbeart laistigh d'airteagal amháin i ngníomh agus ina bhfuil mír eile ann lena dtugtar an chumhacht chun gníomhú, is í an mhír dheireanach ⁽⁶⁾, seachas an t-airteagal iomlán, atá le lua.

Cuir i gcás, maidir le rialacha mionsonraithe a ghlacadh lena rialaítear cuótaí taraife do tháirgí atá faoi réir eagraíocht margaíochta, is é Airteagal 144(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a dhéanfar a lua.

Gníomhartha nós imeachta

- 9.10. Ní mór tagairt i bhfoirm fonóta maidir leis an bhfoilseachán san Iris Oifigiúil (mar shampla: IO C, C/2024/124, 5.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/124/oj>) a chur i ndiaidh luanna a bhaineann le gníomhartha ullmhúcháin dá bhforáiltear sna Conarthaí agus, go háirithe, i ndiaidh luanna a bhaineann le tuairimí arna dtabhairt ag Parlaimint na hEorpa, ag an gCúirt Iniúchóirí, ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ag Coiste na Réigiún. Mura bhfuil an gníomh foilsithe go fóill, ba cheart an dáta a tugadh é a léiriú san fhonóta.

Sampla:

"(...) Tuairim an 1 Aibreán 1996 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)."

- 9.11. I gcás ina n-úsáidtear an gnáthnós imeachta reachtach nó nós imeachta reachtach speisialta, is mar a leanas a bheidh an lua a bhaineann le tarchur an dréachtghnímh reachtaigh chuig na parlaimintí náisiúnta:

"Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta"

⁶ Maidir le mír a bhfuil dhá fhoráil chumasúcháin i bhfomhíreanna ar leith inti, mar shampla, ceann don Chomhairle agus ceann don Choimisiún, ba cheart an fhomhír iomchuí a lua.

Dréachtófar an lua a bhaineann leis an nós imeachta reachtach mar a leanas:

"Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach" nó "Ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta"

I gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh, i gcás inar gá an cheist a tharchur chuig an gcoiste idir-réitigh agus gur éirigh leis an idir-réiteach, dréachtófar an lua mar a leanas:

"Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh a d'fhormheas an Coiste Idir-réitigh an ...,"

Leanann fonóta ina leagtar amach céimeanna uile an nós imeachta an lua ina dtagraítear don nós imeachta reachtach.

- 9.12. Ba cheart lua nós imeachta a úsáid le haghaidh gníomhartha áirithe arna nglacadh ar bhunús dlí a thagraíonn do nós imeachta um ghlacadh atá in airteagal eile den Chonradh. Mar shampla, tagraíonn Airteagal 132(3) CFAE (bunús dlí) don nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 129(4) CFAE. Ba cheart tagairt a dhéanamh don nós imeachta i lua atá cosúil leis an lua a úsáidtear don ghnáthnós imeachta reachtach nó do nós imeachta reachtach speisialta.

"Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 129(4) den Chonradh"

Tagairtí nach luanna iad

- 9.13. Agus luanna á ndréachtú, ba cheart cúram a ghabháil chun a chinntiú go dtagraíonn siad don bhunús dlí, nó don nós imeachta. Aon tagairt d'inneachar na bhforálacha, seachas don bhunús dlí, a bhfuil gá leis le go mbainfear tuiscint cheart as na téarmaí achtúcháin nó d'fhonn a ndleathacht a sheiceáil, ba cheart an tagairt sin a dhéanamh sna haithrisí. Féadfar tagairtí níos ginearálta, ó thaobh faisnéise cúlra de, a dhéanamh sa mheabhrán míniúcháin.

- 9.14. Níor cheart tagairt a dhéanamh sna luanna d'fhorálacha institiúideacha ginearálta CFAE (Airteagail 238 agus 288, mar shampla), a bhaineann leis an ngníomh i dtrácht chomh maith.

NB: Tabhair faoi deara gurb iondúil go ndéantar tagairt do réamhbhearta áirithe (tuairimí ó chomhlachtaí teicniúla, comhairliúcháin nach bhforáiltear dóibh sna Conarthaí) ag deireadh na n-aithrisí agus go n-úsáidtear foirmlithe amhail "*thug (ainm an chomhlachta) tuairim ...*", "*chuathas i gcomhairle le (ainm an chomhlachta) ...*".

Os a choinne sin, úsáidtear iad seo a leanas ag deireadh na luanna i gcomhaontú inmheánach, nó i gcinneadh ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle:

"Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún", nó

"Trí chomhaontú leis an gCoimisiún".

10. IS É CUSPÓIR NA nAITHRISÍ NÁ CÚISEANNA GONTA ATÁ LE PRÍOMHFHORÁLACHA NA dTÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN A LEAGAN AMACH, GAN IAD A ATÁIRGEADH NÓ A ATHLEAGAN. NÍ BHEIDH AON FHORÁLACHA NORMATACHA NÁ AON AITHEASC POLAITIÚIL IONTU.

- 10.1. Is iad "na haithrisí" an chuid sin den ghníomh ina dtugtar an ráiteas ar na cúiseanna leis an ngníomh a ghlacadh; cuirtear idir na luanna agus na téarmaí achtúcháin iad. Is leis na focail 'De bharr an mhéid seo a leanas:' a chuirtear tús leis an ráiteas ar na cúiseanna, agus is i ndiaidh na bhfocal sin a thagann pointí uimhrithe (féach Treoirlíne 11) a chuimsíonn abairt iomlán amháin nó níos mó. Úsáidtear friotal neamh-shainordaitheach ann agus caithfear gan aon mhearbhall a bheith ann idir an ráiteas ar na cúiseanna agus na téarmaí achtúcháin.

- 10.2. Ní mór do rialacháin, do threoracha agus do chinntí na cúiseanna ar a bhfuil siad bunaithe a lua. Is é an cuspóir ná gur féidir le haon duine lena mbaineann a fháil amach cad iad na himthosca faoina ndearna an institiúid achtúcháin a cuid cumhachtaí a fheidhmiú maidir leis an ngníomh i dtrácht ⁽⁷⁾, chun deis a thabhairt do na páirtithe i ndíospóid a sainleasanna a chosaint agus a chur ar chumas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú.

⁷ Féach Cás 24/62 *an Ghearmáin v an Coimisiún* [1963] ECR 131.

- 10.3. Más gá comhthéacs stairiúil an ghnímh a thabhairt chun cuimhne, ba cheart na fíorais a leagan amach in ord cróineolaíoch. Ba cheart ord na bhforálacha sin a leanúint, a mhéid is féidir, sa réasúnú i leith fhorálacha sonracha an ghnímh.

De réir an dea-chleachtais, ba cheart na nithe seo a leanas a leagan amach sa ráiteas ar na cúiseanna le gníomh:

- ráiteas gonta faoi na pointí ábhartha fíorais agus dlí; agus
- an chonclúid gur gá nó gurb íomchuí dá bhrí sin na bearta atá leagtha amach sna téarmaí achtúcháin a ghlacadh.

- 10.4. Ní féidir *inneachar* ráitis ar na cúiseanna a ghabhann le gníomh dlí de chuid an Aontais a shonrú níos mionchruinne. Ní féidir an réasúnú i leith gníomhartha aonair agus gníomhartha ginearálta a chuimsíonn réimsí éagsúla nó a glacadh faoi imthosca éagsúla, a laghdú go foirmle aonfhoirmeach.

Is féidir rialacha bunúsacha áirithe a leagan síos, áfach, i leith an ráitis ar na cúiseanna.

- 10.5. Ba cheart a lua go hachomair sna haithrisí na cúiseanna atá le príomhfhorálacha théarmaí achtúcháin an ghnímh. Dá réir sin:

- 10.5.1. Ba cheart gurbh é a bheadh sna haithrisí ná *ráiteas fírinneach ar na cúiseanna*. Níor cheart na bunúis dhlí (nach mór a chur sna luanna) a leagan amach iontu, agus níor cheart sliocht na forála, atá luaite cheana féin mar an bunús dlí agus lena gcumhachtaítear don institiúid gníomhú, a thabhairt arís. Ina theannta sin, tá na haithrisí sin nach dtugann níos mó ná ábhar an ghnímh nó nach ndéanann ach na forálacha a atáirgeadh nó a athleagan fiú gan na cúiseanna atá leo a thabhairt iomarcach agus níl gá leo.

- 10.5.2. Níor cheart aithrisí a chur isteach ann a dhearbhaíonn gur cheart bearta áirithe a ghlacadh gan na cúiseanna atá leo a thabhairt.

- 10.5.3. Níor cheart tagairt shimplí amháin a bheith i gceist leis an ráiteas ar na cúiseanna, ina iomláine nó i bpáirt, ar tagairt í do na cúiseanna a thugtar do ghníomh eile ⁽⁸⁾.

⁸ Féach Cás 230/78 *Eridania v an tAire Talmhaíochta agus Foraoiseachta* [1979] ECR 2749 agus Cás 73/74 *Papiers Peints de Belgique v an Coimisiún* [1975] ECR 1491.

- 10.6. Ar ndóigh, ní gá na cúiseanna atá le gach foráil ar leith a lua. Ní mór, áfach, forais a thabhairt i gcónaí chun gníomh a aisghairm nó foráil a scriosadh (féach pointe 10.14 freisin).
- 10.7. Ba cheart aon aithris a fhágáil ar lár nach bhfuil de chuspóir aici na cúiseanna atá leis na téarmaí achtúcháin a thabhairt, faoi réir eisceachtaí áirithe, mar shampla, is gnách na cúiseanna a bhaineann le hAirteagal 352 CFAE a úsáid a lua san aithris dheireannach, a léifear mar a leanas:

"Ní fhoráiltear leis an gConradh do chumhachtaí, seachas na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 352, chun [an Cinneadh seo] [...] a ghlacadh,"
--

- 10.8. I gcás ina bhforáiltear le bunús dlí áirithe go mbaintear leas as gníomhartha dlí gan an cineál a shonrú ("Glacfaidh an Chomhairle na bearta is gá ...") agus i gcás nach léir ó inneachar an bhirt atá le glacadh cén cineál gnímh dlí de chuid an Aontais is iomchuí, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé úsáideach na cúiseanna a thabhairt i dtaobh cén fáth ar roghnaíodh an gníomh áirithe sin. Dá mbeifí in ann reachtú, i gcás ar leith, trí bhíthin rialachán, mar shampla, atá infheidhme go díreach, féadfar míniú a thabhairt sna haithrisí i dtaobh cén fáth gurbh fhearr treoir a ghlacadh amháin, ar treoir í a chaithfear a thrasú sa dlí náisiúnta. Ní mór don dréachtóir prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a choimeád i gcuimhne chomh maith.

Is ag brath ar chineál an ghnímh nó na forála i dtrácht atá méid na hoibleagáide chun cúiseanna a lua

(a) Gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta leo

- 10.9. I ngníomhartha *bunúsacha*, ba cheart bunmheon an ghnímh a léirmhíniú sa ráiteas ar na cúiseanna seachas na cúiseanna go léir a thabhairt atá le gach foráil shonrach. Tabharfar cúiseanna sonracha atá le líon forálacha aonair, áfach, de bharr chomh tábhachtach agus atá siad nó de bharr nach bhfuil siad intuigthe sa bhunmheon sin.
- 10.10. I ngníomhartha *cur chun feidhme*, beidh na cúiseanna a thabharfar iontu níos sainiúla, cé gur cheart iarracht a dhéanamh i gcónaí a bheith gonta.

10.11. Ní gá mioninsint a thabhairt, áfach, ar na fíorais ba bhunús leis an ngníomh a ghlacadh, gan bacadh le hiad a mheasúnú, sna cúiseanna atá le gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta leo. Go háirithe, ní bheadh ráiteas mionsonraithe indéanta faoi na cúiseanna (lena n-áirítear ríomhanna) le forálacha lena socraítear dleachtanna ar allmhairí nó aisíocaíochtaí talmhaíochta agus is leor tagairt a dhéanamh go simplí do na critéir agus do na modhanna arna n-úsáid sna ríomhanna agus an cor ginearálta a shonrú ba bhunús leis an ngníomh a ghlacadh agus na cuspóirí ginearálta a shonrú a bheartaítear a bhainfear amach leis an ngníomh ⁽⁹⁾.

(b) Gníomhartha aonair

10.12. Ba cheart na cúiseanna atá le gníomh aonair a chur in iúl níos beaichte.

10.13. Is fíor sin, go háirithe, maidir le gníomhartha lena ndiúltaítear iarratas. Caithfear cúiseanna mionsonraithe a thabhairt i gcinntí i réimse na hiomaíochta chomh maith, ina gcaithfear tuairisc a thabhairt ar staideanna casta dlí agus fíorais; toisc nach mór an cinneadh a bheith soiléir ina ainneoin sin, ba cheart iarracht a dhéanamh freisin a bheith gonta.

(c) Forálacha speisialta

10.14. Is gá cúram ar leith a dhéanamh maidir leis an ráiteas ar na cúiseanna atá le forálacha áirithe amhail:

- maoluithe;
- forálacha lena n-imítear ón ngnáthscéim rialacha;
- eisceachtaí ó ghnáthphrionsabal, amhail forálacha cúlghabhálacha;
- na forálacha sin ar dóigh dóibh dochar a dhéanamh do pháirtithe leasmhara áirithe; agus
- na forálacha sin lena bhforáiltear a dteacht i bhfeidhm lá a bhfoilsithe.

⁹ Féach Cás 16/65 *Schwarze v Einfuhr- und Vorratsstelle für Getreide und Futtermittel* [1965] ECR 877.

- (d) Ráiteas ar na cúiseanna atá le coimhdeacht agus comhréireacht an ghnímh
- 10.15. Maidir le prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta, ba cheart ráiteas sonrach ar na cúiseanna a thabhairt.
- 10.15.1. Agus a gcumhachtaí reachtacha á bhfeidhmiú acu, beidh na hinstitiúidí ag féachaint do phrionsabal na coimhdeachta agus cuirfidh siad in iúl cén chaoi a bhfuil siad ag déanamh amhlaidh sa mheabhrán míniúcháin agus, ar bhonn níos gonta, sna haithrisí.
- 10.15.2. Athraíonn an téacs san aithris ina ndéantar tagairt do phrionsabal na coimhdeachta, ó chás go chéile, ach go ginearálta leanann sé an struchtúr a leagtar síos i bpointe 10.15.4. Ní mór cuimhneamh, áfach, ar an idirdhealú a dhéantar in Airteagal 5 CAE idir na réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas agus na réimsí nach bhfuil.
- 10.15.3. Sna réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, is é a éilíonn Airteagal 5(4) CAE ná prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh. Sa chás sin, is do chomhréireacht amháin a thagrófar san aithris agus scríobhfar mar a leanas í:
- "I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí chun an bunchuspóir ... (sonraigh an cuspóir ginearálta) a ghnóthú go leagfar síos rialacha maidir le ... (déan tagairt do na bearta sonracha arna rialú ag an ngníomh i dtrácht). Ní théann an ... (sonraigh an cineál ghnímh) seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach".*
- 10.15.4. I gcás nach bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, is é a bheidh san aithris ná tagairtí don choimhdeacht *stricto sensu* agus don chomhréireacht araon, mar atá leagtha amach sa sampla seo a leanas:
- "Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an ... (sonraigh an cineál gnímh) seo ... (más iomchuí, sonraigh na cuspóirí) a ghnóthú go leordhóthanach ... (tabhair cúiseanna) agus, de bharr ... (sonraigh fairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta), gur fearr is féidir iad a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an ... (sonraigh an cineál gnímh) seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú."*

- 10.15.5. Caithfear na múnlaí thuasluaite a chríochnú agus a fhorbairt de réir an cháis mar a chuirtear in iúl idir lúibíní, chun fíor-ráiteas ar na cúiseanna a chur ar fáil. Féadfar imeacht uathu ar choinníoll gur léir ó na haithrisí go bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais agus, de réir mar a bheidh, gur gníomhaíocht chomhréireach atá inti.

Aithrisí a bhaineann le cumhachtaí a tharmligean agus cumhachtaí cur chun feidhme

- 10.16. Maidir le gníomhartha bunúsacha lena bhforáiltear do ghlacadh gníomhartha tarmligthe ag an gCoimisiún, caithfear aithris ar leith ina dtagraítear d’Airteagal 290 CFAE a bheith iontu. Maidir le dréachtú na haithrise sin agus dréachtú na bhforálacha comhfhreagracha, tá sé geallta ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún tagairt a dhéanamh, a mhéid is féidir, do na foirmlithe caighdeánacha, a bhunaigh na hinstiúidí sin le chéile.
- 10.17. Maidir le gníomhartha bunúsacha lena bhforáiltear do ghlacadh gníomhartha cur chun feidhme ag an gCoimisiún (Airteagal 291 CFAE), caithfear aithris ar leith ina dtagraítear, nuair is gá, do Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ¹⁰ a bheith iontu.

Tagairt do chomhairliúcháin

- 10.18. Déantar tagairt do na comhairliúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 sna brollaigh a ghabhann leis na gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún.

I gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin, tá éifeachtaí dlíthiúla ann i gcónaí de thoradh dul i mbun comhairliúchán le coiste (Airteagal 5 den Rialachán). Má táthar tar éis dul i mbun comhairliúchán le coiste, is san aithris dheireanach a dhéantar tagairt dó agus ní dhéantar an tagairt sin i lua.

Sampla:

"(...) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an [ainm an choiste],"

¹⁰ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj>.

Os a choinne sin, déantar tagairt do dhul i mbun comhairliúchán le coiste i gcomhthéacs an nós imeachta comhairliúcháin (Airteagal 4 den Rialachán sa lua deireanach), a scríobhfar mar a leanas:

"Tar éis dó/di/dóibh dul i gcomhairle le [ainm an choiste],"
--

11. CUIRFEAR UIMHIR LE GACH AITHRIS.

- 11.1. Cúis mhaith leis an gcleachtas seo ná go mbeadh an reachtaíocht soiléir agus gur furasta tagairt a dhéanamh di roimh ghlacadh an téacs agus ina dhiaidh.

Tá feidhm aige, ní hamháin maidir le gníomhartha dlí a bhfuil feidhm ghinearálta leo, ach maidir le gníomhartha uile na n-institiúidí arna ndréachtú i bhfoirm shollúnta (teideal, brollach, téarmaí achtúcháin).

- 11.2. Tá an leagan amach mar a leanas:

"De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) ...

(2) ...".

N.B. Tosófar gach aithris le ceannlitir agus críochnófar le lánstad í seachas an aithris dheireannach a chríochnófar le camóg.

- 11.3. Ní chuirtear uimhir le haithris aonair.

12. SNA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN ATÁ I nGNÍOMH CEANGAILTEACH, NÍ BHEIDH AON FHORÁLACHA DE CHINEÁL NEAMHNORMATACH IONTU, AMHAIL MIANTA NÓ DEARBHUITHE POLAITIÚLA, NÁ AON FHORÁLACHA A DHÉANANN SLEACHTA NÓ AIRTEAGAIL AS NA CONARTHAÍ A ATHRÁ NÓ A ATHLEAGAN NÁ AON FHORÁLACHA A ATHSHONRAÍONN FORÁLACHA DLÍTHIÚLA ATÁ I bhFEIDHM CHEANA FÉIN. NÍ CHUIRFEAR I nGNÍOMHARTHA AON FHORÁLACHA A THUGANN INNEACHAR AIRTEAGAL EILE NÓ A THUGANN TEIDEAL AN GHNÍMH AN ATHUAIR.

Forálacha de chineál neamhnormatach i ngníomhartha ceangailteacha

- 12.1. Ba cheart do ghníomhartha ceangailteacha rialacha a leagan síos, lena n-áirítear forálacha a leagann amach an fhaisnéis (mar shampla: an raon feidhme agus na sainmhínithe) is gá chun na rialacha sin a thuiscint agus a chur i bhfeidhm mar is ceart. Tá aon rud eile iomarcach: ní ceart mianta, intinní ná dearbhuithe a chur sna téarmaí achtúcháin i ngníomh ceangailteach.

Is é seo a leanas sampla d'fhoráil as rialachán, ar foráil de chineál neamhnormatach é agus ar cheart a sheachaint:

"Chun úsáid táirgí éicilipéad a spreagadh, ba cheart don Choimisiún agus d'institiúidí eile de chuid an Aontais, chomh maith le húdaráis phoiblí eile ar an leibhéal náisiúnta, gan dochar do dhlí an Aontais, dea-shampla a thabhairt nuair a shonraíonn siad na ceanglais táirgí atá orthu."

Is léir go gcuirtear mian in iúl san fhoráil seo nach bhforchuireann aon oibleagáid orthu siúd a ndírítear chucu í. Dá bhrí sin, ní ceart an fhoráil seo a chur i ngníomh ceangailteach ach is ceart í a chur i dteachtairacht nó i moladh a ghabhann leis an ngníomh i dtrácht.

Forálacha a dhéanann sleachta nó airteagail as na Conarthaí nó as gníomhartha eile a athrá nó a athleagan

- 12.2. Maidir le cuimsiú forálacha den sórt sin, cruthaíonn sé díchéillí agus neamhdheimhneacht dhlíthiúil. Tógaimis sampla de ghníomh atá bunaithe ar Airteagal 46 CFAE, dá dtagraítear mar is cuí sna luanna. Níl fiúntas ag baint le mír a dhréachtú a dhéanann Airteagal 45(1) a athrá ina ndeirtear *"Áiríteofar saoirse gluaiseachta d'oibrithe laistigh den Aontas"*. Caithfidh an t-údar a shonrú cén chaoi a bhfuil sé beartaithe aige an fhoráil sin a chur chun feidhme, agus gan an fhoráil a athrá. Ina theannta sin, tá athrá den sórt sin contúirteach ó tharla go mb'fhéidir go mbainfí an tuiscint as aon imeacht ón bhfoclaíocht bhunaidh go raibh toradh eile beartaithe, agus fiú go bhféadfaí teacht ar thiomhde gur amhlaidh go raibh toradh eile beartaithe.

Forálacha nach ndéanann ach a bhfuil in airteagal eile a athrá

- 12.3. Is minic a bhíonn an fhoclaíocht i bhforálacha den sórt sin mar a leanas:

"D'fhonn an córas sin a bhunú, glacfaidh an Chomhairle na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 3, in Airteagal 4 agus in Airteagal 5."

Ba cheart iad a sheachaint, a mhéid is a féidir, ó tharla go bhfuil an fhaisnéis uile atá riachtanach sna hairteagail i dtrácht maidir lena gcur chun feidhme. Ina theannta sin, is féidir le struchtúr den sórt sin mearbhall a chur ar an léitheoir maidir leis an mbunús dlí a bheidh le beart cur chun feidhme amach anseo: an é an t-airteagal é ina bhfuil an tagairt, nó an é an t-airteagal é a ndéantar tagairt dó?

Forálacha a dhéanann teideal an ghnímh a athrá

- 12.4. Fiú nuair nach féidir úsáid focal atá mar chuid de theideal an ghnímh (mar shampla, san airteagal ina sainítear ábhar agus raon feidhme an ghnímh) a sheachaint, ní mór breisluach a chur ann agus cur síos mionsonraithe a thabhairt ar pharaiméadair an téacs.
13. NUAIR IS IOMCHUIÍ, CUIRFEAR AIRTEAGAL ISTEACH AG TÚS NA dTÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN CHUN ÁBHAR AGUS RAOIN FEIDHME AN GHNÍMH A SHAINIÚ.
- 13.1. Is é ‘an t-ábhar’ an ní lena mbaineann an gníomh, agus is é a thagraíonn an ‘raon feidhme’ dó ná na catagóirí staideanna fíorais nó dlí agus na daoine sin lena mbaineann an gníomh.
- 13.2. Is minic a bhíonn an chéad airteagal a shainíonn an t-ábhar agus an raon feidhme ann i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus bíonn sé ann go minic i ngníomhartha de chuid an Aontais chomh maith. Ba cheart a chinneadh an bhfuil airteagal den sórt sin úsáideach nó nach bhfuil de réir an cháis.
- 13.3. Is cinnte nach bhfuil sé úsáideach mura ndéanann sé ach an teideal a athleagan. Os a choinne sin, féadfaidh an t-airteagal sin faisnéis a chur ar fáil don léitheoir, ar mhaithe le hachomaireacht, nár cuireadh isteach sa teideal ach a chuireann ar a chumas a chinneadh, ón tús, cé leis a bhaineann an gníomh. Go díreach mar gheall air sin, ní mór cúram a ghabháil gan an léitheoir a chur amú.

Mar shampla, más rud é go ndeirtear in airteagal den sórt sin go bhfuil feidhm ag an ngníomh "*maidir le feithicilí de luas uasta 25 km/u nó níos mó ná sin*", d'fhéadfadh sé go mbeadh forálacha áirithe go cinnte sa gníomh i dtrácht nach bhfuil feidhm acu ach amháin, mar shampla, maidir le feithicilí luas uasta 50 km/u, ó tharla go dtiocfadh feithicil den sórt sin faoin raon feidhme arna shainiú ar aon nós. Os a choinne sin, ba cheart nach mbeadh aon fhoráil ann a bhfuil feidhm aici maidir le feithicilí luas uasta 20 km/u, mar shampla, ó tharla go bhféadfadh sé nach léifeadh déantóir nó úinéir feithicle den sórt sin an chuid eile de na téarmaí achtúcháin tar éis airteagal i ndáil le raon feidhme a léamh.

- 13.4. Uaireanta, níl an t-idirdhealú idir an raon feidhme agus an sainmhíniú soiléir. Sa sampla seo a leanas, tugtar raon feidhme an ghnímh sa sainmhíniú freisin:

"Airteagal 1

Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn 'feithicil' aon mhótarfeithicil a bheartaítear a úsáid ar an mbóthar, agus cabhail aici nó gan cabhail aici, a bhfuil ceithre roth ar a laghad fíithi agus luas uasta dearaidh aici is mó ná 25 km/u, maille lena leantóirí, cé is moite d'fheithiclí a ritheann ar ráillí, d'innealra talmhaíochta nó foraoiseachta, agus d'fheithiclí oibreacha poiblí."

D'fhéadfaí an t-airteagal sin a léamh chomh furasta céanna mar a leanas: *"Airteagal 1 - Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le haon mhótarfeithicil a bheartaítear ..."*, agus an focal *"(feithicil)"* a chur ag deireadh na habairte. De ghnáth, is fearr an réiteach seo a úsáid go háirithe mura bhfuil aon airteagal sa ghníomh lena mbunaítear sainmhínithe eile. Dá bharr, is féidir an raon feidhme a thabhairt níos soiléire agus níos díri.

14. I gCÁS INA BHFUIL TÉARMAÍ AN GHNÍMH DÉBHRÍOCH, BA CHEART IAD A SHAINMHÍNIÚ I dTEANNTA A CHÉILE IN AON AIRTEAGAL AMHÁIN AG TÚS AN GHNÍMH. NÍ BHEIDH AON FHORÁLACHA NORMATACHA UATHRIALACHA SNA SAINMHÍNITHE.

- 14.1. Ba cheart a mbri i dteanga an phobail nó i dteanga speisialaithe a thabhairt do na téarmaí go léir. Ar mhaithe le soiléireacht dlí, áfach, d'fhéadfadh sé gur ghá focail atá á n-úsáid a shainmhíniú sa ghníomh féin. I measc nithe eile, is fíor é sin i gcás ina bhfuil roinnt bríonna ag téarma ach go gcaithfear an téarma sin a thuiscint de réir brí amháin de na bríonna sin nó más rud é, chun críocha an ghnímh, go ndéanfar an bhrí a theorannú nó a leathnú i leith ghnáthbhrí an téarma sin. Caithfear gan an sainmhíniú a bheith contrártha do ghnáthbhrí an téarma.

Ba cheart an bhrí chéanna a bheith ag an téarma sainmhínithe agus é in úsáid ó thús go deireadh an ghnímh.

- 14.2. Déantar cur síos sa dara habairt den Treoirlíne ar earráid choitianta maidir le dréachtú.

- 14.2.1. Sampla de dhroch-dhréachtú:

"(d) ciallaíonn 'gearán' aon fhaisnéis a chuir ... aon duine isteach a bhfuil leas aige i sábháilteacht na loinge ... mura rud é go measann an Ballstát lena mbaineann gur léir an ... gearán a bheith gan bhunús; níor cheart aitheantas an duine atá ag cur isteach an ghearáin a chur in iúl do mháistir nó d'úinéir na loinge lena mbaineann."

14.2.2. Ní hionann an chuid sin den abairt a bhfuil líne fúithi agus sainmhíniú, ach is foráil normatach uathrialach í.

14.3 Ní mór an riail a chur sna forálacha normatacha. Sa sampla a tugadh, d'fhéadfadh an t-údar an abairt seo a chur isteach san áit oiriúnach i gceann amháin de na hairteagail eile ("*... Más rud é go bhfaigheann an Ballstát gearán nach measann sé gur léir é a bheith gan bhunús ..., déanfaidh sé ...*"), agus an dara fómhír a chur leis ina bhfuil an abairt seo '*Níor cheart aitheantas an duine ...*'.

14.4. Ní ábhar dianloighce amháin é an ceanglas go gcaithfear gan forálacha normatacha uathrialacha a chur sna sainmhínithe. Má chuirtear eilimintí den sórt sin isteach sa sainmhíniú, tá an baol ann, ó tharla nach bhfuil na heilimintí normatacha go léir san áit chéanna, go bhfágfaidh an léitheoir cuid acu gan léamh agus iad á léirmhíniú aige.

15. A OIREAD IS FÉIDIR, BEIDH STRUCHTÚR CAIGHDEÁNACH AR NA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN (ÁBHAR AGUS RAON FEIDHME - SAINMHÍNITHE - CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ - FORÁLACHA LENA dTARMLIGTEAR CUMHACHTAÍ AGUS LENA dTUGTAR CUMHACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME - FORÁLACHA NÓS IMEACHTA - BEARTA A BHAINNEANN LE CUR CHUN FEIDHME - FORÁLACHA IDIRTHREIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA).

IS IN AIRTEAGAIL A BHEIDH NA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN ROINNTE AGUS IS I dTEIDIL, I gCAIBIDLÍ AGUS I RANNA A BHEIDH SIAD ROINNTE, DE RÉIR CHOMH FADA AGUS CHOMH CASTA AGUS A BHEIDH SIAD. NUAIR ATÁ LIOSTA IN AIRTEAGAL, BA CHEART GACH NÍ AR AN LIOSTA SIN A SHAINAITHINT TRÍ UIMHIR NÓ LITIR SEACHAS TRÍ FHLEASC*.

15.1. Comhlíontar leis na heilimintí téacsacha seo a leanas de struchtúr caighdeánach na dtéarmaí achtúcháin na rialacha réasúnta dian maidir le leagan amach:

(1) an t-ábhar agus an raon feidhme (féach Treoirlíne 13);

(2) na sainmhínithe (féach Treoirlíne 14);

(3) na forálacha a bhaineann le gníomhartha tarmligthe agus le gníomhartha cur chun feidhme;

* San eagrán seo den Treoirleabhar Comhchleachtais, cuireadh foclaíocht na Treoirlíne seo in oiriúint chun na hathruithe a tugadh isteach le Conradh Liospóin a chur san áireamh.

- (4) na bearta a bhaineann le cur chun feidhme. Formáid sheanbhunaithe a leantar sna forálacha maidir leis na rialacha mionsonraithe agus na dátaí chun treoir a thrasú ag na Ballstáit. Tá foirm chaighdeánach ar fhorálacha eile freisin, mar shampla ar na forálacha sin a bhaineann le pionóis dá bhforálfar ar an leibhéal náisiúnta, nó ar na forálacha sin a bhaineann le leighis dhlíthiúla a áirithiú.
- (5) forálacha idirthréimhseacha agus críochnaitheacha. Cuimsítear an méid seo a leanas leis an gcatagóir seo de chomhpháirteanna:
- aon ghníomhartha a bhí i bhfeidhm roimhe a aisghairm (féach Treoirlíne 21). Murab ionann dáta na haisghairme agus dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh atá le glacadh, ba cheart an dáta sin a chur in iúl go soiléir;
 - rialacha maidir le trasdul ón seanchóras go dtí an córas nua. Ba cheart nach bhfágfadh an teanga a úsáidtear agus, os cionn gach uile ní, na dátaí a luaitear aon amhras ar an léitheoir faoin tréimhse ina leanfaidh na seanrialacha go léir nó cuid acu d’fheidhm a bheith acu, a luaithe a bheidh an córas nua i bhfeidhm;
 - forálacha lena leasaítear gníomhartha roimhe sin (féach Treoirlíne 18);
 - an tréimhse ina mbeidh feidhm ag an ngníomh (féach Treoirlíne 20).
- 15.2. Is ionann na comhpháirteanna eile – na cearta agus na hoibleagáidí agus na forálacha nós imeachta, seachas iad siúd a bhaineann le gníomhartha tarmlichte agus gníomhartha cur chun feidhme – agus an chuid cheart normatach den ghníomh, agus tá a bhfoirm ag brath ar chuspóir an ghnímh agus ar a chasta atá an córas dá bhforáiltear.

- 15.3 Nuair a bhíonn liosta in airteagal, ní mór cúram a ghabháil agus a áirithiú go ndéanfar comhordú ar gach ceann dá chuid eilimintí agus go mbaineann siad go díreach leis na focail tosaigh. Chun na críche sin, is fearr gan abairtí ná fomhíreanna uathrialacha a chur isteach i liosta.

Sampla de dhréachtú atá le seachaint:

"Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha chun a áirithiú:

(a) go bhfuil comhsheasmhacht ann idir ceannacháin agus seachadtaí,

Cuirfidh siad cigireacht i gcrích go háirithe trí thagairt a dhéanamh do chomhéifeachtaí próiseála dá bhforáiltear le dlí an Aontais, nuair is ann dóibh. I ngach cás eile, beidh cigireachtaí ag brath ar na comhéifeachtaí atá inghlactha i gcoitinne ag an tionscal lena mbaineann,

(b) úsáid deiridh cheart an amhábhair,

(c) comhlíonadh dhlí an Aontais."

I gcás den sórt sin, is fearr úsáid liosta a sheachaint agus an téacs a chur i láthair mar a leanas:

"Déanfaidh na húdaráis inniúla seiceálacha chun comhsheasmhacht idir ceannacháin agus seachadtaí a áirithiú.

Cuirfidh siad an chigireacht i gcrích go háirithe trí thagairt a dhéanamh do chomhéifeachtaí dá bhforáiltear le dlí an Aontais, nuair is ann dóibh. I ngach cás eile, beidh cigireachtaí ag brath ar na comhéifeachtaí atá inghlactha i gcoitinne ag an tionscal lena mbaineann.

Beartófar freisin leis na rialuithe go n-áiritheofar úsáid cheart an amhábhair agus comhlíonadh dhlí an Aontais."

- 15.4. Leagtar amach sa tábla thíos na forannáin struchtúracha atá sna téarmaí achtúcháin i ngníomh dlí. Beidh airteagail agus forannáin airteagal i ngníomhartha a bhfuil struchtúr simplí orthu. Is le caibidlí atá roinnte, más gá, i ranna a chuirtear tús le forannáin gníomhartha níos airde. Sa chás amháin go bhfuil an téacs fíorchasta ar fad, is féidir caibidlí a ghrúpáil i dteidil a fhéadfar, nuair is gá, a ghrúpáil i gcodanna.

Ainmniú	Siombail	Modh tagartha	Tráchtanna
I. Forannáin is airde			D'fhéadfadh go mbeadh teideal ar na forannáin is airde nó nach mbeadh ¹¹
– Cuid	Cuid I (nó Cuid a hAon)	(i g)Cuid I (nó Cuid a hAon)	Á n-úsáid (i dteannta a chéile nó ina n-aonar) i dtéacsanna áirithe atá fada nó an-struchtúrtha
– Teideal	Teideal I	(i d)Teideal I (i) [gCuid I], Teideal I,	
– Caibidil	Caibidil I (nó Caibidil 1)	(i g)Caibidil I (nó Caibidil 1) (i) [gCuid I, Teideal I], Caibidil I, (nó [Cuid I, Teideal I], Caibidil 1,)	
– Roinn	Roinn 1	(i) Roinn 1 (i) [gCuid I, Teideal I, Caibidil I], Roinn 1,	
II. Aonad bunúsach			D'fhéadfadh go mbeadh teideal ar aonaid bhunúsacha nó nach mbeadh
– Airteagal	Airteagal 1 ¹²	(in) Airteagal 1	Uimhriú leanúnach (fiú nuair atá ard-fhorannáin ann).
nó			

¹¹ Atosaítear uimhriú na bhforannán sin gach uair a chuirtear i bhforannán nua den leibhéal is airde iad (e.g. déanfar an chéad chaibidil de Theideal II a uimhriú "Caibidil I" fiú más rud é go raibh caibidlí i dTeideal I).

¹² Déantar airteagail a uimhriú go leanúnach tríd an ngníomh fiú má tá forannáin is airde ann. Sa chás nach bhfuil ach airteagal amháin sa ghníomh, tugtar "Airteagal Aonair" ar an airteagal sin.

– Pointe	I (nó A) nó I. (nó A. nó 1.)	(i b)pointe I (nó pointe A) (i b)pointe I (nó pointe A nó pointe 1)	Á n-úsáid i moltaí, rúin, dearbhuithe agus ráitis áirithe.
III. Forannáin is ísle			Níl teideal ar fhorannáin is ísle
– Mír (uimhrithe)	1.	(i) mír 1 In <i>[Airteagal 1](1)</i>	Forannáin neamhspleácha d'airteagal
– Mír (neamhuimhrithe)	Siombail ar bith	sa chéad mhír (in) <i>[Airteagal 1]</i> , an chéad mhír,	Eilimint nach bhfuil neamhspleách d'airteagal
– Fomhír	Siombail ar bith	(sa) chéad fhomhír (in) <i>[Airteagal 1(1)]</i> , an chéad fhomhír,	Forannán de mhír uimhrithe
– Pointe	(a) (i) (1)	(i nó ag) (b)pointe (a) (i nó ag) (b)pointe (i) (i nó ag) (b)pointe (1) (in) <i>[Airteagal 1(1), an chéad fhomhír]</i> , pointe (a)(i)(1),	I gcoitinne, cuirtear abairtín tosaigh roimhe
– Fleasc	–	sa/an chéad fhleasc (in) <i>[Airteagal 1(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(i)(1)]</i> , an chéad fhleasc,	
– Abairt	Siombail ar bith	sa/an chéad abairt, (in) <i>[Airteagal 1(1), an chéad fhomhír, pointe (a)(i)(1), an chéad fhleasc]</i> , an chéad abairt,	Cuirtear lánstad ina diaidh

Tagairtí inmheánacha agus seachtracha
Treoirlínte 16 agus 17

16. BA CHEART TAGAIRTÍ A DHÉANAMH A LAGHAD IS FÉIDIR DO GHNÍOMHARTHA EILE. CUIRFIDH TAGAIRTÍ IN IÚL GO BEACHT AN GNÍOMH NÓ AN FHORÁIL DÁ dTAGRAÍONN SIAD. SEACHNÓFAR FREISIN TAGAIRTÍ CIORCLACHA (TAGAIRTÍ DO GHNÍOMH NÓ D'AIRTEAGAL INA dTAGRAÍTEAR SIAR DON FHORÁIL TOSAIGH) AGUS TAGAIRTÍ SRATHACHA (TAGAIRTÍ D'FHORÁIL INA dTAGRAÍTEAR D'FHORÁIL EILE).

Tagairtí inmheánacha agus seachtracha

- 16.1. Tagraíonn tagairt inmheánach d'fhoráil eile sa ghníomh céanna. Tagraíonn tagairt seachtracha do ghníomh eile, gníomh Aontais nó gníomh atá le fáil i bhfoinse eile.

- 16.1.1. Sampla de thagairt inmheánach:

Foráil a thagraíonn d'iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh céanna

"1. Déanfar na guaiseacha ar an timpeallacht de dheasca ullmhóide a mheasúnú trí aon cheann de na nósanna imeachta seo a leanas nó níos mó ná sin:

(a) trí ghnáthmhodh mar a chuirtear síos air in Iarscríbhinn III;"

- 16.1.2. Sampla de thagairt sheachtrach:

Foráil a thagraíonn do ghníomh eile

"... (b) trína chinneadh cé hiad na hairíonna guaiseacha atá ag an ullmhóid don timpeallacht is gá don aicmiú oiriúnach i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn VI de Threoir ..."

- 16.2. Ní mór tagairtí inmheánacha agus seachtracha araon a bheith beacht go leor ionas gur féidir leis an léitheoir teacht ar an ngníomh dá ndéantar tagairt go héasca.
- 16.3. Ní mór cúram ar leith a ghabháil le tagairtí seachtracha. Go háirithe, ba cheart an gníomh dá ndéantar tagairt a bheith soiléir a dhóthain agus intuigthe don phobal.

Prionsabal

16.4. Níor cheart tagairt a úsáid ach amháin más rud é:

- gur féidir an téacs a shimpliú dá bharr sin trí bhíthin gan a bhfuil san fhoráil dá ndéantar tagairt a athrá,
- nach ndéantar difear do shothuigtheacht na forála,
- gur foilsíodh an gníomh dá dtagraítear nó go bhfuil fáil leordhóthanach ag an bpobal air.

16.5. Ba cheart tagairtí a úsáid go spárálach chomh maith i bhfianaise phrionsabal na trédhearcachta. Ba cheart bheith in ann gníomh a léamh agus a thuiscint gan féachaint ar ghníomhartha eile. Níor cheart forálacha as an reachtaíocht phríomha a thabhairt an athuair i reachtaíocht thánaisteach chun gníomh a dhéanamh inléite, áfach (féach pointe 12.2.).

16.6. Sula ndéanfar cinneadh an bhfuil sé oiriúnach tagairt a dhéanamh, ba cheart iarmhairtí aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an ngníomh dá ndéanfar tagairt a bhreithniú.

Sothuigtheacht

16.7. Ba cheart úsáid a bhaint as foclaíocht i dtagairt ar chaoi go bhfuil príomhghné na forála dá ndéanfar tagairt sothuigthe gan féachaint ar an bhforáil sin.

Sampla:

Úsáid:

"Bainfidh an nós imeachta rialaithe a leagtar síos in Airteagal 15 le honnmhairí chuig tíortha ...",

seachas:

"Baineann Airteagal 15 le honnmhairí chuig tíortha ..."

Soiléireacht

16.8. Maidir le foráil dá dtagraítear, ba cheart na fíorais atá inti, nó aon iarmhairtí dlíthiúla atá aici, a chur in iúl go sainiúil.

16.8.1. Ní mór tagairtí a sheachaint nach ndéantar ach amháin trí bhíthin foráil eile idir lúibíní a lua.

- 16.8.2. Sonraítear le forálacha áirithe go bhfuil feidhm ag riail de réir analaí nó, níos cruinne, "*mutatis mutandis*". Níor cheart an modh seo a úsáid ach amháin i gcás ina mbeadh sé díreireach an riail dá dtagraítear a athscríobh agus í a chur in oiriúint. Is tábhachtach go sonraítear, sa tslí is cruinne agus is féidir, conas a fheidhmíonn an riail dá dtagraítear.
- 16.9. Is minic a bhíonn na hiarmhairtí atá ag tagairtí dar tosach na focail "*gan dochar*" doiléir. D'fhéadfadh go mbeadh contrárthachtaí, inter alia, idir an gníomh ina bhfuil an tagairt le fáil agus an gníomh dá dtagraítear amhlaidh. De ghnáth, is féidir tagairtí den sórt sin a sheachaint ach an raon feidhme a shainiú níos fearr. Ina theannta sin, ní gá an foirmliú seo a úsáid chun tagairt d'fhorálacha níos airde céime a bheidh infheidhme ar aon nós.

Sampla:

Sampla de dhréachtú atá le seachaint::

"Gan dochar do Threoir 91/414/CEE, beidh feidhm ag na hairteagail faoi aicmiú, pacáistiú, lipéadú agus bileoga sonraí sábháilteachta sa Treoir seo maidir le táirgí cosanta plandaí",

An téacs inmhianaithe:

"Beidh feidhm ag airteagail na Treorach seo a bhaineann le ... maidir le táirgí cosanta plandaí."

An gníomh dá dtagraítear a lua

- 16.10. I gcás ina ndéantar tagairt do ghníomh amháin i ngníomh eile, ní mór teideal an ghnímh dá dtagraítear a thabhairt ina iomláine mar aon le foinse an fhoilseacháin, nó ina fhoirm ghearr – go háirithe más i dteideal an ghnímh ina ndéantar an tagairt atá an tagairt nó más rud é go raibh an gníomh luaite cheana féin.

- 16.10.1. I gcás ina ndéantar tagairt do theideal gnímh i dteideal gnímh eile:

- ní dhéantar ainm na hinstitiúide a athrá más rud é gurb í an institiúid a ghlac an gníomh dá dtagraítear a dhéanfaidh an gníomh ina ndéantar an tagairt a ghlacadh (i gcás ina dtagraítear do roinnt gníomh, áfach, agus gur institiúidí éagsúla a ghlac iad, luaitear na hinstitiúidí i gcónaí, fiú i gcás gur glacadh roinnt díobh ag an institiúid nó na hinstitiúidí a dhéanfaidh an gníomh ina ndéantar an tagairt a ghlacadh);

- fághtar an dáta ar lár mura tagairt é do ghníomh nach bhfuil aon sraithuimhir oifigiúil ná uimhir foilseacháin aige;
- fághtar ar lár chomh maith focail a d'fhéadfadh teideal an ghnímh ina ndéantar an tagairt a dhéanamh liopasta go neamhriachtanach nó a d'fhéadfadh mearbhall a bheith mar thoradh orthu, mar shampla "agus lena leasaítear ..." nó "agus lena n-aisghairtear ...", chomh maith le focail a d'fhéadfadh teacht i ndiaidh an teidil mar shampla "códú", "athmhúnlú", etc.;
- ní dhéantar aon tagairt don fhoilseachán san Iris Oifigiúil.

16.10.2. **I luanna**, ag a bhfuil nádúr sollúnta, *déantar teideal iomlán an ghnímh*¹³ a lua i gcorp an téacs. I gcás treoracha nó cinntí foilsithe a bhfuil fógra le tabhairt ina leith, cuirtear uimhir an fhoilseacháin isteach. Tagann fonóta ina léirítear an tagairt foilseacháin san Iris Oifigiúil i ndiaidh an teidil iomláin. Ní bhíonn aon fhonóta den sórt sin ann i gcás na gConarthaí ná i gcás gníomhartha bunúsacha eile (mar shampla Ionstraimí Aontachais agus Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE).

Sampla:

"Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh⁽¹⁾, agus go háirithe ...

(1) IO L 65, 11.3.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/211/oj>."

16.10.3. **Sa chuid eile den ghníomh** (aithrisí, airteagail agus iarscríbhinní) úsáidtear modh simplithe tagartha¹⁴:

- i gcás gníomh a ndéantar tagairt dó don chéad uair (fiú má tagraíodh dó sa teideal cheana féin) agus nár tagraíodh dó cheana féin sna luanna, *tabharfar uimhir an ghnímh agus ainm na hinstiúide a ghlac an gníomh, mar aon le fonóta ina shonraítear teideal iomlán*¹⁵ *an ghnímh agus tagairt foilseacháin an ghnímh san Iris Oifigiúil*;

¹³ Ón 1 Iúil 2013, folaíonn an tagairt don teideal iomlán na focail ar fad sa teideal, mar shampla "agus lena leasaítear" nó "agus lena n-aisghairtear", ach ní fholáíonn sé focail a d'fhéadfadh teacht i ndiaidh an teidil mar shampla "códú", "athmhúnlú", etc.

¹⁴ Modh tagartha simplithe a tugadh isteach ar an 1 Iúil 2013.

¹⁵ Ón 1 Iúil 2013, folaíonn an tagairt don teideal iomlán na focail ar fad sa teideal, mar shampla "agus lena leasaítear" nó "agus lena n-aisghairtear", ach ní fholáíonn sé focail a d'fhéadfadh teacht i ndiaidh an teidil mar shampla "códú", "athmhúnlú", etc.

- i gcás ina luaitear teideal iomlán agus tagairt foilseacháin gnímh cheana féin sna luanna nó in áit eile sa téacs, *ní thagraítear ach d'uimhir an ghnímh*.

Sampla:

An chéad tagairt:

"Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽¹⁾

(...) Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2011/211/oj>)"

Tagairtí ina dhiaidh sin:

"Rialachán (AE) Uimh. 211/2011."

D'fhéadfadh eisceachtaí áirithe ón riail seo a bheith riachtanach, go háirithe i gcás iarscríbhinní ina bhfuil foirmeacha nó doiciméid eile ar féidir iad a úsáid leo féin, nuair a d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach teideal iomlán agus tagairt foilseacháin gnímh a thabhairt an athuair, ar gníomh é a luadh cheana féin.

- 16.10.4. Is dea-chleachtas reachtach é na gníomhartha dá dtagrófar ina dhiaidh sin sa ghníomh a lua sna haithrisí. Dá bharr sin, féadfar na gníomhartha a chur i gcomhthéacs de réir mar is riachtanach agus míniú a thabhairt maidir le cén fáth a dtagraítear dóibh.
- 16.10.5. Caithfear tagairtí do ghníomhartha eile sna téarmaí achtúcháin a bheith teoranta do na gníomhartha sin atá go hiomlán riachtanach. Ba cheart é a bheith ar chumas an léitheora na téarmaí achtúcháin a thuiscint ina n-aonar, gan gníomhartha eile a cheadú. Ní mór na fadhbanna a sheachaint freisin a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh gníomh dá dtagraítear a leasú nó a aisghairm.

Tagairtí dinimiciúla

16.11. Is tagairt dhinimiciúil í an tagairt más rud é go meastar go fóill go bhfuil foráil dá dtagraítear ina foráil mar a leasaíodh.

16.12. I gcoitinne, is tagairtí dinimiciúla iad tagairtí i dtéarmaí achtúcháin dhlí an Aontais.

Má leasaíodh an gníomh atá luaite, meastar an tagairt a bheith ina tagairt don gníomh mar a leasaíodh. Má tá gníomh nua curtha in ionad an ghnímh, meastar an tagairt a bheith ina tagairt don gníomh nua. Más rud é go bhfuil an gníomh aisghairthe agus nach bhfuil gníomh nua curtha ina ionad, is trína léiriú a dhéanfar aon bhearnaí a líonadh. I gcás ina ndéantar gníomhartha a athmhúnlú nó a chódú agus go ndéantar airteagail a athuimhriú lena linn, ní mór na hathruithe sin a leagan amach i dtábla comhghaoil a ghabhfaidh leis an ngníomh códaithe nó athmhúnlaithe.

16.13. Is tábhachtach a aithint, áfach, go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ann agus an gníomh dlí i dtrácht á fhorléiriú de bharr tagairtí dinimiciúla, sa chiall nach bhfuil inneachar na forála lena ndéantar an tagairt réamhchinntithe, ach go n-athraíonn sé de réir aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhforáil dá dtagraítear.

Tagairtí statacha

16.14. Is ionann tagairt statach agus tagairt a thagraíonn do théacs sonraithe faoi mar atá sé ar dháta sonraithe, lena dtugtar teideal an ghnímh agus an fhoinse agus, más iomchuí, lena sonraítear gníomh leasaitheach.

Samplaí:

"Airteagail XX de Rialachán ...(*) arna leasú le Rialachán ...(**)."

"1. Chun críoch buiséadach agus críoch acmhainní dílse ... is é a bheidh i gcóras Eorpach na gcuntas eacnamaíoch suimeáilte atá i bhfeidhm de réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 89/130/CEE, Euratom agus na gníomhartha dlí lena mbaineann, [go háirithe Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1552/89 agus Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 agus Cinneadh 94/728/CE, Euratom agus Cinneadh 94/729/CE], ná an dara heagrán de CCE fad a fhanfaidh Cinneadh 94/728/CE, Euratom i bhfeidhm.

2. Chun críoch thuarascálacha na mBallstát chuig an gCoimisiún faoin nós imeachta um easnamh iomarcach a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 3605/93, is é a bheidh i gcóras Eorpach na gcuntas eacnamaíoch suimeáilte ná an dara heagrán de CCE go dtí go bhfoilseofar tuarascálacha an 1 Meán Fómhair 1999."

- 16.15. I gcás ina leasaítear nó ina aisghairtear an fhoráil dá dtagraítear i dtagairt statach, ní mór an fhoráil a thagraíonn dó sin a leasú freisin mar is gá.
- 16.16. Is tagairtí dinimiciúla iad tagairtí do ghníomhartha dlí an Aontais, mura gcuirtear a mhalairt in iúl. Maidir le tagairtí do ghníomhartha dlí nach ghníomhartha dlí de chuid an Aontais iad, is innholta a chur in iúl go sainráite cé acu tagairt dhinimiciúil nó tagairt statach atá sa tagairt.

Tagairt a oiriúnú

- 16.17. D'fheadfadh sé gur ghá tagairt a oiriúnú i gcás:

- gur scriosadh an fhoráil dá dtagraítear agus gur cuireadh téacs nua isteach ina hionad;
- gur leasaíodh an fhoráil dá dtagraítear, i gcás gur tagairt statach í;
- go bhfuil impleachtaí gan choinne ag leasú a rinneadh ar an bhforáil dá dtagraítear ar an bhforáil ina ndéantar an tagairt.

- 16.18. Is leor clásal simplí comhghaoil a chur isteach le haghaidh gnáthoiriúnú.

- 16.18.1. I gcásanna áirithe, d'fheadfadh sé a bheith iomchuí tábla comhghaoil a leagan amach in iarscríbhinn.

Sampla:

"Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá leagtha amach in Iarscríbhinn IX."

- 16.18.2. Níl sé innholta an comhghaoil a bhunú leis an bhforáil nua i bhfoirm téacs.

Sampla de dhréachtú atá le seachaint:

"Sna forálacha seo a leanas, cuirtear na focail 'Airteagal 4(7) agus Airteagal 5(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 565/80' in ionad na bhfocal 'Airteagal 2(4) agus Airteagal 3(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 441/69':

- Rialachán (CEE) Uimh. 776/78, Airteagal 2(1),
- Rialachán (CEE) Uimh. 109/80, Airteagal 1(2)."

Tagairtí ciorclacha

- 16.19. Is ionann tagairt chiorclach agus tagairt d'fhoráil eile a thagraíonn féin siar don fhoráil a thagair di. Moltar tagairtí den sórt sin a sheachaint.

Tagairtí srathacha

- 16.20. Is ionann tagairt shrathach agus tagairt d'fhoráil eile, a thagraíonn í féin do thríú foráil, agus mar sin ar aghaidh. Moltar tagairtí den sórt sin a sheachaint chun go mbeidh gníomhartha Aontais sothuigthe.
17. MÁ S RUD É GO nDÉANTAR TAGAIRT DO GHNÍOMH NEAMHCHEANGAILTEACH SNA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN ATÁ I nGNÍOMH CEANGAILTEACH, NÍ BHEIDH D'ÉIFEACHT AG AN TAGAIRT SIN AN GNÍOMH NEAMHCHEANGAILTEACH A DHÉANAMH CEANGAILTEACH. MÁ S MIAN LEIS NA DRÉACHTÓIRÍ AN GNÍOMH NEAMHCHEANGAILTEACH, INA IOMLÁINE NÓ CUID DE, A DHÉANAMH CEANGAILTEACH, BA CHEART DÓIBH TÉARMAÍ AN GHNÍOMH SIN A LEAGAN AMACH A OIREAD IS FÉIDIR MAR CHUID DEN GHNÍOMH CEANGAILTEACH.
- 17.1. Níl sa chéad abairt den Treoirlíne seo ach ráiteas firinne. Mar shampla: Má ghlactar cinneadh de thoradh rúin, is é an cinneadh an gníomh ceangailteach agus is gníomh polaitiúil go fóill é an rún nach bhfuil aon fheidhm cheangailteach ó thaobh dlí leis.
- 17.2 Baineann an dara habairt den Treoirlíne seo, go háirithe, leis na caighdeáin theicniúla a dhéanann comhlachtaí um chaighdeánú, nó a leithéidí, a tharraingt suas go minic. Is ualach róthrom oibre é go minic gníomh neamhcheangailteach fada a athscríobh. Is gnách gurb amhlaidh atá, mar shampla, nuair a dhéantar tuairisc ar thástálacha saotharlainne a chur i gcrích. I gcásanna den sórt sin, ní dhéantar tagairt ach amháin don gníomh i dtrácht.

Sampla:

"Na torthaí tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin dá dtagraítear in Airteagal 3(1), (2) agus (3), nach mór a shonrú ar phaiceid toitíní, déanfar iad a thomhas ar bhonn modhanna ISO 4387 i gcás tarra, ISO 10315 i gcás nicitín, agus ISO 8454 i gcás aonocsaíd charbóin.

Fíorófar cruinneas na sonraí ar na paiceid i gcomhréir le caighdeán ISO 8243."

Tá sé soiléir ón gcomhthéacs go bhfuil sé ar intinn ag an reachtóir an caighdeán dá dtagraítear a thiontú ina chaighdeán éigeantach.

- 17.3. Is féidir an tagairt do leagan na forála atá i bhfeidhm ag tráth glactha an ghnímh cheangailtigh a ghreamú go daingean, trí bhíthin uimhir agus dáta (nó bliain) an ghnímh neamhcheangailtigh dá dtagraítear a shonrú, nó foirmlithe amhail "sa leagan atá i bhfeidhm ..." (féach Treoirlíne 16, "tagairtí statacha, tagairtí dinimiciúla" freisin).
- 17.4. Mar sin féin, má tá smacht le coinneáil ar théacs an ghnímh neamhcheangailtigh i dtrácht, ba cheart é a athlua. Mura bhfuil an gníomh neamhcheangailteach leagtha amach ina iomláine, is minic a bhíonn sé fós úsáideach an struchtúr a choinneáil, agus pointí nó sleachta áirithe a fhágáil bán, agus míniúchán a thabhairt i bhfonóta más gá. Mar an gcéanna, más rud é go bhfuil pointí nó iarscríbhinní le cur isteach, nárbh ann dóibh sa ghníomh atáirgthe, ba cheart iad a uimhriú mar a leanas "1a", "1b", agus mar sin de. Más rud é go gcuirtear pointe nó iarscríbhinn roimh Phointe 1 nó Iarscríbhinn I, Pointe -1 nó Iarscríbhinn -I a bheidh ann.

Sampla:

"3a. CINEÁLCHEADÚ CEE⁽¹⁾

Beidh deimhniú de réir mar a léirítear in Iarscríbhinn X i gceangal leis an gcineálcheadú CEE.

...

4. SIOMBAIL NA COMHÉIFEACHTA IONSÚCHÁIN CEARTAITHE

(4.1.)

(4.2.)

(4.3.)

4.4. Maidir le gach feithicil atá de réir cineál feithicle atá ceadaithe faoin Treoir seo, beidh greamaithe di, in áit fheiceálach a bhfuil teacht éasca uirthi ...

⁽¹⁾ Tá téacs na nIarscríbhinní cosúil leis an téacs atá i Rialachán Uimh. 24 ó Choimisiún Eacnamaíochta NA don Eoraip, go háirithe nuair nach mbíonn contrapháirt ag mír de Rialachán Uimh. 24 sa Treoir seo, tugtar a huimhir idir lúibíní mar iontráil chomharthach."

Gníomhartha leasaitheacha
Treoirlínte 18 agus 19

18. CUIRFEAR GACH LEASÚ A DHÉANFAR AR GHNÍOMH IN IÚL GO SOILÉIR. BEIDH LEASUITHE I bhFOIRM TÉACS ARNA CHUR ISTEACH SA GHNÍOMH A LEASÓFAR. CUIRFEAR TÉACS NUA IN IONAD FORÁLACHA IOMLÁNA (AIRTEAGAIL NÓ FORANNÁIN AIRTEAGAL) DE ROGHA AR ABAIRTÍ, FRÁSAÍ NÓ FOCAIL AONAIR A CHUR ISTEACH NÓ A SCRÍOSADH.

NÍ BHEIDH AON FHORÁLACHA SUBSTAINTEACHA UATHRIALACHA, NACH gCUIRTEAR ISTEACH SA GHNÍOMH A LEASÓFAR, I nGNÍOMH LEASAITHEACH.

Prionsabal an leasaithe fhoirmiúil

- 18.1. Is iondúil go ndéantar gníomh a leasú go páirteach trí leasú foirmiúil, is é sin le rá leasú téacsach ar an ngníomh féin¹⁶. Mar sin, ní mór téacs an leasaithe a chur isteach sa téacs a leasófar.

Sampla:

"Airteagal 1

Leasaítear Rialachán ... mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(1):
 - ‘1. An fhaisnéis staidrimh atá riachtanach do chóras Intrastat ...’;
- (2) leasaítear Airteagal 23 mar seo a leanas:
 - (a) i mír 1, scriostar pointí (f) agus (g);
 - (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
 - ‘2. Féadfaidh na Ballstáit a fhorordú go ...’;
 - (c) cuirtear an mhír [mír 2a]* seo a leanas isteach:
 - ‘2a. I gcás soláthraithe faisnéise staidrimh ...’;
 - (d) cuirtear an mhír [mír 4]* seo a leanas leis:
 - ‘4. Áiritheoidh an Coimisiún go bhfoilseofar san Iris Oifigiúil ...’.”

* Féach an ráiteas i bpointe 18.13.5.

¹⁶ Is ionann maoluithe agus eisceacht ón riail seo (féach pointe 18.15.).

- 18.2. Níor cheart airteagail, míreanna nó pointí a athuimhriú mar gheall ar na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht aníos a bhaineann le tagairtí i ngníomhartha eile. Mar an gcéanna, níor cheart spásanna bána, a fágadh tar éis airteagail nó codanna uimhrithe eile an téacs a scríosadh, a líonadh ina dhiaidh sin le forálacha eile, ach amháin má tá sé díreach mar an gcéanna leis an téacs a scríosadh.

Toirmeasc ar fhorálacha substainteacha uathrialacha

- 18.3. Ba cheart nach mbeadh aon fhorálacha substainteacha nua, atá uathrialach maidir leis an ngníomh atá le leasú, sa ghníomh leasaitheach. Ós rud é gurb é an t-aon éifeacht dlí atá leis an ngníomh nua go leasófar an seanghníomh, tá deireadh le héifeachtaí an ghnímh ar a theacht i bhfeidhm. Is é an gníomh bunúsach amháin mar a leasaíodh a mhaireann agus is é a leanfaidh de bheith ag rialú iomlán an ábhair.
- 18.4. Is fusa i bhfad téacsanna reachtacha a chódú leis an gcur chuige seo, ós rud é gur staid dhlíthiúil chasta a thagann as forálacha uathrialacha a bheith laistigh de bhailiúchán forálacha leasaitheacha.

Toirmeasc ar ghníomhartha leasaitheacha a leasú

- 18.5. Ó tharla nár cheart go mbeadh aon fhorálacha substainteacha uathrialacha i ngníomh leasaitheach agus go dtiocfaidh deireadh lena éifeachtaí trí leasuithe a dhéanamh ar ghníomh eile, ní ceadmhach gníomhartha leasaitheacha a leasú. I gcás ina bhfuil tuilleadh leasuithe riachtanach, ní foláir go ndéanfar an gníomh bunúsach mar a leasaíodh roimhe sin a leasú arís.

Sampla:

Maidir le Cinneadh 1999/424/CBES ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leasaítear Cinneadh 1999/357/CBES lena gcuirtear comhsheasamh 1999/318/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht Chónaidhme na hIúgslaive chun feidhme, is Cinneadh é lena leasaítear Cinneadh (1999/357/CBES), lenar leasaíodh, faoi seach, Cinneadh eile (1999/319/CBES).

Ba cheart é a bheith sonraithe cheana féin ag teideal Chinneadh 1999/424/CBES gur leasaíodh Cinneadh 1999/319/CBES le Cinneadh 1999/357/CBES. Tagann fadhbanna chun cinn freisin maidir le téarmaí achtúcháin Chinneadh 1999/424/CBES. B'oiriúnaí i bhfad Cinneadh 1999/319/CBES a leasú go díreach.

Cineál an ghnímh leasaithigh

- 18.6. Go ginearálta, is fearr gur den chineál céanna iad an gníomh leasaitheach agus an gníomh a leasófar. Go sonrach, moltar gan Rialachán a leasú le Treoir.

- 18.6.1. I bhforálacha áirithe den dlí príomha, áfach, fághtar an rogha maidir le cineál an ghnímh faoi na hinstitiúidí, trí chumhacht a thabhairt dóibh ‘bearta’ a ghlacadh nó trí chineálacha éagsúla gníomhartha a d’fhéadfaí a úsáid a chur in iúl go sainráite.
- 18.6.2. Lena chois sin, d’fhéadfadh sé go raibh foráil sa ghníomh atá á leasú go leasófaí an ghníomh sin le cineál eile gnímh.

Leasuithe ar iarscríbhinní

- 18.7. Is iondúil go ndéantar leasuithe ar iarscríbhinní ina bhfuil sleachta teicniúla in iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach. Ní fhéadfar imeacht ón riail seo ach sa chás gur mionleasú an leasú sin.

Sampla:

"Leasaítear Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán ... i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo."

Sa chás seo, ní mór foirmlithe réamhráiteacha lena sainaithnítear raon feidhme na leasuithe go soiléir a chur san iarscríbhinn a ghabhann leis an ngníomh leasaitheach:

"IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II, Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn VI mar a leanas:

- (1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 2.2.5:

‘2.2.5 ...’"

Féadfar leasú simplí ar iarscríbhinn, áfach, a dhéanamh i dtéarmaí achtúcháin an ghnímh:

Sampla:

"Airteagal ...

Leasaítear Rialachán ... mar a leanas:

- (1) ... ;

- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn I:

‘...’."

Tagairtí a thabhairt cothrom le dáta

- 18.8. Má bhíonn leasú le déanamh ar fhoráil atá luaite i dtagairt, ní mór iarmhairtí na forála ina ndéantar an tagairt a bhreithniú. Más rud é go bhfuil sé beartaithe tagairt a dhéanamh don fhoráil mar atá sí leasaithe, ní gá aon rud a dhéanamh más tagairt dhinimiciúil atá i gceist. Beidh gá le leasú eile a dhéanamh ina dhiaidh sin más tagairt statach atá i gceist.

Teideal ar ghníomh leasaitheach

- 18.9. Ní mór uimhir an ghnímh atá á leasú mar aon le teideal an ghnímh nó aidhm an leasaithe a shonrú i dteideal an ghnímh leasaitheach.

Sampla:

An gníomh atá le leasú:

"Rialachán ... ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht struchtúr talmhaíochta"

An gníomh leasaitheach:

(teideal an ghnímh atá le leasú):

"Rialachán ... ón gComhairle an ... lena leasaítear Rialachán ... maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht struchtúr talmhaíochta."

nó (aidhm an leasaithe a shonrú):

"Rialachán ... ón gComhairle lena leasaítear Rialachán ... a mhéid a bhaineann le méid gabháltas talmhaíochta".

- 18.10. Má ghlacann institiúid, seachas an institiúid a ghlac an gníomh atá á leasú, an gníomh leasaitheach, ní mór ainm na hinstitiúide a ghlac an gníomh atá á leasú a shonrú sa teideal (le haghaidh tuilleadh eolais, féach pointe 16.10.1).

Sampla:

"Rialachán ... ón gCoimisiún ... lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán ... ón gComhairle ... maidir le ...".

Gníomh leasaitheach a dhréachtú

- 18.11. Ní mór d'aithrisí i ngníomh leasaitheach na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus na ceanglais nach mór d'aithrisí i ngníomh uathrialach a chomhlíonadh (féach Treoirlínte 10 agus 11). Tá feidhm speisialta ag baint leo, áfach, toisc nach bhfuil de chuspóir acu ach na fáthanna a ghabhann leis na hathruithe a dhéanann an gníomh leasaitheach a mhíniú: ní gá dóibh, dá bhrí sin, na fáthanna a ghabhann leis an ngníomh atá le leasú a athlua.
- 18.12. Ní dea-chleachtas reachtach é leasú a dhéanamh ar aithrisí an ghnímh atá le leasú. Leagtar amach leis na haithrisí sin, in ord comhleanúnach, na fáthanna ar bhain leis an ngníomh an tráth ar glacadh é ina bhunfhoirm. Ní féidir ach trí chódú nó athmhúnlú an réasúnaíocht tosaigh agus na fáthanna a bhaineann leis na leasuithe a rinneadh ar an ngníomh i ndiaidh a chéile a chomhdhlúthú go comhleanúnach, leis na hoiriúnuithe is gá
- 18.13. Déantar leasuithe i bhfoirm téacs a chuirtear isteach sa ghníomh atá le leasú. Ní mór leasuithe a bheith fite fuaite go leanúnach sa téacs atá le leasú. Go sonrach, ní mór struchtúr agus téarmaíocht an ghnímh atá le leasú a choinneáil slán.
- 18.13.1. Ar mhaithe le soiléire agus ag féachaint do na fadhbanna a ghabhann le haistriúchán go dtí na teangacha oifigiúla go léir, is fearr aonaid iomlána téacs a chur in ionad aonaid iomlána téacs (airteagal nó forannán airteagail) ná abairtí nó aon téarma amháin nó níos mó ná sin a chur isteach nó a scríosadh, seachas i gcás dátaí agus figiúirí.
- 18.13.2. I gcás leasuithe iomadúla, ba cheart foirmliú réamhráiteach a úsáid.

Sampla:

"Leasaítear Rialachán ... mar a leanas: ...".

- 18.13.3. I gcás ina bhfuil roinnt forálacha den ghníomh céanna le leasú, cuirtear na leasuithe go léir le chéile in aon airteagal amháin, ina bhfuil abairtín réamhráiteach agus pointí a leanann ord uimhriúil na n-airteagal atá le leasú.

Sampla:

"Leasaítear Rialachán ... mar a leanas:

1. leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ...’;

- (b) cuirtear an mhír [mír 5]* seo a leanas leis:

‘5. ...’;

2. cuirtear an t-airteagal [Airteagal 7a]* seo a leanas isteach:

‘Airteagal 7a

...’."

* Féach an trácht i bpointe 18.13.5.

- 18.13.4. Má leasaítear roinnt gníomhartha trí ghníomh leasaitheach aonair, ba cheart na leasuithe a dhéanfar ar gach gníomh a leagan amach le chéile in airteagal ar leith.

- 18.13.5. Is i modh normatach a dhéantar na cineálacha éagsúla leasuithe (téacs a chur in ionad téacs, téacs a chur isteach, téacs a chur leis, téacs a scriosadh), agus úsáidtear foclaíocht chaighdeánach.

Sampla:

"cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal X de Rialachán ...: ..."

"cuirtear an t-airteagal [Airteagal Xa]* seo a leanas isteach: ..."

"in Airteagal Y, cuirtear an mhír [mír X]* seo a leanas leis: ..."

"in Airteagal Z, scriostar mír 3."

* Féadfar uimhir an fhorannáin atá le cur isteach nó atá le cur leis an téacs a chur san áireamh, nó gan í a chur san áireamh, san fhoclaíocht réamhráiteach. I gcás leasuithe casta, d’fhéadfadh go ndéanadh saineir na huimhreach, agus más gá, faisnéis eile maidir leis an suíomh beacht ar ceart sliocht nua a chur isteach, anailís ar an ngníomh leasaitheach agus comhdhlúthú amach anseo a éascú.

- 18.13.6. Toisc go bhfuil gá le forálacha substainteacha uathrialacha a sheachaint, is fearr leasuithe a bhaineann le dátaí, teorainneacha ama, eisceachtaí, maoluithe, fadú tréimhse agus tréimhse ama chur i bhfeidhm an ghnímh a chur isteach sa ghníomh atá le leasú.

Leasú substainteach

- 18.14. Mar a shonraítear i bpointe 18.1, i gcás ina bhfuil gníomh le leasú, ba cheart é sin a dhéanamh, mar riail ghinearálta, trí leasú foirmiúil.
- 18.15. Is féidir, áfach, mar gheall ar chúiseanna práinne nó ar chúiseanna praiticiúla eile agus mar gheall ar an tsimplíocht, gur mian leis an dréachtóir forálacha a chur i ngníomh arb ionann iad go fíorasach agus leasuithe substainteacha ar ghníomh eile. D'fhéadfadh leasuithe substainteacha den sórt sin a bheith bainteach le raon feidhme an ghnímh eile, maoluithe ar a oibleagáidí, eisceachtaí ó thréimhse chur i bhfeidhm an ghnímh, agus mar sin de.

<u>Sampla:</u>

"De mhaolú ar Airteagal ... de Rialachán ..., féadfar iarratais a dhéanamh tar éis ...".
--

- 18.15.1. Mar riail ghinearálta, agus go háirithe ar chúiseanna trédhearcachta, is fearr leasuithe substainteacha den sórt sin a sheachaint. I gcás ina n-úsáidtear leasú substainteach, tá an gníomh bunúsach fós gan athrú agus maolóidh na forálacha nua ón ngníomh sa chaoi is go bhfuil an seanghníomh, atá fós i bhfeidhm, taobh leis an téacs nua a chuireann cuid d'fhorálacha an tseanghnímh as éifeacht, a athraíonn raon feidhme na bhforálacha sin nó a chuireann leo.
- 18.15.2. I gcás ina bhfuil raon feidhme an-teoranta ag leasú substainteach, tá sé inghlactha gan leasú téacsach a dhéanamh ar an ngníomh comhfhreagrach. Más leasuithe suntasacha iad na leasuithe, áfach, ní mór gníomh leasaitheach ar leith a ghlacadh.

19. MÁ S GNÍOMH É NACH É AN PHRÍOMHCHÚIS ATÁ LEIS GNÍOMH EILE A LEASÚ, IS FÉIDIR LEIS AN nGNÍOMH SIN LEASUITHE AR GHNÍOMHARTHA EILE A LEAGAN AMACH, AG AN DEIREADH, AR GNÍOMHARTHA IAD ATÁ ANN DE BHARR ATHRUITHE A THUGANN SÉ ISTEACH. I gCÁS INAR LEASUITHE SUBSTAINTEACHA IAD NA LEASUITHE IARMHARTACHA, BA CHEART GNÍOMH LEASAITHEACH AR LEITH A GHLACADH.
- 19.1. I gcásanna áirithe, déanann gníomh ina bhfuil forálacha uathrialacha an comhthéacs dlíthiúil d'aon réimse ar leith a athrú sa chaoi is gur gá gníomhartha eile lena rialaítear ábhair eile laistigh den réimse céanna a leasú. Sa mhéid gur tánaisteach amháin é an leasú i gcomparáid le príomhraon feidhme an ghnímh, níl feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i dTreoirlíne 18, ar toirmeasc é a bhaineann le forálacha substainteacha uathrialacha a chur i ngníomhartha leasaitheacha, maidir le forálacha uathrialacha agus leasaitheacha a chur taobh le taobh sa ghníomh céanna.
- 19.2. Ar aon nós, ní mór gur leasú téacsach é an leasú i gcomhréir leis an riail a leagtar amach i dTreoirlíne 18.
- 19.3. Ní mór an leasú a chur in iúl i dteideal an ghnímh ionas go mbeidh sé follasach, trí uimhir thagartha sheicheamhach an ghnímh atá le leasú a shonrú (féach pointe 8.3).

Sampla:

Treoir 92/96/CEE ón gComhairle an 10 Samhain 1992 maidir le forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le hárachas saoil díreach a chomhordú agus lena leasaítear Treoracha 79/267/CEE agus 90/619/CEE.

- 19.4. Más rud é go dtagann gníomh, nach raibh sé ceaptha é a bheith ina ghníomh leasaitheach, chun bheith le fírinne ina ghníomh leasaitheach, de bharr líon mór na bhforálacha leasaitheacha, ba cheart é a roinnt agus dhá ghníomh ar leith a dhéanamh den ghníomh sin, mar gheall ar na cúiseanna a leagtar amach i bpointí 18.3 agus 18.4.

Forálacha críochnaitheacha, aisghairmeacha agus iarscríbhinní
Treoirlínte 20, 21 agus 22

20. DÉANFAR FORÁLACHA LENA LEAGTAR SÍOS DÁTAÍ, TEORAINNEACHA AMA, EISCEACHTAÍ, MAOLUITHE AGUS SÍNTÍ, FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA (GO hÁIRITHE NA FORÁLACHA SIN A BHAINNEANN LE hÉIFEACHTAÍ AN GHNÍMH AR CHORA REATHA) AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA (TEACHT I bhFEIDHM, SPRIOC-AM MAIDIR LE TRASUÍ AGUS TRÉIMHSE AMA CHUR I bhFEIDHM AN GHNÍMH) A THARRAINGT SUAS I dtÉARMAÍ CRUINNE.

CUIRFEAR DÁTA IN IÚL ARNA SHONRÚ MAR LÁ/MÍ/BLIAIN I bhFORÁLACHA MAIDIR LE SPRIOC-AMANNA LE hAGHAIDH GNÍOMHARTHA A THRASUÍ AGUS CHUR I bhFEIDHM GNÍOMHARTHA. I gCÁS TREORACHA, CUIRFEAR NA SPRIOC-AMANNA SIN IN IÚL AR SHLÍ GO RÁTHÓFAR TRÉIMHSE LEORDHÓTHANACH LE hAGHAIDH TRASUÍ.

- 20.1. I gníomhartha dlí de chuid an Aontais, déantar idirdhealú, ag brath ar thréithe an ghnímh, idir dáta theacht i bhfeidhm agus an dáta a mbeidh éifeacht le forálacha. Ina theannta sin, is féidir le dáta chur i bhfeidhm an ghnímh a bheith éagsúil le dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh nó leis an dáta a mbeidh éifeacht le forálacha.

A. Teacht i bhfeidhm

- 20.2. Tagann gníomhartha reachtacha, de réir bhrí Airteagal 289(3) CFAE, i bhfeidhm an dáta atá sonraithe iontu nó, ina éagmais sin, an fichiú lá tar éis lá a bhfoilsithe (féach Airteagal 297(1), an tríú fomhír, CFAE). Tá an ráiteas céanna fíor maidir le gníomhartha neamhreachta áirithe (féach Airteagal 297(2), an dara fomhír, CFAE), i.e. iad siúd arna nglacadh i bhfoirm rialachán, teoracha atá dírithe chuig gach Ballstát agus cinntí nach sonraíonn cé chuige a bhfuil siad dírithe.

(a) Dáta theacht i bhfeidhm

- 20.3. Ní mór teacht i bhfeidhm an ghnímh a shocrú ar dháta sonrach nó ar dháta arna chinneadh le tagairt do dháta a fhoilsithe.

- 20.3.1. Ní féidir leis an teacht i bhfeidhm a bheith níos luaithe ná an dáta foilsithe.

- 20.3.2. Níor cheart an teacht i bhfeidhm a chinneadh le tagairt do dháta a shocrófar le gníomh eile.
- 20.3.3. Ní féidir teacht i bhfeidhm gnímh, ar bunús dlí le gníomh eile é, a chur de choinníoll ar theacht i bhfeidhm an ghnímh eile sin.
- 20.3.4. Ní féidir le haon ghníomh teacht i bhfeidhm roimh an dáta a shocrófar do theacht i bhfeidhm an ghnímh ar a bhfuil sé bunaithe.
- 20.3.5. Ní féidir teacht i bhfeidhm gnímh a chur de choinníoll ar chomhlíonadh coinníll nach féidir leis an ngnáthphobal a bheith eolach faoi.
- (b) Treoirínte maidir le dáta theacht i bhfeidhm a chinneadh
- 20.4. D'fhéadfadh cúiseanna praiticiúla nó breithnithe práinne a bheith ina mboinn chirt le gníomh a theacht i bhfeidhm roimh an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe. Is le haghaidh rialacháin is mó a d'fhéadfadh an gá sin teacht chun cinn. Bíonn feidhm ag na rialacha seo a leanas.
- 20.4.1. Caithfear forais phráinne a bheith leis an ngníomh a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe. I ngach cás, is gá a sheiceáil go bhfuil práinn cheart leis.
- 20.4.2. Caithfidh sé a bheith ina fhíoreisceacht gníomh a theacht i bhfeidhm ar lá a fhoilsithe agus caithfidh údar sáraitheach a bheith leis an ngá sáraitheach sin – chun folús dlíthiúil a sheachaint, mar shampla, nó ionas nach mbeifear i mbun amhantraíocht ina leith – atá nasctha go dlúth le cineál an ghnímh (féach pointe 20.6). Caithfear aithris shonrach a bheith sa ghníomh ina dtugtar na cúiseanna iomchuí leis an bpráinn, ach amháin sa chás go bhfuil eolas maith ar an ngnáthchleachtas cheana féin (mar shampla, i gcás rialacháin lena socraítear dleachtanna onnmhairithe nó aisíocaíochtaí allmhairithe).
- 20.5. Is é dáta foilsithe an ghnímh an dáta a chuirtear an t-eagrán den Iris Oifigiúil ina bhfoilsítear an gníomh ar fáil iarbhair don phobal sna teangacha go léir in Oifig na bhFoilseachán.
- (c) Bearta práinneacha
- 20.6. Ní mór na rialacháin sheachtainiúla agus laethúla, lena socraíonn an Coimisiún na tobhaigh onnmhairithe (agus/nó tobhaigh bhreise in earnálacha áirithe talmhaíochta), agus aisíocaíochtaí a bhaineann le trádáil le tríú tíortha, a ghlacadh chomh luath agus is féidir sula gcuirfear i bhfeidhm iad, go háirithe chun amhantraíocht a sheachaint.

- 20.7. Dá bhrí sin, an cleachtas atá ann ná go dtiocfadh na rialacháin thréimhsiúla sin i bhfeidhm lá a bhfoilsithe nó an chéad lá oibre eile dá éis sin.
- B. Gabháil éifeachta
- 20.8. Ní bhíonn dáta theacht i bhfeidhm ag teoracha, seachas iad siúd atá dírithe chuig gach Ballstát, ná ag cinntí lena sonraítear cé chuige a bhfuil siad dírithe ach gabhann éifeacht leo ar fhógra a thabhairt ina leith do na seolaithe (Airteagal 297(2), an tríú fomhír, CFAE).
- C. Dáta chur i bhfeidhm
- (a) Rialacháin a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach
- 20.9. Go heisceachtúil, agus faoi réir na gceanglas a bhaineann le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, féadfaidh éifeacht chúlghabhálach a bheith le rialachán. Cuirtear na focail "*Beidh feidhm aige ón ...*" ansin sa mhír a thagann tar éis na míre a bhaineann le teacht i bhfeidhm.
- 20.10. Chun éifeacht chúlghabhálach a chur le gníomh, is minic a úsáidtear téarmaí amhail "*don tréimhse ón ... go dtí an ...*", "*ón ... go dtí an ...*" (i gcás rialacháin maidir le taraif-chuótaí, mar shampla) nó na focail "*le héifeacht ón ...*" in airteagal seachas san airteagal deireanach.
- (b) Cur i bhfeidhm rialachán a chur siar
- 20.11. Uaireanta, déantar idirdhealú idir teacht i bhfeidhm rialacháin agus cur i bhfeidhm na socrúithe arna dtabhairt isteach leis, ar féidir iad a chur siar. D'fhéadfadh sé gurb é cuspóir an idirdhealaithe go bhféadfar go gcumasófar na comhlachtaí nua dá bhforáiltear sa rialachán a chur ar bun láithreach agus go gcumasófar don Choimisiún bearta cur chun feidhme a ghlacadh faoina gcaithfear dul i gcomhairle leis na comhlachtaí nua sin.

- 20.12. Más rud é gur gá cur i bhfeidhm cuid de rialachán a chur siar go dáta tar éis é a theacht i bhfeidhm, ní mór na forálacha lena mbaineann a shonrú go soiléir sa rialachán.

Sampla:

"Airteagal ...

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal ... ón ...".

Ní mór foirmlithe mar seo a leanas, nach féidir an dáta a dheimhniú iontu óna mbeidh an fhoráil i dtrácht infheidhme, a sheachaint:

"Gabhfaidh éifeacht leis an Airteagal seo:

- (a) tar éis comhaontú a thabhairt i gcrích idir na comhlachtaí cúitimh arna mbunú nó arna bhformheas ag na Ballstáit i leith a bhfeidhmeanna agus a n-oibleagáidí agus na nósanna imeachta um aisíoc,
- (b) ón dáta arna shocrú ag an gCoimisiún tar éis dó a dhearbhu i ndlúthchomhar leis na Ballstáit gur tugadh comhaontú den sórt sin i gcrích,

agus beidh sé infheidhme ar feadh ré iomlán an chomhaontaithe sin."

- (c) Treoracha a chur chun feidhme

- 20.13. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir dáta theacht i bhfeidhm nó dáta do ghabháil éifeachta, ar thaobh amháin, agus dáta cur i bhfeidhm, ar an taobh eile, i ngach cás ina mbeidh am de dhíth orthu siúd ar a ndírítear an gníomh a gcuid oibleagáidí faoin ngníomh a chomhlíonadh. Is fíor é sin go háirithe i gcás treoracha. Leagfar amach forálacha maidir le cur chun feidhme in airteagal a thagann roimh an airteagal a bhaineann le teacht i bhfeidhm nó, de réir mar is iomchuí, roimh an airteagal a bhaineann leo siúd chun a ndírítear an gníomh.

Sampla:

"[Glacfaidh] na Ballstáit [na bearta is gá]; [Cuirfidh] na Ballstáit [i bhfeidhm na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá] chun an Treoir seo a chomhlíonadh roimh an ... ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach."

- 20.14. Go háirithe i gcás teoracha a bheartaítear chun saorghluaiseacht earraí, daoine agus seirbhísí a áirithiú, d'fhonn cosc a chur ar bhacainní nua a chruthú de bhua difríochtaí i gcur i bhfeidhm fhorálacha na mBallstát suas go ceann na tréimhse forordaithe le haghaidh trasuí, ba cheart an dáta a shonrú óna gcaithfí forálacha náisiúnta a bheith i bhfeidhm.

Sampla:

"Faoin ... glacfaidh na Ballstáit agus foilseoidh siad na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi sin láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ..."

- D. Deireadh tréimhse chur i bhfeidhm nó bailíochta
- 20.15. Féadfar a shainiú le hairteagal, i measc na bhforálacha críochnaitheacha, cén uair a scoirfidh cur i bhfeidhm an ghnímh nó a scoirfidh an gníomh de bheith bailí.
- E. Gníomhartha neamhcheangailteacha a chur chun feidhme
- 20.16. Níl dáta do ghabháil éifeachta ná dáta cur i bhfeidhm ag gníomhartha nach bhfuil aon bhri cheangailteach leo, amhail moltaí; d'fhéadfadh sé go n-iarrfar ar na daoine sin ar a ndírítear iad éifeacht a thabhairt do na gníomhartha sin faoi dháta áirithe.

F. Rialacha a bhaineann le tréimhsí a áireamh

(a) Tosach tréimhsí a shonrú

20.17. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt go sainráite, cuirtear tús le tréimhse ag 00.00 uaire an dáta sonraithe¹⁷. Is iad seo a leanas na nathanna is coitianta a úsáidtear chun tosach tréimhse a shonrú:

- ón ... (go dtí an) ...
- le héifeacht ón ...
- gabhfaidh éifeacht le ... ar an ...
- beidh éifeacht le ... ón ...
- tiocfaidh ... i bhfeidhm an ...

(b) Deireadh tréimhsí a shonrú

20.18. Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt go sainráite, cuirtear deireadh le tréimhse ar mheán oíche an dáta sonraithe. Is iad seo a leanas na nathanna is coitianta a úsáidtear chun deireadh tréimhsí a shonrú:

- go dtí an ...
- beidh feidhm ag ... go dtí go dtiocfaidh ... , nó ... i bhfeidhm, cibé acu is túisce/luaithe
- ... ar a dhéanaí
- (ón ...) go dtí an ...
- rachaidh ... in éag an ...
- Scoirfidh ... d'fheidhm a bheith ag ... ón ...

¹⁷ Féach Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1971/1182/oj>).

21. DÉANFAR GNÍOMHARTHA AGUS FORÁLACHA A THIT AS FEIDHM A AISGHAIRM GO SAINRÁITE. MÁ GHLACTAR GNÍOMH NUA, BA CHEART AON GHNÍOMH NÓ AON FHORÁIL A AISGHAIRM GO SAINRÁITE MAR THORADH AIR SIN, AR GNÍOMH É NÓ AR FORÁIL Í A RINNEADH NEAMH-INFHEIDHME NÓ A D'ÉIRIGH IOMARCACH DE BHUA AN GHNÍOMH NUA.
- 21.1. Má mheasann an reachtóir, agus gníomh á ghlacadh, nár cheart gníomhartha nó forálacha a rinneadh roimhe a chur i bhfeidhm a thuilleadh, toisc gur thit siad as feidhm, ní mór iad a aisghairm go sainráite leis an ngníomh mar is gá de réir phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla. D'fhéadfadh go mbeadh gníomh tite as feidhm, ní hamháin mar go bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach go díreach leis na rialacha nua, ach freisin mar gur leathnaíodh raon feidhme na rialacha, mar shampla. Os a choinne sin, ní gá gníomh a aisghairm más rud é gur tháinig tréimhse an chur i bhfeidhm a sainíodh ann chun críche.
- 21.2. Tá sé intuigthe nuair a dhéantar forálacha i ngníomhartha a rinneadh roimhe a aisghairm go sainráite nach ndéantar aon fhoráil eile a aisghairm, rud a laghdaíonn an baol go mbeadh éiginnteacht ann i dtaobh an leanfaidh d'fheidhm a bheith ag rialacha a bhí i bhfeidhm roimhe sin.
22. BEIDH GNÉITHE TEICNIÚLA AN GHNÍOMH SNA IARSCRÍBHINNÍ, DÉANFAR TAGAIRTÍ AONAIR DÓIBH I dTÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN AN GHNÍOMH AGUS NACH mBEIDH AON CHEART NUA NÓ AON OIBLEAGÁID NUA I gCEIST LEO NACH BHFUIL LEAGTHA AMACH SNA TÉARMAÍ ACHTÚCHÁIN.

DÉANFAR IARSCRÍBHINNÍ A THARRAINGT SUAS I gCOMHRÉIR LE FORMÁID CHAIGHDEÁNAITHE.
- A. Iarscríbhinní sa chiall is beaichte
- 22.1. Úsáidtear iarscríbhinní sa chiall is beaichte mar mhodh chun ábhar a leagan amach ar leithligh ó chorp na dtéarmaí achtúcháin, mar gheall go bhfuil sé teicniúil nó mar gheall ar an méid nó mar gheall ar an dá chúis. Samplaí dá leithéid d'ábhair ná rialacha atá le cur i bhfeidhm ag oifigigh chustaim, dochtúirí nó tréidlianna (amhail teicnícíochtaí anailísithe ceimiceán, modhanna samplála, agus foirmeacha atá le húsáid), liostaí de tháirgí, táblaí figiúirí, pleananna agus líníochtaí etc.
- 22.2. I gcás ina bhfuil constaicí praiticiúla ar rialacha nó sonraí teicniúla a chur isteach sna téarmaí achtúcháin, is é an cleachtas a mholtar ná iad a chur isteach in iarscríbhinn. Ní mór tagairt shoiléir a bheith ann i gcónaí sa chuid iomchuí de na téarmaí achtúcháin don nasc idir na forálacha sin agus an iarscríbhinn (agus nathanna á n-úsáid amhail "atá liostaithe san Iarscríbhinn" nó "atá leagtha amach in Iarscríbhinn I").

- 22.3. Tá iarscríbhinn den sórt sin ina dlúthchuid den ghníomh, agus ní gá é sin a dhearbhu, dá bhrí sin, san fhoráil ina dtagraítear don iarscríbhinn.
- 22.4. Ní mór an focal "IARSCRÍBHINN" a chur isteach ag tús na hiarscríbhinne, agus is minic nach mbíonn gá le haon cheannteideal eile. Más rud é go bhfuil níos mó ná iarscríbhinn amháin ann, ba cheart iad a uimhriú le huimhreacha rómhánacha (I, II, III, etc.).
- 22.5. Cé nach bhfuil aon rialacha sonracha ann lena rialaítear cur i láthair iarscríbhinní, ní mór struchtúr aonfhoirmeach a chur ar na hiarscríbhinní mar sin féin agus iad a bheith foroinnte ar shlí go bhfuil an t-inneachar chomh soiléir agus is féidir, in ainneoin chomh teicniúil agus atá sé. Féadfar aon chóras iomchuí a úsáid maidir le huimhriú nó foroinnt.
- B. Gníomhartha dlí atá i gceangal le gníomhartha eile
- 22.6. Is féidir gníomhartha dlí eile a bhí i bhfeidhm roimhe a chur i gceangal le gníomh (gan a bheith "i gceangal mar iarscríbhinn") lena bhfaomhtar na gníomhartha dlí sin i gcoitinne ar an tslí sin. Is samplaí de ghníomhartha a d'fhéadfaí a leagan amach ar an tslí sin ná rialacha maidir le fochomhlachtaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta.
- 22.6.1. Maidir le gníomhartha den sórt sin atá i gceangal, go háirithe comhaontuithe idirinstiúideacha, d'fhéadfadh go mbeadh iarscríbhinní acu iad féin.
- 22.6.2. Ní chuirtear an focal "IARSCRÍBHINN" roimh ghníomhartha den sórt sin.

IARSCRÍBHINN II

Struchtúr ginearálta gnímh atá faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh

[RIALACHÁN/TREOIR/CINNEADH] [(AE)/(AE, Euratom)] [BBBB]/[U]

Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an ...

[maidir le]...

[(códú)]

[(athmhúnlú)]

[(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)]

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal ...
(agus Airteagal ...) de,

[Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus
go háirithe Airteagal ... (agus Airteagal ...) de,]

[Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,]

[Ag féachaint don tionscnamh ó/ón ... [ainmneacha na mBallstát],]

[Ag féachaint don iarraidh ón gCúirt Bhreithiúnais,]

[Ag féachaint don mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach,]

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

[Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,]

[Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais,]

[Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach,]

[Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí,]

[Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,]

[Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, [i bhfianaise an téacs chomhpháirtigh a d'fhormheas an Coiste Idir-réitigh an ...,]

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1)

(2)

(...) ...,

TAR ÉIS AN [RIALACHÁN/TREOIR/CINNEADH] SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

...

Airteagal 2

...

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

...

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

...

[IARSCRÍBHINN]